- ▶ Iarratais ar cheadúnais a phróiseáil faoi na hAchtanna um Chosaint Daoine Óga chun leanaí a fhostú atá ag obair i ngníomhaíochtaí scannánaíochta, amharclainne, fógraíochta, ealaíon nó cultúrtha.

Baintear leas as na modhanna seo a leanas chun faisnéis a sholáthar maidir le cearta fostaíochta, ceadanna fostaíochta, comhionannas agus reachtaíocht eile san áit oibre:

- ▶ An líne faisnéis *Infoline*, arna hoibriú ag Oifig Faisnéise a bhfuil taithí acu (0818 80 80 90)
- ▶ Suíomh gréasáin CCÁO (www.workplacerelations.ie)
- ▶ Cuir i láthair for-rochtana shaincheaptha do pháirtithe leasmhara.
- ▶ For-rochtain ghinearálta agus spriocdhírthe.
- ▶ Cuireann an líne faisnéise *Infoline* nuashonruithe stádais ar fáil freisin do pháirtithe maidir le gearáin a atreoraítear le haghaidh Breithnithe agus d'iaratasóirí Ceadanna Fostaíochta atá ag fanacht ar chead.

Aithníodh gur tháinig méadú ginearálta ar an chuid is mó de ghníomhaíochtaí san Aonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí in 2023 i gcomparáid le 2022 (Fíor 2). Tháinig méadú de bhreis agus 12% ar amhairc leathanaigh ar an suíomh gréasáin agus tháinig méadú 3% ar líon na nglanna teileafóin ar déileáladh leo.



Taobh amuigh de seo, tháinig méadú suntasach ar líon na gceadúnas do Gníomhaireachtaí Fostaíochta a próiseáladh (10%), ach tháinig laghdú 12% ar líon na gCeadúnas Fostaíochta do Leanaí a eisíodh. Mhéadaigh líon na ngníomhaíochtaí for-rochtana ó 34 in 2022 go 44 in 2023 chomh maith. Tháinig laghdú 1% ar líon na n-iarratas gearán a próiseáladh, mar a dtagraítear dó i bhFíor 2.


Fíor 2: Gníomhaíochtaí an Aonaid um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí: 2023

Príomhghníomhaíochtaí	2023	2022
Glaonna teileafóin ar déileáladh leo	61,800	59,700
Amhairc Leathanaigh ar an Suíomh Gréasáin	4,600,000	4,200,000
Líon na n-Iarratas Gearán a Próiseáladh	6,100	6,200
Gníomhaíochtaí For-Rochtana ¹	44	34
Líon na gCeadúnas Gníomhaireachtaí Fostaíochta a eisíodh	1,028	936
Líon na gCeadúnas Fostaíochta do Leanaí a eisíodh	632	722
Líon na leanaí ar fostaíodh iad faoi cheadúnas	1,496	1,655

Glaonna ar Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí

Mar a tharla in 2022, tá líon na nglanna teileafóin a chuirtear ar Infoline ag méadú i gcónaí, mar is ionann agus an chuid is mó de ghníomhaíochtaí an Aonaid um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí. Léirítear an méadú 3% ar líon na nglanna ar déileáladh leo in 2023 i bhFíor 2 thuas.

Fíor 3: Treochtaí Ábhair Infoline: 2023




¹ Lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail cuir i láthair, cruinnithe faisnéise, comhdhálacha agus imeachtaí.

Léirítear i bhFíor 3 na hábhair ar tugadh faisnéis do ghlaiteoirí ina leith mar chuid den tseirbhís *Infoline* in 2023. Tugadh faisnéis i ndáil le Ceadúnais Fostaíochta do 31% de na glaitheoirí, laghdú ar an 38% a bhí ann in 2022. I measc na n-ábhar coitianta eile ar déileáladh leo bhí; stádas na ngearán a cuireadh faoi bhráid CCÁO (19%), ceisteanna maidir le huaireanta oibre lena n-áirítear saoire, sosanna, obair oíche agus obair ar an Domhnach (6%) agus ceisteanna maidir le pá (6%).

Déantar miondealú ar an gcineál glaitheora ar déileáladh leo in 2023 anseo thíos. B'ionann fostaithe agus breis is trí cheathrú de na glaitheoirí ar fad. B'ionann glaitheoirí ar fostóirí iad agus beagnach 16% de ghlaonna, agus b'ionann 3% de na glaonna ar déileáladh leo agus glaonna ó chomhlachtaí ionadaíocha (fostaithe agus fostóirí).

Fíor 4: Cineál Glaitheora ar Infoline



For-rochtain agus Feachtais

Tá ról lárnach ag an Aonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí i gClár foriomlán For-rochtana CCÁO. Baintear é seo amach le cuir i láthair le grúpaí éagsúla maidir le reachtaíocht fostaíochta, lena bheith ag freastal ar thaispeántais faisnéise, le leabhráin faisnéise, bileoga agus litríocht eile a dhearadh agus a tháirgeadh, leis na meáin shóisialta, le físeáin agus leis an suíomh gréasáin a bhainistiú. In 2023, d'fhreastail CCÁO ar 44 imeacht (lena n-áirítear imeachtaí i scoileanna agus i gcoláistí, imeachtaí le comhlachtaí fiontair, imeachtaí le comhlachtaí gnó agus comhlachtaí ionadaíochta fostaithe, agus imeachtaí le comhlachtaí stáit). Méadú 30% a bhí anseo ar ghníomhaíochtaí 2022.

Reáchtáladh roinnt feachtas i rith na bliana lena n-áirítear na feachtais seo a leanas:

- ▶ méaduithe sa Phá Íosta Náisiúnta,
- ▶ cearta fostaíochta na nOibrithe Séasúracha in Éirinn (#rights4all seasons), agus
- ▶ athruithe ar Théarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta



Chomh maith leis sin, thug an fhoireann Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí tacaíocht do roinnt feachtas a rinne na Seirbhísí Cigireachta in 2023 agus é mar sprioc aici faisnéis a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe i ndáil lena n-oibleagáidí agus lena dteidíochtaí le linn na cigireachtaí.

I measc na gníomhaíochtaí for-rochtana, rinneadh comhpháirtíocht leis an gCigireacht chun tacú le feachtais arna stiúradh ag an Údarás Eorpach Saothair (ÚES). Áirítear leo sin an feachtas Road to Fair Transport ar sheol an ÚES é ar dtús in 2022, agus an feachtas EU 4 FAIR CONSTRUCTION a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Mar fhreagra ar an méadú a tháinig ar líon na gceisteanna agus na n-iarratas ar fhaisnéis maidir le cearta fostaíochta, reáchtáladh gníomhaíochtaí spriocdhírthe san earnáil oideachais chun feachtas a ardú i measc dream níos óige. Mar chuid den chur chuige seo, cruthaíodh acmhainn oideachais don seomra ranga do scoláirí meánscoile i gcomhpháirt le hOIDE, seirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ar ainmníodh í i ndiaidh an fhocail "oide", a d'úsáidí go forleathan in ionad "múinteoir" uair amháin. Thairis seo, reáchtáladh cuir i láthair agus seisiúin faisnéise i roinnt meánscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal.

Taobh amuigh de seo, tá ról na meán sóisialta ag éirí níos suntasaí ó thaobh gníomhaíochtaí for-rochtana CCÁO de, agus cabhraíonn siad le ceisteanna a threorú chuig suíomh gréasáin CCÁO. Le linn 2023, chuir CCÁO roinnt feachtas amach ar na meáin shóisialta a threoraigh 8,840 atreorú go dtí an suíomh gréasáin ó LinkedIn – méadú 155% ar 2022 (3,474 atreorú) agus 3,091 atreorú go dtí an suíomh gréasáin ó X (Twitter mar ab eol dó) – laghdú 44% ar 2022 (5,544 atreorú).



Ceadúnú

Fíor 5: Príomhghníomhaíochtaí Ceadúnaithe

Príomhghníomhaíochtaí	2023	2022
Líon na gCeadúnas Gníomhaireachtaí Fostaíochta a eisíodh	1,028	936
Líon na gCeadúnas Fostaíochta do Leanaí a eisíodh	632	722
Líon na leanaí ar fostaíodh iad faoi cheadúnas	1,496	1,655


Ceadúnú Gníomhaireachtaí Fostaíochta agus Fostaíochta Leanaí

Próiseálann CCÁO iarratais ar cheadúnais do cheadúnais gníomhaireachtaí fostaíochta agus do cheadúnais do leanaí a fhostú san earnáil ealaíon agus siamsaíochta thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Ceadúnú do Ghníomhaireachtaí Fostaíochta 2023

Ní mór do gach Gníomhaireacht Fostaíochta atá ag oibriú sa Stát ceadúnas a bheith aici leis an ngnó a oibriú. Glacann CCÁO le hiarratais Gníomhaireachtaí Fostaíochta agus déanann sé iad a phróiseáil thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus déanann sé cigireachtaí freisin chun a chinntiú go bhfuil an tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971 á chomhlíonadh ag gach Gníomhaireacht. Déantar ceadúnais Gníomhaireachtaí Fostaíochta a athnuachan ar bhonn bliantúil. Eisíodh 1,028 ceadúnas Gníomhaireachtaí Fostaíochta in 2023 faoin Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971, méadú 10% ar 2022.

Fíor 6: Ceadúnais Gníomhaireachtaí a eisíodh in 2022 agus 2023




■ 2023 ■ 2022

Ceadúnais a eisíodh chun leanaí a fhostú in 2023

Thairis seo, eisíonn CCÁO ceadúnais ar son na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena dtugtar cead d'fhostóirí a oibríonn i réimsí amhail cultúr, ealaíon, spórt nó fógraíocht, leanaí a fhostú. Leagtar amach i gceadúnais chun leanaí a fhostú coinníollacha faoina bhféadfar na leanaí a fhostú, lena rialaítear coinníollacha ginearálta fostaíochta, toiliú tuismitheoirí, maoirseacht leanaí, socruithe oideachais, agus uasmhéid na n-uaireanta oibre agus na sosanna íosta is cuí do gach leanbh nó grúpa leanaí a bhíonn fostaíthe. In 2023, eisíodh 632 ceadúnas chun fostaíocht a cheadú do 1,496 leanaí.

Fíor 7: Ceadúnais a eisíodh do Leanaí chun obair a dhéanamh i réimsí ar leith



Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe

Fíor 8: Gníomhaíochtaí na Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe 2023

Príomhghníomhaíochtaí	2023	2022
Fostóirí a nDearnadh Cigireacht orthu	4,727	3,943
Fostóirí a sháraigh oibleagáidí dlí fostaíochta	2,221	1,763
Pá Neamhíochta a Aisghabhadh (€)	€1,950,601	€1,405,126
Líon na nGearán Suntasach a Fuarthas	957	708
Líon Iomlán na gCuartheanna Cigireachta san Áit Oibre	6,519	5,820

Déanann Cigireacht CCÁO cigireachtaí san áit oibre lena chinntiú go gcomhlíonann fostóirí dlí fostaíochta an Stáit. Áirítear leis an bpróiseas cigireachta taifid fostaíochtaí a scrúdú agus agallamh a chur ar fhostóirí agus ar fhostaithe. D'fhéadfadh go ndéanfaí na cuairteanna seo a fhógairt, nó gan iad a fhógairt. Tá ceart dlí ag cigirí dul isteach in áit oibre ar bith lena gcuid oibre a chur i gcrích agus is cion coiriúil é bac a chur ar chigire nó míthreoir a thabhairt maidir le faisnéis.

Áirítear na céimeanna seo a leanas leis an bpróiseas cigireachta ar dtús:

- ▶ Iniúchadh a dhéanamh ar leabhair, ar chomhaid agus ar thaifid an fhostóra a bhaineann le fostaíocht.
- ▶ Agallamh a chur ar an bhfostóir nó ar ionadaí fhostóra.
- ▶ Agallamh a chur ar fhostaithe.

Déanfaidh cigirí teagmháil leis an bhfostóir le linn an phróisis chigireachta. Is é an sprioc a bhíonn acu ná a dhearbhu an bhfuil an dlí fostaíochta cuí á chomhlíonadh ag an bhfostóir nó mura bhfuil, agus comhlíonadh an dlí sin a fhorfheidhmiú, más gá. D'fhéadfadh go mbeadh cúiteamh do na fostaíthe cuí i gceist leis an gcomhlíonadh i bhfoirm aon neamhphá a d'eascair as sárúithe comhlíonta a aithníodh le linn an phróisis cigireachta a íoc.

D'fhéadfadh go ndéanfaí cigireachtaí in éineacht leis an nGarda Síochána agus le comhlachtaí rialála eile amhail oifigigh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim chomh maith.

Cigireachtaí in 2023

De ghnáth, bíonn gníomhaíocht chigireachta dírithe ar earnálacha inar aithníodh riosca neamhchomhlíonta, nó in earnálacha ar aithníodh neamhchomhlíonadh iontu roimhe seo, trí shonraí nó trí fhaisnéis a chuir comhlachtaí nó daoine eile (lena n-áirítear comhlachtaí eile Stáit) ar fáil nó mar fhreagairt ar ghearáin shonracha a rinneadh díreach le CCÁO a líomhnaíodh maidir le neamhchomhlíonadh fostóirí ar leith.

Tháinig 4,727 cás cigireachta chun críche san iomlán in 2023 agus braitheadh gur sháraigh 2,221 fostóir dlí fostaíochta. Bhain 6,519 cigireacht aonair san áit oibre le breis agus 7,862 sárú reachtaíochta ar leith a nochtadh.

Cé go gcomhlíonann go leor fostóirí an dlí i ndiaidh na cigireachta, ní dhéanann roinnt fostóirí amhlaidh, agus bíonn gá le gníomh forfheidhmithe ina leith. As na 125 cúiseamh ar tugadh fúthu in 2023, bhain réiteach sásúil le 111 cás.²

Is iad na roghanna forfheidhmithe eile a bhíonn ar fáil do chigirí CCÁO ná Fógraí Pionós Seasta (eisíodh 10 bhfógra in 2023) agus Fógraí Comhlíonta (eisíodh 34 fógra in 2023).

² Áirítear Cúiseamh Rathúil, Promhadh agus Síntiúis Charthanachta leis na torthaí rathúla

Fíor 9: Torthaí Forfheidhmithe 2023

Torthaí	Líon
Ciontaithe	69
Gníomh Promhaidh	35
Síntiúis Charthanachta	7
Tarraingthe siar	5
Caite amach	1
Scríosta	4
Barántas Binse Eisithe	1
Níorbh fhéidir cúiseamh a dhéanamh	3

Áirítear le cigireachtaí 2023 262 comhchigireacht le hoifigí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus 157 comhchigireacht le hoifigí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith.

Gníomhaíochtaí Cigireachta agus Torthaí de réir na nEarnálacha Fostaíochta 2023

Léirítear sonraí ghníomhaíochtaí cigireachta 2023 i bhFíor 10. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann sárúithe ar dhlí fostaíochta leis na fostóirí a ndearnadh cigireacht orthu agus d'fhéadfadh nach léiríú cuí atá ann ar an earnáil ar fad.

Comhchigireachtaí

Tá cumhachtaí fairsinge ag Cigireacht CCÁO chun faisnéis a mhalartú le comhlachtaí Stáit eile agus déanann sé comhchigireachtaí le comhlachtaí feidhmithe Stáit eile sa chás go gcuirfeadh oibríochtaí comhpháirteacha den sórt sin le héifeachtacht na gcomhlachtaí rannpháirteacha.


Áirítear 95 cigireacht a rinneadh i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána (lena n-áirítear Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána agus Seirbhís Náisiúnta Cosanta an Gharda Síochána) leis na 4,727 cigireacht a cuireadh i gcrích in 2023.



Fíor 10: Gníomhaíochtaí Cigireachta agus Torthaí de réir na n-Earnálacha Fostaíochta: 2023

Earnáil	Fostóirí a nDearnadh Cigireacht Orthu	An Líon Sáruithe	Minicíocht na Sáruithe %	Fostaithe	Pá Neamhíochta Aisghafa
Seirbhísí Cuntasaíochta & Airgeadais	18	5	28%	324	€0
Gníomhaíochtaí Teaghlach mar Fhostóirí	5	1	20%	9	€0
Riarachán & Tacaíocht	20	4	20%	2,420	€397
Fógraíocht & Margaíocht	6	1	17%	36	€0
Talmhaíocht	39	22	56%	3,237	€35,584
Na hEalaíona, an tSiamsaíocht agus an tÁineas	59	23	39%	2,058	€46,423
Gníomhaíochtaí Seirbhíse Deochanna	222	119	54%	2,769	€159,077
Foirgníocht	223	55	25%	5,560	€109,893
Seirbhísí Glantacháin ar Conradh	19	6	32%	11,497	€57,050
Oideachas	21	12	57%	334	€20,231
Seirbhísí Leictreachais ar Conradh	7	3	43%	439	€4,213
Gníomhaireachtaí Socrúcháin Fostaíochta	20	8	40%	1,997	€61,822
Gníomhaíochtaí Eachaí	11	8	73%	30	€2,474
Iascaireacht	76	25	33%	159	€25,394
Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	1,558	910	58%	18,269	€565,409
Gruaig & Áilleacht	376	218	58%	1,567	€69,995
Óstáin	123	70	57%	8,246	€105,343
Cúrsaí Sláinte & Obair Shóisialta	111	25	23%	4,467	€2,984
Faisnéis & Cumarsáid	33	10	30%	3,812	€5,301
Seirbhísí Dí	3	2	67%	9	€840
Déantúsaíocht	42	18	43%	5,195	€12,111
Próiseáil Feola	6	5	83%	495	€0
Innealtóireacht Mheicniúil Seirbhísí Tógála	9	7	78%	177	€0
Mianadóireacht & Cairéalacht	1	1	100%	12	€0
Lóistín Eile	10	5	50%	137	€7,415
Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile	182	73	40%	21,894	€82,952
Seirbhísí Poist & Seachadta	4	3	75%	115	€2,776
Seirbhísí Gairmiúla	45	18	40%	5,463	€172,495
Riarachán Poiblí	8	1	13%	632	€0
Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh	2	0	0%	3	€0
Slándáil	16	3	19%	203	€802
Iompar	48	20	42%	1,570	€9,603
Tionscnóirí Taistil agus Turas	2	1	50%	14	€1,200
Seirbhísí Tréidliachta & Sláinte Ainmhithe	9	5	56%	206	€3,619
Ollstóráil & Gníomhaíochtaí Tacaíochta	1	1	100%	21	€0
Soláthar Uisce, Séarachas & Leasúchán Dramháiola	4	4	100%	1,235	€0
Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	1,388	529	38%	28,508	€385,200
IOMLÁN	4,727	2,221	47%	133,119	€1,950,601


Fíor 11: Próifíl na gCuartheanna Cigireachta



Léirítear cúiseanna na gcuairteanna cigireachta a cuireadh i gcrích in 2023 i bhFíor 11. Is iondúil go mbaineann cleachtadh próifílithe le cuairteanna gan réamhfhogra chun tuairim a fháil maidir le stádas comhlíonta an fhostóra. Nuair a bhraitear neamhchomhlíonadh, nó má tá amhras ann go bhféadfadh neamhchomhlíonadh a bheith i gceist, d'fhéadfadh go n-oslófaí cás cigireachta iomlán. Bhí 6,519 cuairt chigireachta mar chuid de chigireachtaí iomlána ann in 2023, lena n-áirítear 88 cuairt chigireachta mar thoradh chigireachtaí san earnáil iascaireachta. Thug CCÁO cuairteanna ar áitreabh i mbliana chun an fhaisnéis a soláthraíodh mar chuid d'iarraitais ar cheadúnais fostaíochta a dhearbhu chomh maith.

Foinsí na gCásanna Cigireachta

Fíor 12: Príomhfhoinsí do Chásanna Cigireachta CCÁO



Léirítear príomhfhoinsí do chigireachtaí CCÁO a cuireadh i gcrích in 2023 i bhFíor 12 thuas. Bunaíodh formhór na gcásanna (3,024) ar mheasúnuithe riosca a rinne CCÁO. Bhí feachtais éagsúla earnála bainteach le 638 cás agus d'eascair 518 as gearáin a rinneadh leis an gCigireacht. Ar na foinsí eile bhí atreoruithe ó chomhpháirtithe amhail an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus comhlachtaí poiblí eile.



Forfheidhmiú Sibhialta na mBronntaí Breithnithe

Faoi Alt 43 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, féadfaidh fostaí, nó féadfaidh an Coimisiún thar ceann fostaí, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ag lorg ordaithe a chuirfeadh ina luí ar fhostóir cinneadh a rinne Oifigeach Breithniúcháin a chomhlíonadh. In 2023, dhéileáil Rannóg Forfheidhmithe Sibhialta CCÁO le thart ar 97 cás forfheidhmithe. I 22 cás, d'íoc an fhostóir an bronnadh breithnithe tar éis d'fhoireann forfheidhmithe CCÁO idirghabháil a dhéanamh sula raibh gá le hiarratas a dhéanamh ar ordú cúirte. Mar thoradh air seo, aisghabhadh bronntaí d'fhostaithe ar luach €128,229.

Is féidir go gcuirfeadh an dlí ar fhostóir nach gcomhlíonann ordú ón gCúirt Dúiche maidir le cinneadh ó Oifigeach Breithniúcháin faoi Alt 51 den Acht. In 2023, ciontaíodh beirt fhostóirí ar an mbonn seo agus gearradh fíneáil orthu, agus bhí ar dhuine amháin díobh íoc as na costais.

Níor éirigh le 38 iarratas ar fhorfheidhmiú sibhialta mar thoradh ar roinnt cúiseanna éagsúla. Ina measc, bhí iarratais a fuarthas a bhain le fostaí nach raibh ag trádáil níos mó, agus iarratais eile nach rabhthas in ann teagmháil a dhéanamh leis an bhfostóir ina leith, nó iarratais ina léirigh an fostaí ábhartha nárbh acmhainn dó an táille a íoc. Bhí roinnt iarratas nárbh fhéidir a fhorfheidhmiú go dlíthiúil (i.e., cigireachtaí a rinneadh faoi R.13 den Acht um Chaidreamh Tionsclaíoch 1969).

Feachtais Chigireachta

Pá Íosta Náisiúnta

Reachtáil CCÁO feachtas náisiúnta faisnéise agus cigireachta le linn R1 2023 chun teacht leis an méadú ar Phá Íosta Náisiúnta (PÍN) in 2023. Ba é sprioc an fheachtais ná feachtas i ndáil leis an méadú ar PÍN a mhúscailt agus cigireachtaí a dhéanamh ag an am céanna chun comhlíonadh leis na rátaí nua a chinntiú. Bhí an feachtas dírithe ar ghnólachtaí beaga agus meánacha go príomha ina mbíonn pá íosta náisiúnta á íoc leis an bhfoireann.

As líon iomlán 672 fostaí a ndearnadh cigireacht orthu, bhí 135 fostaí comhlíontach agus d'éirigh le 443 eile an comhlíonadh a bhaint amach mar chuid den phróiseas cigireachta. Ciontaíodh 3 fostaí agus tá an próiseas cigireachta fós idir lámha i ndáil le 72 cás eile.


Tá thart ar 19 cás ann nach féidir a chur chun cinn mar thoradh ar chúiseanna éagsúla. Áirítear leo sin líon áirithe fostaí nach bhfuil ag trádáil níos mó. Aisghabhadh pá neamhíoctha ar luach €250,230 mar chuid den fheachtas seo in 2023.

Iascaireacht Mhara Thráchtála

Lean CCÁO ar aghaidh ag cur le hiarrachtaí ilghníomhaireachta chun an Scéim um Chead d'Oibrithe Neamhghnácha a fhorfheidhmiú d'Iascairí Neamh-LEE a bhí fostaite ar árthaí iascaireachta ar leith atá cláraithe in Éirinn, a bhí ag oibriú ó Fheabhra 2016 go dtí deireadh 2022, agus fuilleach ar leith a chuaigh ar aghaidh go 2023. Chuir Cigirí CCÁO tuilleadh cigireachtaí i gcrích i rith na bliana chun fiosrú an raibh a dteidlíochtaí faoi reachtaíocht fostaíochta á bhfáil ag Iascairí Neamh-LEE agus ag fostaite ar árthaí iascaireachta tráchtála i gcoitinne nó mura raibh.

Le linn na tréimhse ó Fheabhra 2016 go dtí deireadh 2023, chuir CCÁO na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích:

- ▶ rinneadh 625 cigireacht iascaigh ar 190 ártach sa Scéim (féach ar Fhíor 13 thíos),
- ▶ cuireadh 326 cigireacht iascaigh i gcrích,
- ▶ braithheadh 412 sárú ar reachtaíocht fostaíochta in earnáil na hiascaireachta, agus
- ▶ cuireadh an dlí ar 28 úinéir árthaí iascaireachta.



Fíor 13: Cigireachtaí CCÁO ar Árthaí Iascaireachta 2016 go dtí deireadh 2023

2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	Iomlán go Dáta
142	100	87	84	34	55	35	88	625

Cigireachtaí gan réamhfhógra a bhí i gceist leis an gcuid is mó de chigireachtaí agus rinneadh iad nuair a bhí na hárthaí i gcalaífort. Bhí gá le líon íseal cigireachtaí fógartha a bhí ina gcigireachtaí leantacha ar chigireachtaí neamhfhógartha chun breithniú a dhéanamh ar thaifid bhreise.



EMPACT

Is tionscnamh slándála é EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla) atá á thiomáint ag Ballstáit an AE chun bagairtí a bhaineann le coireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach a aithint agus a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu. Glacann CCÁO páirt i laethanta comhghníomhaíochta EMPACT ina ndírítear ar dhúshaothrú an lucht saothair agus ar gháinneáil ar dhaoine, agus bíonn baint ag cigireachtaí oibreachais agus ag fórsaí póilíneachta ar fud na hEorpa leis na laethanta sin.

Ghlaic CCÁO páirt i **Seachtain Ghníomhaíochta Shlabhra Domhanda EMPACT i gcoinne Dúshaothrú Saothair** ón 8-12 Bealtaine 2023.

I measc ábhar eile, dhírigh an feachtas seo ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-íospartaigh gáinneáil ar dhaoine a aithint, cosc a chur ar shlabhraí soláthair a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh gáinneáil ar dhaoine nó dúshaothrú gnéasach, iarraidh déirce faoi éigeantas agus dúshaothrú saothair. Le linn an fheachtais seo, rinneadh chomhchigireachtaí a raibh cigirí CCÁO, agus oifigigh ó Aonad Cosanta Náisiúnta an Gharda Síochána, ó Bhiúró Náisiúnta Inimisce an Gharda Síochána agus ó na Coimisinéirí Ioncaim páirteach iontu. San iomlán, rinneadh 22 cigireacht neamhfhógartha agus braithheadh go raibh nó go bhféadadh go raibh reachtaíocht na gceart fostaíochta á sárú i gcás 17 de na fostóirí a ndearnadh cigireacht orthu. Braithheadh go raibh an tAcht um Cheadúnais Fostaíochta 2003 á shárú ag 6 fhostóir.

Bhí 7 lá Comhghníomhaíochta i gceist leis an **bhFeachtas EMPACT i gCoinne Dúshaothrú Saothair 2023** le linn na seachtaine ón 10-17 Meitheamh 2023. Bhí Cigirí CCÁO, an Roinn Coimirce Sóisialaí, na Coimisinéirí Ioncaim, agus gardaí ón Aonad Náisiúnta Cosanta agus ó Bhiúró Náisiúnta Inimisce an Gharda Síochána páirteach san fheachtas. San iomlán, cuireadh 285 cigireacht i gcrích le linn an fheachtais agus bhí sáruithe dlí fostaíochta i gceist i gcás 184 de na fostóirí (agus 399 sárú ar reachtaíocht fostaíochta ann san iomlán). Cuireadh saincheisteanna eile nach dtiteann faoi chúraimí CCÁO ar aghaidh chuig na gníomhaireachtaí ábhartha Stáit.

Mar chuid de **Laethanta Comhghníomhaíochta EMPACT i gcoinne Dúshaothrú Saothair 2023**,

rinne cigirí CCÁO cigireachtaí san Earnáil Talmhaíochta ar fud na hÉireann, le linn na seachtaine 13-20 Meán Fómhair 2023, ar fhostóirí a bhíonn ag oibriú san earnáil sin, lena n-áirítear foraoiseacht, feirmeacha torthaí agus glasraí agus feirmeacha stoc (ainmhithe agus éanlaith chlóis). San iomlán, rinneadh 14 chigireacht neamhfhógartha agus bhí dlí fostaíochta á shárú ag 9 de na fostóirí a ndearnadh cigireacht orthu (agus 13 shárú ar dhlí fostaíochta braite san iomlán).

Feachtas Tógála 2023

Ghlaic Cigireacht CCÁO agus Seirbhísí Faisnéise agus Forfheidhmithe CCÁO páirt i gcoicís ghníomhaíochta thras-Eorpach san Earnáil Tógála le linn mhí Aibreáin agus mhí Dheireadh Fómhair 2023.

Bhí na seachtainí gníomhaíochta sin i measc ghníomhaíochtaí faisnéise agus forfheidhmithe an Údaráis Eorpaigh Saothair (ÚES) san Earnáil Tógála do 2023. Ba é sprioc na seachtainí ná cigireachtaí a dhéanamh ar fhostóirí a oibríonn san Earnáil Tógála chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta agus chun faisnéis a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe i ndáil lena dteidlíochtaí agus lena gcearta. San iomlán, rinneadh 206 cigireacht, idir réamhfhógartha agus neamhfhógartha, thar na réigiúin go léir. Tacaíodh leis an bhfeachtas seo ar ardáin éagsúla CCÁO ar na Meáin Shóisialta.

Feachtas Faisnéise Oileán Árann 2023

Le linn 2023, thug Cigirí agus Oifigigh Faisnéise ó na hOifigí CCÁO in Inis agus i Sligeach faoi fheachtas faisnéise ar na hOileáin Árann amach ó chósta thiar na Gaillimhe. Tugadh cuairt ar dhá oileán mar chuid den fheachtas; Inis Bó Finne i mí Bealtaine 2023 agus an t-oileán is mó de chuid Oileán Árann, Inis Mór, i mí Mheán Fómhair 2023. An sprioc a bhí leis an bhfeachtas ná faisnéis a sholáthar d'fhostóirí maidir le reachtaíocht fostaíochta agus ceisteanna a fhreagairt i ndáil leis na hathruithe is déanaí sa reachtaíocht, lena n-áirítear an tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022 agus an tAcht um Shaoire Bhreiteachta, 2022. Toisc go mbaintear an buaicleibhéal fostaíochta amach ar Oileáin Árann i rith an ardséasúir turasóireachta ó Bhealtaine-Meán Fómhair gach bliain, chuir na fostóirí ar tugadh cuairt orthu le linn an fheachtais fáilte ghinearálta roimh an tionscadail.



Cigirí CCÁO agus comhghleacaithe ón Spáinn

Gníomhaíochtaí Thar Sáile

Le linn 2023, ghlac CCÁO páirt i seimineáir, i gcrúiníthe agus i gceardlanna arna réachtáil ag an Údarás Eorpach Saothair (ÚES). Leanann ÚES ar aghaidh ag tacú le Cigireachtaí Oibreachais sna Ballstáit le hacmhainní a fhorbairt sna réimsí cigireachta le haghaidh comhlíonta sna réimsí ina bhfuil soghluaisteacht saothair forleathan, agus chun obair neamhdhearbhaithe a bhrath agus dul i ngleic léi i gcoitinne.

Thug Cigirí CCÁO cuairt ar Údarás Oibreachais na Spáinne ón 26-28 Meán Fómhair 2023 mar chuid den Chlár Eorpach i gCoinne Obair Neamhdhearbhaithe do 2022-2023.

D'óstáil Cigireacht CCÁO toscaireacht de chuid Údarás Oibreachais na hUngáire ar an 10-11 Deireadh Fómhair 2023. Ba é sprioc na hócáide ná faisnéis, taithí agus nósanna dea-chleachtais a mhalartú idir CCÁO agus comhghleacaithe ón Ungáir i ndáil le creataí cigireachta oibreachais agus slándála sóisialta na hÉireann.



Toscaireacht d'Oifigigh Shinsearachta de chuid na hUngáire agus cuairt á tabhairt acu ar Theach Lansdún, Deireadh Fómhair 2023

4.2 | Seirbhísí Idir-réitigh, Comhairleacha agus Idirghabhála

Is é an sprioc atá ag an Rannóg Seirbhísí Idir-réitigh, Comhairleacha agus Idirghabhála (SICI) ná raon seirbhísí atá neamhchlaonta, tráthúil agus éifeachtúil a sholáthar má bhíonn cliseadh sa phlé ag an leibhéal áitiúil nó sa chás go gcreideann an Coimisiún gurbh fhéidir leis cúnaimh a thabhairt d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, agus dá bhfostaithe, chun teacht ar chomhréitigh, próisis agus/nó struchtúir chomhaontaithe chun dea-chaidreamh a fhorbairt agus a chothabháil san áit oibre agus i gcaidreamh tionsclaíoch.

Cuirtear cúnaimh idirghabhála ar fáil, ar bhonn leathan geografach, thar raon leathan saincheistanna casta a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch. Is é príomhról na seirbhísí ná cuidiú le páirtithe ceistanna na ndíospóidí a réiteach. Ní dhéanfaidh an Coimisiún idirghabháil i ndíospóidí má tá gníomhaíochtaí neamhoifigiúla idir lámha.

Idir-réiteach

In 2023, lean SICI ar aghaidh leis an ról gníomhach atá aige leis an tSeirbhís Idir-réitigh chun cuidiú le páirtithe coimhlintí dúshlánacha caidreamh tionsclaíoch a réiteach san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Bhí 654 atreorú le haghaidh idir-réitigh ann in 2023. Is méadú 17% é seo ar an mbliain roimhe.

Reáchtáladh 606 comhdháil idir-réitigh san iomlán agus tionóladh 27 de na cruinnithe sin ar ardán fíorúil.

Shocraigh an Coimisiún comhaontuithe ar fud earnálacha éagsúla sa gheilleagar, a bhfuil go leor acu san fhearann poiblí cheana féin, amhail Aerfort lathar na hÉireann, Comhlacht Chalafort Átha Cliath (ar comhlacht fostáit é), an comhlacht cógaisíochta ilnáisiúnta Teva, Applus (oibritheoir na Tástála Náisiúnta Gluaisteán), táirgeoir táirgí déiríochta Corman Miloko agus Mianaigh na Teamhrach. Chomh maith leis sin, chuir an tSeirbhís cúnaimh suntasach ar fáil d'oibreoirí sláinte agus pobail thar ghníomhaireachtaí Ailt 39 agus gníomhaireachtaí eile a sholáthraíonn seirbhísí sláinte ar son an Stáit.


I ndeireadh 2023, iarradh ar an gCoimisiún plé a éascú idir an Rialtas agus Comharchumainn/Cumainn na hEarnála Poiblí maidir le comhaontú a thiocfadh in ionad Building Momentum. Lean an plé sin ar aghaidh in 2024.

Saincheistanna san idir-réiteach

Go ginearálta, léirigh na hiarratais ar idir-réiteach gur chosúil na pátrúin agus an raon saincheistanna lena raibh ann sa dá bhliain roimhe sin. Áirítear na hábhair seo a leanas leis na saincheistanna sin:

- ▶ Saincheistanna a bhaineann le pá (43%)
- ▶ Struchtúr eagraíochtúil amhail ceistanna maidir le huainchláir, athstruchtúir, soláthar foirne, uainobair etc. (26%)
- ▶ Saincheistanna caidreamh tionsclaíoch amhail athruithe ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta, grádú, táirgiúlacht, seachfhoinsiú etc. (20%)
- ▶ Cineálacha Saoire (3%)
- ▶ Sochair amhail bónais, pá seirbhíse, pá breoiteachta, dreasachtaí foirne, costais etc. (5%)
- ▶ Saincheistanna a bhaineann le pinsean (2%)
- ▶ Iomarcaíocht (1%)

Fíor 14: Cineálacha Díospóidí a Idir-réitíodh in 2023



Tá ráta rathúlachta na Seirbhísí Idir-réitigh níos airde ná 85% fós. Bhí ról suntasach ag an bpróiseas idir-réitigh chun na díospóidí idir an dá pháirtí a mhaolú ina lán de na cásanna a cuireadh ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais. Mar thoradh air seo, beachtaíodh líon na gceisteanna ar theastaigh sainmholadh ón gCúirt Oibreachais ina leith.

Comhairleach

Oibríonn an tSeirbhís Chomhairleach le fostóirí, le fostaithe agus lena n-ionadaithe i gcásanna nach díospóidí iad go príomha, chun dea-chleachtais, nósanna imeachta agus struchtúir éifeachtúla sa chaidreamh tionsclaíoch, a fheilfidh go maith do riachtanais na bpáirtithe, a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá an tSeirbhís Chomhairleach neamhspleách, neamhchlaonta agus tá taithí ag an bhfoireann le cleachtais agus le teoiric caidreamh tionsclaíoch. Déanfaidh CCÁO plé le páirtithe chun cúnamh a chur in oiriúint do shainriachtanais láithreacha oibre éagsúla. Bíonn an cúnamh seo faoi rún agus bíonn sé saor in aisce. Cuidíonn an tSeirbhís le fostóirí agus le fostaithe chun dea-chaidreamh oibre a chruthú agus a chothabháil agus oibrítear leo chun meicníochtaí agus cleachtais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach ar bhonn leanúnach.

Ar an gcéad dul síos, déantar mionmheasúnú ar an áit oibre chun fadhbanna sna réimsí caidreamh tionsclaíoch agus caidreamh oibre a aithint. Déantar moltaí bunaithe ar an measúnú seo agus cuirtear béim ar chleachtais agus nósanna imeachta a fheabhsú agus ar chaidreamh a fhorbairt. Oibríonn an tSeirbhís leis na páirtithe ar fad i ndiaidh an mheasúnuithe go hiondúil chun na moltaí ar fad a chur i bhfeidhm.

Le linn 2023, lean an tSeirbhís Chomhairleach ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí a raibh a gcuid measúnuithe curtha i gcrích, chun na próisis, nósanna imeachta agus struchtúir chumarsáide fheabhsaithe a chur i bhfeidhm.

Cóid Chleachtais

Bíonn Cóid Chleachtais á bhforbairt ag CCÁO le bheith ina dtreoir agus ina léiriú ar an méid a shamhlaítear de dhea-chleachtas sa chaidreamh tionsclaíoch. Mar fhreagra ar iarratas ón Aire Stáit le haghaidh Gnó, Fostaíochta agus Miondíola i mí an Mheithimh 2023, d'fhógair CCÁO an plean a bhí beartaithe aige chun Cóid Cleachtais a chruthú bunaithe ar Chearta an Duine chun Cianobair nó Obair Sholúbtha a iarraidh de réir mar a fhoráiltear dóibh faoin Acht um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023. Leagfaí na riachtanais d'fhostóirí agus d'fhostaithe amach sa chód seo maidir le hiarratais ar obair sholúbtha agus ar chianobair a dhéanamh agus a mheas. Fuair CCÁO breis agus 50 iarratas mar thoradh ar chomhairliúchán poiblí a rinneadh faoin gCód molta. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Cód go luath in 2024.

Forbairt Faisnéise agus For-rochtain

Mar chuid dá seirbhísí for-rochtana, cuireann an rannóg SICI traenáil ar fáil ar réimse gnéithe a bhaineann le caidreamh oibre, lena n-áirítear nósanna imeachta san áit oibre agus cumarsáid agus dínit san áit oibre, agus ar sheirbhísí CCÁO amhail próisis idirghabhála, breithnithe agus idir-réitigh. Is í sprioc na seirbhíse ná cabhrú le heagraíochtaí dea-chaidreamh oibre a chruthú san áit oibre agus tuiscint mhaith a fháil ar choimhlint san áit oibre a chosc agus ar mheicníochtaí chun díospóidí a réiteach. Is féidir tionscnaimh thraenála a oiriúnú de réir riachtanais gach comhlachta. Tháinig borradh ar an éileamh ar an tseirbhís seo arís agus reáchtáladh 22 ceardlann in 2023, méadú 10% ar 2022.

Idirghabháil

Cuireann CCÁO dhá shainchineál idirghabhála ar fáil: idirghabháil réamh-bhreithnithe agus idirghabháil san áit oibre.


Idirghabháil Réamh-Bhreithnithe

Cuirtear idirghabháil réamh-bhreithnithe ar fáil do ghearán ar bith a atreoraítear chuig an tSeirbhís Bhreithnithe má aontaíonn an dá pháirtí chun bheith páirteach agus má tá an tArd-Stiúrthóir den tuairim gur féidir an t-ábhar a réiteach le hidirghabháil³. An buntáiste a bhaineann leis an gcur chuige seo ná go ligean sé do na páirtithe teagmháil a dhéanamh lena chéile agus réiteach a aimsiú ar an ngearán nó ar an díospóid ar bhealach rúnda neamhfhoirmiúil, agus neart iomlán acu ar thoradh na hidirghabhála. Thairis sin, laghdaíonn sé an t-am agus an costas a bhaineann le cás a ullmhú agus a thabhairt ar aghaidh chuig éisteacht bhreithnithe iomlán. Bíonn deis ag na páirtithe teacht ar chomhréiteach a fheilfidh dá riachtanais agus d'fhéadfadh go mbeadh níos mó solúbthachta ann ó thaobh réitigh de i gcomparáid lena mbeadh ar fáil ag breithniú. Bíonn comhaontú idirghabhála rúnda agus ceangailteach ó thaobh an dlí de do na páirtithe faoi réir Alt 39 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015.

Féadfar idirghabháil a dhéanamh duine le duine, ar ríomhphost agus ar an bhfón, nó go fíorúil, ag brath ar chastacht agus ar chúinsí an cháis agus ar thoilteanas na bpáirtithe éagsúla i leith na hidirghabhála.


Reáchtáladh 127 idirghabháil sa bhreis in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Is ionann sin agus méadú 19% ar idirghabháil i gcomparáid le 2022 agus 57% i gcomparáid le 2021.

Fíor 15: Idirghabháil in 2023 i gcomparáid le 2022 agus le 2021



3 Gan gearáin aonair faoi Alt 13 den Acht um Chaidreamh Tionsclaíoch 1969 nó faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 a áireamh

Fíor 16: Idirghabháil de réir Modh Soláthartha agus Rátaí Réitigh (2023 v 2022)



Ba é an ráta réitigh le haghaidh idirghabhála ar an bhfón ná 75% in 2023, méadú ar an 53% a bhí ann in 2022. Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán ina raibh idirghabhálaithe fón ag déileáil le cásanna cearta fostaíochta amháin, gan gearáin maidir le dífhostú éagórach a bheith san áireamh. Ba é an ráta réitigh le haghaidh idirghabháil duine le duine (ar an láthair agus go fíorúil le chéile) ná 52%, méadú ar 44% mar a bhí ann anuraidh. Déantar foráil chun idirghabháil duine le duine a sholáthar i ngach cás comhionannais, i gcás gearáin ar bith a ndéantar faoin reachtaíocht maidir le dífhostú éagórach, agus i gcás ar bith eile a bhfuil cúinsí casta ag gabháil leis.

Reáchtáladh 559 idirghabháil duine le duine in 2023, méadú 302% ar 2022.

San iomlán, bhí 1,026 sainghearáin ann a bhí le hatreorú chuig an gcéim bhreithnithe ach a réitíodh le hidirghabháil gan dul in iontaoibh éisteachta.

Cuirtear idirghabháil fhíorúil ar fáil do pháirtithe i gcúinsí eisceachtúla anois, nuair a bhíonn freastal réasúnta de dhíth ar pháirtí amháin nó níos mó, nó nuair a bhíonn páirtí amháin nó níos mó lasmuigh den dlínse. Laghdaigh líon na gcásanna idirghabhála a reáchtáladh go fíorúil in 2023 go 71, ó 212 mar a bhí ann sa bhliain roimhe sin.

Iarratas Déanach ar Idirghabháil

Tá seirbhís “iarratas déanach” ar idirghabháil á cur ar fáil ag an gCoimisiún ar bhonn trialach ó Mheán Fómhair 2022 i leith. Is é an sprioc leis an tseirbhís sin ná seirbhís eadrána a chur ar fáil do pháirtithe a bhfuil éisteacht bhreithnithe ag druidim leo, gan an éisteacht atá beartaithe a chur ar athlá. Dá bhrí seo, mura n-éiríonn leis an idirghabháil; rachaidh an éisteacht bhreithnithe ar aghaidh mar a bhí beartaithe. Laghdaíonn sé seo an tionchar a bhíonn ar an gCoimisiún ó thaobh ama agus acmhainní de nuair a chuirtear éisteachtaí ar athlá agus nuair a bhíonn gá le dáta nua a shocrú don éisteacht; agus cuirtear seirbhís thráthúil ar fáil don dá pháirtí gan moill bhreise a chur leis an bpróiseas. Bíonn teorainneacha leis an tseirbhís. Mar shampla; cathain a dhéantar an t-iarratas ar idirghabháil agus an méid ama idir sin agus an dáta éisteachta, má bhíonn an dá pháirtí ar fáil nó mura mbíonn, má bhíonn idirghabhálaí ar fáil má tá éileamh ar idirghabhálaí, agus má theip ar na páirtithe an cheist a réiteach in idirghabháil a bhí á héascú ag CCÁO roimhe sin. Cuirtear idirghabháil ar fáil duine le duine, nó go fíorúil ar ardán físchomhdhála CCÁO.

Ba í an bhliain 2023 an chéad bhliain iomlán ina raibh iarratas déanach ar idirghabháil ar fáil do pháirtithe. San iomlán, fuarthas 65 iarratas agus reáchtáladh 42 idirghabháil roimh na héisteachtaí a bhí beartaithe agus ráta réitigh 52% ag gabháil leo. Reáchtáladh 15 idirghabháil duine le duine san iomlán; reáchtáladh 18 acu go fíorúil agus éascaíodh 9 n-idirghabháil ar an bhfón nó ar ríomhphost.

I 77% de na cásanna ba é an Freagróir a rinne iarratas ar idirghabháil. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh leis an tseirbhís seo a sholáthar le linn 2024 agus leanfar ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar luach na seirbhíse i gcomhthéacs na seirbhíse idirghabhála i gcoitinne agus i ndáil le buntáistí intomhaiste a chuideoidh le CCÁO a spriocanna a bhaint amach.

Idirghabháil san Áit Oibre

Cuireann idirghabháil san áit oibre réiteach tráthúil, rúnda agus éifeachtúil ar fáil le haghaidh coimhlintí, díospóidí agus easaontuithe san áit oibre de réir mar is gá. Go hiondúil, freastalaítear ar dhíospóidí idir dhaoine aonair nó líon beag oibrithe leis an tseirbhís seo. D'fhéadfadh le hidirghabháil san áit oibre a bheidh cabhrach i gcásanna amhail na cásanna seo a leanas: easaontas idirphearsanta, coimhlintí agus deacrachtaí idir chomhghleacaithe a bhíonn ag obair le chéile, cliseadh ar chaidreamh oibre, agus saincheisteanna a eascraíonn as gearán agus as nós imeachta smachtaithe, go háirithe sula ndéantar ceist smachtaithe den ábhar. Mhéadaigh an t-éileamh ar idirghabháil san áit oibre arís in 2023 agus 110 iarratas ar idirghabháil san iomlán ann. Is fiú a thabhairt faoi deara go ndéantar measúnú ar gach atreorú agus go meastar nach mbíonn go leor acu feiliúnach don phróiseas idirghabhála. I roinnt cásanna mar seo, cuirtear an t-ábhar ar aghaidh chuig seirbhísí eile CCÁO. I mbliana, cuireadh 34 atreorú san iomlán ar aghaidh chuig an bpróiseas idirghabhála san áit oibre.

Éascú

Is cuid lárnach d'obair SICI í cúnamh a chur ar fáil trí phlé a éascú. Áirítear leis an obair sin cainteanna san Earnáil Phoiblí a éascú, cathaoirleacht a dhéanamh ar Ghrúpaí Maoirseachta laistigh de Chreat Comhaontuithe na hEarnála Poiblí, agus Cathaoirligh a sholáthar d'fhóiraim idirbheartaíochta eile amhail Comhchoiste Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte, Comhairle Idir-réitigh na Múinteoirí agus raon Comhchomhairlí Tionsclaíocha amhail Coistí Tógála agus Leictreachais, agus Comhchoistí Oibreachais amhail an tSeirbhís Luathbhlianta. Chuige sin, rinne Oifigigh Idir-réitigh cathaoirleacht ar 184 cruinniú in 2023.



4.3 | Breithniú

Feidhm


Déanann an tSeirbhís Bhreithnithe iniúchadh ar dhíospóidí, ar ghearáin agus ar éilimh a dhéanann daoine aonair agus grúpaí faoin reachtaíocht um fhostaíocht, chomhionannais agus stádas comhionann. Léirítear an reachtaíocht faoinar féidir gearáin a dhéanamh in Aguisín 5.

Foilsítear gach Cinneadh agus Moladh ar shuíomh gréasáin CCÁO. Go hiondúil, ainmnítear na páirtithe, seachas i gcás díospóidí Caidreamh Tionsclaíoch ina ndéantar ainmneacha na bpáirtithe anaithnid, nó sa chás go gcinneann an tOifigeach Breithniúcháin go bhfuil “cúinsí speisialta” ann a thugann cúis bhaíl chun páirtí nó páirtithe a choinneáil anaithnid.

Gearáin a Fuarthas 2023

I gcaitheamh na bliana 2023, fuarthas 6,172 larratas ar Ghearáin thar cheann 14,158 gearán aonair. Is ionann é seo agus 2 shainghearán/ ghearáin aonair in aghaidh an iarratais ar ghearáin. Caithfear na hiarratais seo ar fad a phróiseáil, a bhainistiú, éisteacht leo agus iad a mheas chun cinneadh a dhéanamh an mbeidh gá lena gcur ar aghaidh chuig éisteacht iomlán nó mura mbeidh. Cé go bhfuil laghdú beag 1% tar éis teacht ar líon na n-larratas ar Ghearáin i gcomparáid le 2022 (6,263), tá méadú 11% tagtha ar líon na sainghearán/na ngearán aonair (12,790) toisc gur féidir le Gearánach níos mó ná gearán amháin a dhéanamh ar larratas Gearáin.

Fíor 17: Líon Iomlán na nLarratas Gearán agus na nGearán Sonracha a fuarthas in aghaidh na Míosa 2023 v 2022



Ilghearáin

Fuair an Rannóg Bhreithniúcháin grúpaí gearán (ilghearáin) go fóill, ina luaitear an freagróir céanna.

As na 6,172 iarratas ar ghearáin a fuarthas ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023, bhain 4% (271) de na hiarratais le hilghearáin, laghdú suntasach ar ilghearáin i gcomparáid le 2022. Fuarthas na hiarratais seo i ndáil leis na hearnálacha Miondíola, Sláinte, Iompair agus Déantúsaíochta i measc eile. Baineann 50% de na cásanna Breithniúcháin atá idir lámha le hilghearáin. Chun na gearáin sin a chur chun cinn, oibríonn an Rannóg Bhreithniúcháin leis na páirtithe agus leis na hionadaithe chun cásanna a bheadh feiliúnach mar chásanna “tástála” a aithint.

Cuirtear líon suntasach cásanna “tástála” – 60% de na hilghearáin idir lámha – ar aghaidh chuig cúirteanna níos airde le haghaidh achomhairc bunaithe ar phointí dlí agus, mar thoradh, ní féidir le CCÁO iad a chur chun cinn a thuilleadh ag an bpointe sin.

Cruthaítear ualach suntasach oibre riaracháin do CCÁO nuair a chuirtear foirmeacha ilghearáin isteach a comhlánaíodh de láimh. Moltar go mór an fhoirm leictreonach ar líne a úsáid, go háirithe le haghaidh ilghearán. I rith na bliana, d’úsáid 80% de dhaoine a rinne gearán an fhoirm ghearán ar líne.


Miondealú Gearán

Sainghearáin de réir Cineál Gearáin


As na 14,158 gearán aonair a fuarthas, bhain 26% (3,662) gearán le Pá agus ba é sin an cineál gearáin ba choitianta. Ba é an cineál gearáin ba choitianta ina dhiaidh sin ná Dífhostú Éagórach, 13% (1,875), sin méadú suntasach 21% ar 2022. D’fhan líon na gcásanna a bhain le Leithcheal, Comhionannas agus Stádas Comhionann mar a bhí roimhe seo ag 13% (1,817). Bhain 71% de na cásanna sin le Comhionannas Fostaíochta, 27% le Stádas Comhionann agus 2% leis an Acht um Pinsin. Bhain 11% le hUaireanta Oibre (1,554), arb ionann é agus méadú 6% ar an mbliain roimhe, agus bhain 10% le Téarmaí Fostaíochta, a raibh méadú suntasach 13% le feiceáil ina leith. Bhain 8% de na cásanna le hAighnis Cheirde (1,104), laghdú 6% ar an mbliain roimhe.

D’aithin CCÁO gur tháinig méadú suntasach ar líon na ngearán faoi Sceideal 2 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus méadú 201% ann i gcomparáid le 2022.

Fíor 18: Gearáin Shonracha de réir Cineál Gearáin



Fíor 19: Éisteachtaí de réir na Míosa 2023



Éisteachtaí

Éisteachtaí Sceidealaithe

Lean CCÁO ar aghaidh le héisteachtaí a réachtáil ar an láthair (70% ar an meán) agus go fíorúil ar an ardán WebEx (30% ar an meán).

Reachtáil CCÁO 13% éisteachtaí breise in 2023 ná mar a réachtáladh in 2022. Chuige seo, tairgeadh éisteacht do na 8,550 comhad breithnithe a bhfuil gearán aonair nó ilghearán iontu in 2023. B'ionann é sin agus 170 tairgeadh éisteachta in aghaidh na seachtaine ar an meán. Cuireadh 18% (1,539) de na héisteachtaí sin ar athlá de réir iarratas na bpáirtithe agus tarraingíodh 8% (699) siar roimh lá na héisteachta. Chuir CCÁO éisteachtaí eile ar ceal ar bhonn cúinsí éagsúla, lena n-áirítear socraíochtaí a rinneadh ar lá na héisteachta.

Tá sé tugtha faoi deara ag CCÁO go bhfuil níos mó ama anois ag teastáil chun éisteachtaí a chur i gcrích agus go mbíonn laethanta breise ag teastáil mar thoradh ar chásanna casta agus an riachtanas maidir le dearbhú fianaise faoi mhionn, croscheistiú faoi mhionn agus atráthanna.

Seachas ilghearáin nó gearáin nach féidir a chur chun cinn a thuilleadh fad is atáthar ag fanacht ar dhearbhu áirithe dlí i gCúirt níos airde, tairgeadh éisteacht do na comhaid bhreithnithe ar fad a cuireadh ar aghaidh chuig an Rannóg Bhreithniúcháin roimh 2023 (sa chás nár chuir cúinsí seachtracha nó breithnithe/cinntí maidir le hachomhairc moill ar chúrsaí).

Éisteachtaí a Réachtáladh

Cuireadh 4,765 éisteacht bhreithnithe i gcrích san iomlán sa tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2023 – méadú 12% (4,253) ar líon na n-éisteachtaí a cuireadh i gcrích in 2022. Mar a luadh roimhe seo, d'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt laethanta chun éisteachtaí a chur i gcrích.

Ateangairí

I roinnt cásanna, bíonn sé riachtanach ateangaire a bheith i láthair le go mbeidh an tOifigeach Breithniúcháin in ann a gearán a chloisteáil agus le cinntiú go bhfuil cumarsáid leordhóthanach idir an Finné agus an tOifigeach Breithniúcháin. Le linn 2023, d'fhreagair CCÁO 529 iarratas ar ateangairí. Ba mhéadú suntasach é seo; méadú 48% (358) ar 2022.

Iarratais ar Atráth

I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh go gcaithfeadh páirtí ar leith iarratas a dhéanamh go gcuirfí an éisteacht a bhí sceidealaithe ar athlá. D'fhéadfadh go gcuirfeadh sé isteach ar an bpáirtí eile agus ar úsáid éifeachtach and éifeachtúil acmhainní CCÁO má chuirtear cás ar atráth. Chuige sin, caitear le gach iarratas ar atráth go cúramach agus aird á tabhairt mar is cuí ar chearta na bpáirtithe ar nósanna imeachta cothroma agus ar dheifir réasúnta maidir le héisteacht le gearán atá sceidealaithe.

Bíonn gach iarratas ar chás a chur siar/a chur ar atráth faoi réir na tástála “cúinsí eisceachtúla agus cúiseanna leordhóthanacha”. Má chomhlíonann iarratais na critéir a ghabhann le Próiseas Atrátha 1, agus má chuirtear dearbhú comhaontaithe an pháirtí eile leis an iarratas ar atráth i bhfoirm scríbhinn, bíonn an cás simplí agus ceadaítear na hiarratais go hiondúil. Ní chheadaítear iarratais faoi Phróiseas Atrátha 2, a bhféachtar orthu i gcomhthéacs na tástála “cúinsí eisceachtúla agus cúiseanna leordhóthanacha”, go hiondúil, ach amháin má sholáthraítear fianaise chuí i gcomhar leis an bhfoirm atrátha chomhlíonta agus má éiríonn leis an gcás téarmaí na tástála a chomhlíonadh. Bíonn gach iarratas ar atráth faoi rogha CCÁO.

Tháinig méadú 9% ar líon na n-iarratas ar atráth agus agóidí i gcoinne éisteachtaí fíorúla a fuarthas in 2023 (2,835 iarratas) i gcomparáid le hiarratais 2022 (2,595). Ba é an chúis ba choitianta le hatráth ná an tlonadaí gan a bheith ar fáil 15% (434), arb ionann é agus méadú suntasach 28% ar an mbliain roimhe. Ba í an chúis ba choitianta ina dhiaidh sin ná an Finné gan a bheith ar fáil, mar a bhí ann i gcás 12% de na cásanna ar atráth (337), arb ionann é agus méadú 108% ar an mbliain roimhe. Bhain an fuilleach le tinneas nó le saoire réamhshocraithe. D'aithin CCÁO méadú suntasach 37% faoi Phróiseas 1 den pholasaí atrátha, i gcomparáid le 2022. Ceadaíodh 63% (1,801) de na hiarratais a fuarthas.

Próiseas Atrátha 1

Tá athbhreithniú déanta ag CCÁO ar an bPróiseas Atrátha le héifeacht ó 1 Eanáir 2024. Mar thoradh, ní féidir iarratas faoi Phróiseas Atrátha 1 a dhéanamh níos déanaí ná 10 lá oibre ón dáta a eisítear an fógra éisteachta. Cuireann sé seo cúig lá bhreise ar fáil i gcomparáid lena raibh ann in 2023.

Ní mór iarratais faoi Phróiseas Atrátha 1 a chur isteach i gcomhar le dearbhú comhaontuithe i scríbhinn an pháirtí eile sa ghearán. Má dhéantar amhlaidh, ceadófar an t-iarratas go huathoibríoch.

Cé go mbíonn gá le hiarratais ar atráth ar chúinsí éagsúla, cruthaíonn siad tuilleadh oibre do CCÁO agus bíonn moill leis an éisteacht a chur i gcrích dá mbarr.

Próiseas Atrátha 2

Ní mór do pháirtithe faoi Phróiseas Atrátha 2 faisnéis bhreise agus cáipéisí tacaíochta a chur isteach. Bíonn gá le tuilleadh acmhainní CCÁO freisin i ndáil le cinntí a dhéanamh agus is minic go gcailltear dátaí éisteachta mar gheall ar iarratais dhéanacha nach féidir cás eile a chur isteach ina n-ionad.

Cinntí

Eisíodh beagnach 3,000 (2,951) Cinneadh agus Moladh in 2023 i ndáil le 6,385 gearán aonair. Is ionann seo agus méadú leantach 50% (1,968) ar an méid a eisíodh in 2022.

Leagtar roinnt cinntí suntasacha CCÁO amach in Aguisín 3.

Gearáin tugtha chun Críche

Thóg CCÁO beagnach 15,000 gearán aonair chun críche in 2023 (14,985). D'fhéadfadh go mbeadh baint ag cuid acu seo le gearáin a fuarthas sna blianta roimhe sin. Bíonn ualach mór oibre ar an bhfoireann riaracháin chun na gearáin seo a phróiseáil, a bhainistiú agus a thabhairt chun críche.

Ba é an toradh ba choitianta ná gearáin ar tarraingíodh siar iad roimh, i rith agus i ndiaidh Breithnithe nó Idirghabhála; 51% (7,623).

Atreoruithe faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2018

In 2023, fuarthas 428 atreorú faoin Acht um Stádas Comhionann 2000 go 2018, agus 733 foras sonrach á lua iontu, toisc gur féidir níos mó ná aon fhoras amháin a dhéanamh maidir le leithcheal ar ghearán aonair. Cé gur laghdú 15% (506) a bhí anseo ar líon na n-atreoruithe a fuarthas in 2022, ní raibh ach laghdú íseal ar na forais shonracha a luadh (2%) i gcomparáid le 2022.

Laistigh de na hatreoruithe ar an iomlán, tháinig méadú ar ocht gcinn de na deich bhforas a bhforáiltear dóibh sa reachtaíocht. Ba iad atreoruithe a rinneadh ar fhoras míchumais na hatreoruithe ab airde a fuarthas le trí bliana anuas. B'ionann iad agus 23% (170) de na hatreoruithe a fuarthas in 2023. Ba iad na forais ar tháinig an méadú is mó orthu ná Inscne (33%) agus Stádas Teaghlaigh (28%).

Fíor 20: Forais um Stádas Comhionann

Foras faoinar féidir gearán a atreorú	2022	2023	% Difríocht
Aois	35	37	+6%
Stádas Sibhialta	37	38	+3%
Míchumas	157	170	+8%
Stádas Teaghlaigh	53	68	+28%
Inscne	49	65	+33%
Stádas mar bhall den Lucht Siúil	150	132	-12%
Cine	133	105	-21%
Creideamh	25	30	+20%
Gnéaschlaonadh	12	15	+25%
Cóiríocht	97	73	+25%
Iomlán	748	733	-2%

Atreoruithe faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2021

In 2023, atreoraíodh 1,045 gearán faoin reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta agus luadh 1,458 sain-fhoras leithcheala iontu. Is laghdú 15% é sin ar atreoruithe faoin reachtaíocht i gcomparáid le 2022 (1,235), tráth inar luadh 1,677 sain-fhoras. Cé go ndearnadh 1,045 atreorú faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, luadh 1,458 sain-fhoras toisc gur féidir le gearánaigh níos mó ná aon fhoras leithcheala amháin a roghnú.


Rinneadh an chuid is mó de na hatreoruithe faoi fhoras Míchumais (331). Ba é an foras ba choitianta ina dhiaidh sin ná Inscne (322), ach tugadh méadú suntasach 135% faoi deara i ndáil le Gnéaschlaonadh agus Cine mar fhoras, agus méadú 64% ann ó 2022. Is iad Inscne, Míchumas agus Cine na trí fhoras is mó a luaitear in sna hatreoruithe chuig CCÁO.

Tháinig laghdú suntasach 66% ar líon na n-atreoruithe a rinneadh faoi fhoras Aoise agus laghdú 31% ar atreoruithe inar luadh Stádas mar Bhall den Lucht Siúil mar fhoras.

Fíor 21: Miondealú ar Ghearáin Shonracha de réir Forais

Miondealú de réir Forais	2022	2023	% Difríocht
Aois	514	176	-66%
Stádas Sibhialta	65	55	-15%
Míchumas	349	331	-5%
Stádas Teaghlaigh	183	183	0%
Inscne	286	322	13%
Stádas mar bhall den Lucht Siúil	26	18	-31%
Cine	166	272	64%
Creideamh	65	47	-28%
Gnéaschlaonadh	23	54	135%
Iomlán	1677	1458	-13%

Fíor 22: Atreoruithe a fuarthas faoin Acht um Pinsin, 1990



Atreoruithe a fuarthas faoin Acht um Pinsin, 1990

In 2023, fuarthas thart ar 32 atreorú faoin Acht um Pinsin, 1990, figiúir arb ionann é agus laghdú 26% ar líon na n-atreoruithe a fuarthas in 2022 (43).

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Le linn 2023, ghlac an fhoireann Bhreithnithe páirt i roinnt cruinnithe déthaobhacha le príomhghrúpaí páirtithe leasmhara agus chuir sí traenáil shaincheaptha ar fáil mar chuid dá tiomantas do fheabhsú leanúnach seirbhísí.


Cinntí na Cúirte Oibreachais i ndáil le hAchomhairc CCÁO

I gcaitheamh na bliana 2023, fuair CCÁO 6,172 larratas Gearáin thar ceann 14,158 Sain-ghearán. Cuireadh CCÁO ar an eolas mar gheall ar 324 cinneadh a d’eisigh an Chúirt Oibreachais in 2023 a bhain le hachomhairc i leith Chinntí/Mholtaí Oifigigh Bhreithnithe CCÁO. I gcomhthéacs líon iomlán na ngearán a dhéantar le CCÁO, tá líon na n-achomharc chuig an gCúirt Oibreachais íseal.

Cuireadh thart ar 11% de na 2,951 Cinneadh/Moladh a d’eisigh CCÁO in 2023 ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais le haghaidh achomhairc. Seasadh le 54% (176) díobh sin, leasaíodh 22% (68) díobh, cuireadh 23% (75) díobh ar ceal agus bhí an fuilleach as am.



Fíor 23: Torthaí na Cúirte Oibreachais



Torthaí na Cúirte Oibreachais	2018	%	2019	%	2020	%	2021	%	2022	%	2023	%
Cinntí a eisíodh	372		383		142		275		310		324	
Cinntí ar seasadh leo	179	48%	171	45%	69	49%	171	62%	166	53%	176	54%
Cinntí a leasaíodh / athraíodh	88	24%	110	29%	30	21%	47	17%	70	23%	68	22%
Cinntí a cuireadh ar ceal	99	26%	81	21%	33	23%	50	18%	68	22%	75	23%
Cinntí ar theip orthu: Teorainneacha Ama/Dlínse/Eile	6	2%	21	5%	10	7%	7	3%	6	2%	5	1%

4.4 | An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Digiteacha

Rialachas

Ní mór do CCÁO a chinntiú go gcuirtear a ghníomhaíochtaí agus a acmhainní i bhfeidhm ar an modh is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir, de réir riachtanais rialachais. Áirítear leis sin monatóireacht rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir na bpleananna gnó, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an timpeallacht riosca agus gníomh a dhéanamh chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú de réir mar is gá.

Tugann an Rannóg tacaíocht do CCÁO i bhfoirm príomhacmhainní agus áiseanna chun cuidiú leis a phríomhspríocanna a bhaint amach. Tá an Rannóg freagrach as rialachas corparáideach, buiséid, planáil ghnó, bainistiú rioscaí agus faisnéise, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáid, teagmháil a dhéanamh le haonad Acmhainní Daonna na Rannóige maidir le soláthar foirne CCÁO, tacú le hobair na Rannóg éagsúla, bainistiú airgeadais agus áiseanna a sholáthar thar gach láthair oibre de chuid CCÁO agus tacaíocht riaracháin a sholáthar don Bhord agus don Ard-Stiúrthóir.

Acmhainní Daonn

Tacaíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha leis an bhfoireann chun príomhspríocanna CCÁO a sheachadadh.

Tháinig athrú suntasach ar sholáthar foirne CCÁO i rith na bliana maidir le hoibrithe a d'ímigh ar scor, oibrithe a d'aistrigh go róil eile agus arduithe céime; cuireadh 41 oibrí nua le foireann CCÁO i gcaitheamh na bliana san iomlán agus d'fhág 43 oibrí CCÁO.

Cuireadh comhaontú foirmiúil maidir leis an obair chumaisc i bhfeidhm thar CCÁO i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2022. Lena chinntiú gur féidir leis an bhfoireann leas a bhaint as na deiseanna sin, déanann CCÁO monatóireacht leanúnach ar aschur ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de chun na patrúin oibre is fearr a oireann dá oibleagáidí seachadta seirbhíse a aithint. Seachas baill foirne allamuigh a oibríonn ar shiúl ón oifig cuid mhaith den am, freastalaíonn foireann CCÁO ar an oifig trí lá sa tseachtain ar a laghad agus i gcuid mhaith cásanna ceithre agus cúig lá sa tseachtain.

Tá an patrún tinrimh ag teastáil chun tacú le riachtanais straitéiseacha agus oibríochtúla CCÁO agus chun a chinntiú go gcuirtear na scileanna riachtanacha ar fáil do bhaill foirne nua go tapa agus go mbeidh caidreamh acu ar leibhéal pearsanta lena gcomhghleacaithe.

Cuireadh leis an acmhainn soláthair foirne in 2023 chomh maith. Ghlac foireann CCÁO páirt i raon seisiún traenála “Lón agus Foghlaim”, chomh maith le cúrsaí traenála inmheánacha agus foirmiúla a d’eagraigh Aonad Foghlama agus Forbartha Gairmeacha na Rannóige. Chuir roinnt den fhoireann cúrsaí tríú leibhéal i gcrích, arna maoiniú ag an Roinn, in ábhair a thagann le tosaíochtaí straitéiseacha CCÁO amhail Dí Feidhmeach Fostaíochta, Bainistiú Acmhainní Daonna, Anailísíocht Sonraí, Bainistiú Feidhmeannach agus Cúrsaí d’Abhcóidí.

Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

Le linn 2023, lean CCÁO ar aghaidh ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh roimhe seo maidir le réitigh teicneolaíochta faisnéise ghréasán-bhunaithe agus sholáimhsithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Bhí ról lárnach ag Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise CCÁO, a forbraíodh in 2022, san obair seo agus rinneadh a thuilleadh dul chun cinn ar an Straitéis in 2023.

Bhain CCÁO úsáid as Próiseas Uathoibríthe Róbatach den chéad uair in 2023, a chuidigh leis an obair tosaigh chun iarratais ar ghearáin a láimhseáil. Baineadh úsáid as anailísíocht chun réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a aithint agus rinneadh uasdátú ar an gcóras róbatach i rith na bliana. Tá aschur níos fearr agus níos éifeachtúla anois ann.

I gcomhréir le Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise CCÁO, agus le tionscnamh “néal-chórais ar dtús” de chuid Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise na Rannóige, thosaigh CCÁO ar thionscadal a fhiosrú in 2023 maidir le haistriú a dhéanamh go dtí an néal-chóras. Tabharfar faoin tionscadal sin# ina dhá shraith; sa chéad tsraith déanfar uasghrádú ar an gcóras Bainistíochta Caidreamh le Custaiméirí (BCC) i rith 2024. Cuirfear tús le sraith 2 i rith 2025 chun an córas BCC ar an láthair a ascnamh go dtí an néal-chóras. Beidh buntáistí fadtéarmacha digiteacha ag baint



leis an ascnamh seo do CCÁO. Déanfaidh sé nuachóiriú ar an gcóras BCC arb ann dó faoi láthair agus beidh sé mar bhonn le fás digiteach amach anseo sa néal-mhargadh.

Foirm Leictreonach Ghearáin

I gcomhréir leis an gcolún “Digiteach ar dTús” de Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise na Seirbhíse Poiblí, thosaigh CCÁO ar fhoirm nua Ríomhghearáin a fhorbairt in 2023. Nuair a sheolfar an Fhoirm Ríomhghearáin in 2024, beidh ar chumas an phobail gearáin a chur faoi bhráid CCÁO ar bhealach níos éifeachtúla.

Beidh fáil ar an bhFoirm Ríomhghearáin nua ar gach ardán digiteach; ar an bhfón póca, ar an táibléad agus ar an ríomhaire. Déanfaidh an fhoirm próiseas cuíchóirithe, iomasach den phróiseas iarratais dóibh siúd a chuirfidh gearán isteach. Beidh áis uaslódála ar fáil mar chuid den chóras nua chomh maith chun cáipéisíocht thábhachtach a bhaineann leis an ngearán a chur leis an iarratas.

Cumarsáid agus For-rochtain

Suíomh Gréasáin

Is foinse eolais ríthábhachtach é suíomh gréasáin CCÁO agus é ina chomhéadan d’úsáideoirí seirbhíse chun teagmháil a dhéanamh le CCÁO, go háirithe maidir le huasdátú a dhéantar ar mhodhanna soláthartha seirbhíse agus cearta fostaíochta i gcoitinne, agus mar a thagann na hábhair sin le hathruithe sa reachtaíocht.

In 2023, bhí 4,647,870 amharc leathanaigh ag suíomh gréasáin CCÁO, méadú 12% ar an mbliain roimhe. Bhain sé seo le suim a chruthaigh feachtais spriocdhírithé go príomha, a bhain le hoibrithe séasúracha agus le hearnálacha amhail iascaireacht agus tógáil. Chomh maith leis sin, cuireadh béim ar eolas ar an suíomh gréasáin maidir leis an méadú ar Phá Íosta Náisiúnta agus maidir le teidlíochtaí Saoire Poiblí, neamhláithreach mar thoradh ar eachtraí tromchúiseacha aimsire, agus reachtaíocht amhail an tAcht um Shaoire Bhreitheachta, 2022 agus An tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí), 2022.

Ó seoladh an suíomh gréasáin athchóirithe i mí Bealtaine 2019, rinneadh athbhreithniú rialta ar an suíomh lena chinntiú go gcomhlíonann sé caighdeáin ghréasáin i ndáil le struchtúr, leagan amach agus ábhar, agus go gcomhlíonann sé na caighdeáin ghréasáin mar atá á leagan amach ag Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C) agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais in Éirinn.

Chuir stiúrthóir gréasáin CCÁO athbhreithniú iomlán ábhair i gcrích i rith na bliana agus cuireadh feabhsúcháin bhreise i bhfeidhm chun comhlíonadh leanúnach le treoracha maidir le dea-chleachtais rochtana a chinntiú.

For-rochtain

Le linn 2023, d’fhreastail Foireann Faisnéise agus Seirbhíse do Chustaiméirí (FSC) de chuid CCÁO ar 44 imeacht seachtrach chun páirtithe leasmhara, fostóirí, fostaithe, baill den phobal agus spriocghrúpaí amhail daoine óga agus oibrithe imirceacha a chur ar an eolas faoi thacaíochtaí agus seirbhíse CCÁO. Cuidíonn an fhor-rochtain seo le húsáideoirí sheirbhíse CCÁO, leis an bpobal, le fostóirí agus fostaithe agus cuireann sí eolas ar fáil dóibh faoi na cearta agus na hoibleagáidí a bhforáiltear dóibh i reachtaíocht fostaíochta. Thacaigh an Rannóg Seirbhíse Corparáideacha leis an bhFoireann FSC leis an obair seo trí fheasacht a ardú ar chainéil CCÁO ar na meáin shóisialta.

Na Meáin Shóisialta

Le linn 2023, baineadh úsáid as cainéil shóisialta CCÁO chun faisnéis a roinnt leis an bpobal maidir le fostaíocht agus le comhionannas agus maidir le hathruithe sa reachtaíocht. Mhéadaigh rochtain na n-ardán seo i rith na bliana. Faoi láthair, tá breis agus 3,000 leantóir ag cuntas CCÁO, WRC_IE, ar X (Twitter mar ab eol dó roimhe seo) agus tá breis agus 16,000 leantóir ag cuntas CCÁO ar LinkedIn: méaduithe 12% agus 75% faoi seach i rith na bliana.

Le linn 2023, chuir CCÁO roinnt feachtas amach ar na meáin shóisialta a threoraigh 8,840 atreorú go dtí an suíomh gréasáin ó LinkedIn – méadú 155% ar 2022 (3,474 atreorú) agus 3,091 atreorú go dtí an suíomh gréasáin ó X – laghdú 44% ar 2022 (5,544 atreorú).

Físeáin Faisnéise

Go luath in 2023, d’fhoilsigh CCÁO an chéad ghrúpa de shraith físeán beochana gearr a bheidh ina gcuidiú d’úsáideoirí sheirbhíse CCÁO agus a spreagfaidh caidreamh níos fearr san áit oibre i gcoitinne.

Tá fáil ar na físeáin bheochana i nGaeilge, Béarla, Polainnis, Rómáinis, Rúisis, Spáinnis agus Úcráinis agus pléitear raon seirbhíse CCÁO iontu, lena n-áirítear:

- ▶ Conas gearán a dhéanamh le CCÁO agus Cad a tharlaíonn i rith Éisteacht Bhreithnithe
- ▶ Dínit a Chur Chun Cinn san Áit Oibre
- ▶ Idirghabháil Réamh-bhreithnithe á Míniú agus
- ▶ Seirbhís Chomhairleach CCÁO á Míniú

Tá na físeáin bheochana ar an gcéad chuid de shraith beochaintí atá mar chuid de chlár for-rochtana CCÁO chun feasacht a ardú maidir le seirbhísí CCÁO. Cuireann na físeáin bheochana nua seo leis na beochaintí a seoladh in 2022:

- ▶ Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta – Fostóirí
- ▶ Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann – Fostaithe agus an Pobal i gCoitinne
- ▶ Na hAchtanna um Stádas Comhionann – Soláthraithe Seirbhíse

Áitreabh Oifige CCÁO

Tá cúig oifig réigiúnacha ag CCÁO, i mBaile Átha Cliath, i gCeatharlach, i gCorcaigh, in Inis agus i Sligeach, agus is í a sprioc seirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud na hÉireann agus an tseirbhís sin a bheith tapa, soláimhsithe, neamhspleách, éifeachtach, neamhchlaonta agus éifeachtúil ó thaobh costais de. Bíonn roinnt modhanna á soláthar ag CCÁO maidir le réiteach díospóidí, cúiteamh agus forfheidhmiú éifeachtach, agus déanann sé an caidreamh san áit oibre a fheabhsú. Bíonn na seirbhísí seo ar fad saor in aisce.

Le linn 2023, rinne CCÁO uasghrádú ar an teicneolaíocht sna hoifigí i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, ar na cláir dhigiteacha thaispeána ar a léirítear na héisteachtaí sceidealaithe agus ar an bhfearas le haghaidh éisteachtaí cumaisc i seomraí cruinnithe a éascaíonn éisteachtaí cumaisc agus fíorúla.

Comhionannas san Earnáil Phoiblí agus Dualgas um Chearta an Duine

Faoin Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 cuireadh d'oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí aird chuí a thabhairt ar shaincheisteanna chearta an duine agus comhionannais i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, agus leantar cur chuige réamhghníomhach chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh i ngach gné d'obair CCÁO. Is príomhthosaíocht é spás inrochtana agus ionchuimsitheach a chruthú do gach duine a oibríonn in oifig de chuid CCÁO nó a úsáideann na hoifigí sin.

I gcomhréir le prionsabail bhunaithe agus le hAlt 42 den Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, cuireann CCÁO béim láidir ar an gceart chun nósanna imeachta cothroma, chun príobháideachais, agus chun rochtana agus córa comhionainne i ngach gné de na seirbhísí

a chuirtear ar fáil. Leanann CCÁO ar aghaidh leis an obair chun a chinntiú go gcosnaítear dínit agus leas na foirne go léir agus spreagtar cultúr rannpháirtíochta agus measa. I measc na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas a théann i bhfeidhm ar an bhfoireann tá an ceart chun comhionannais deiseanna, chun dínite agus chun measa san áit oibre. Coinnítear gach beartas inmheánach faoi athbhreithniú chun comhlíonadh dea-chleachtais sna réimsí sin a chinntiú.

Tá ról lárnach ag an Aonad um Fhaisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí freisin i gClár foriomlán For-rochtana CCÁO chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal is leithne agus is féidir. I rith na bliana, rinne CCÁO teagmháil le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí lena n-áiríodh mic léinn ar chúrsaí fáilteachais/turasóireachta, líon áirithe Coistí Cúram Leanaí agus meánscoileanna. Thairis seo, d'fhreastail ionadaithe CCÁO ar Mhóraonach Scipéirí na hÉireann agus ar Aonaigh Earcaíochta de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí, agus réachtáil siad feachtas faisnéise ar Inis Mór sna hOileáin Árann.

Chuir CCÁO raon foilseachán ar fáil i roinnt teangacha éagsúla ar shuíomh gréasáin CCÁO. I rith na bliana, d'fhoilsigh CCÁO raon físeán beochana faisnéise chun cuidiú le húsáideoirí sheirbhísí CCÁO ar shuíomh gréasáin CCÁO. Tá na físeáin sin ar fáil i nGaeilge, Béarla, Polainnis, Rómáinis, Rúisis, Spáinnis agus Úcráinis agus pléitear na hábhair seo a leanas iontu; “Dínit san Áit Oibre”, “Conas Gearán a Dhéanamh le CCÁO”, “Cad a tharlaíonn ag Éisteacht Bhreithnithe” agus “Idirghabháil Réamh-bhreithnithe”. Bíonn na físeáin bheochana seo áisiúil do pháirtithe atá ag dul i dteagmháil le CCÁO den chéad uair.

Teastaíonn ateangairí ó úsáideoirí sheirbhísí CCÁO go minic. Nuair a iarrann duine ar ateangaire a bheith i láthair ag idirghabháil bhreithnithe, don éisteacht nó le haghaidh coinne le Cigire, glacann CCÁO leis an iarratas gan costas a ghearradh ar na páirtithe. Le linn 2023 tháinig méadú 48% ar líon na n-éisteachtaí ina raibh gá le hateangairí i gcomparáid le 2022. Tugtar aird ar leith ar na hoibleagáidí a ghabhann leis an Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017 i ndáil le húsáideoirí seirbhíse a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu.

Chuir CCÁO, le cúnamh ó Oifig Náisiúnta FSS um Fhéinmharú a Chosc, traenáil SafeTALK ar fáil do na baill foirne a bhíonn ag obair go díreach leis an bpobal chun a gcuid scileanna feasachta agus airde a ullmhú agus a fhorbairt de réir na Straitéise Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. Cuireann sé seo ar chumas na mball foirne a bheith in ann daoine a thagann i dteagmháil leo ar an bhfón nó ar an gcóras ríomhphoist agus atá trína chéile, agus a d'fhéadfadh go mbeidís ag cuimhneamh ar fhéinmharú, a aithint. Sa chaoi sin, beidh ar chumas na mball foirne labhairt leo mar is cuí agus iad a threorú chuig acmhainní garchabhrach.



Áiríodh na hábhair seo a leanas i measc na n-ábhar a pléadh mar chuid de thraenáil inmheánach na Rannóige, Lón agus Foghlaim: Feasacht Chultúrtha: Teanga Ionchuimsitheach agus Traenáil Feasachta maidir le Míchumas. Bíonn sainchúrsa traenála maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC) ar fáil don fhoireann chomh maith. Rinneadh ionadaíocht thar cheann CCÁO freisin sa Ghrúpa Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta de chuid na Rannóige chun Straitéis maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a fhorbairt.

Na hAchtanna um Nochtadh Cosanta 2014 go 2022

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar CCÁO faoi alt 22 de na hAchtanna um Nochtadh Cosanta 2014 go 2022 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtaí cosanta a rinneadh chuige sa bhliain roimhe, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagairt ar aon nochtadh cosanta den sórt sin.

Chuige sin, deimhníonn CCÁO go bhfuarthas 22 tuairisc sheachtrach mar Nochtaí Cosanta líomhnaithe le linn 2023. D'admhaigh CCÁO go bhfuarthas na 22 tuairisc ar fad laistigh den tréimhse ama a shainítear sa reachtaíocht. Cuireadh toradh an cháis in iúl don duine cuí in gach cás.

Tar éis an chéad mheasúnaithe, measadh nach nochtaí cosanta a bhí in 9 n-iarratas agus cuireadh an duine cuí ar an eolas i ngach cás agus dúnadh an cás.

Cuireadh 7 n-iarratas san iomlán ar aghaidh chuig an Rannóg chúí de chuid CCÁO le haghaidh gníomh breise i ndiaidh an mheasúnaithe thosaigh, agus dúnadh an cás maidir le Nochtadh Cosanta. Cuireadh trí chás ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta, nó chuig comhaltaí cuí eile.

Dúnadh cás amháin mar thoradh ar easpa sonraí a tugadh leis an iarratas tosaigh agus toisc nach bhfuarthas aon fhaisnéis bhreise nuair a iarradh ar an iarratasóir amhlaidh a sheoladh isteach. Tá dhá chás fós "oscailte" agus an measúnú tosaigh idir lámha, ag fanacht ar an iarratasóir faisnéis bhreise a sheoladh isteach. Ní bhfuair CCÁO aon tuairisc inmheánach le linn 2023.

Faoi I.R. 367/2020 den Ordú fán Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (Nochtadh do Dhaoine Forordaithe) 2020, ainmnítear an tArd-Stiúrthóir mar Dhuine Forordaithe faoi réir Alt 7 den Acht.

Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021

Le linn 2023, chinntigh CCÁO gur comhlíonadh gealltanais a rinneadh i ndáil le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla. Foilsíodh raon cáipéisí ar an suíomh gréasáin as Gaeilge lena n-áirítear Clár Oibre CCÁO 2023, Tuarascáil Bhliantúil CCÁO 2022 agus roinnt Cód Cleachtas. Foilsíodh ábhar ar chainéil meán sóisialta CCÁO as Gaeilge freisin, X (Twitter mar ab eol dó) agus LinkedIn.



4.5 | 4.5 Rannóg Dlí

Forbhreathnú

Is í príomhfheidhm na Rannóige Dlí ná comhairle a chur ar CCÁO i ndáil lena raon leathan feidhmeanna ó bhreithniú go cigireacht agus forfheidhmiú, idir-réitigh, idirghabháil agus soláthar faisnéise, le go mbeidh córais i bhfeidhm ar fud CCÁO a bheidh láidir ó thaobh an dlí de. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an rannóg eolas maidir le nuashonruithe sa dlí maidir leis an Aontas Eorpach, cúrsaí riaracháin, an chuideachta, cúrsaí fostaíochta agus comhionannais, agus tugann sí tacaíocht don fhoireann agus d'Oifigigh Bhreithnithe.

Reachtaíocht Nua

Le linn 2023, tugadh roinnt cearta fostaíochta agus comhionannais eile isteach agus béim iontu arís ar chothromas, ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ionchuismitheacht. Cearta de chuid an AE a bhí i gcuid de na cearta agus cearta de chuid na hÉireann a bhí i roinnt eile. Thug an Rannóg tacaíocht don fhoireann thar fheidhmeanna éagsúla CCÁO lena hullmhú do na cearta nua dlí a tháinig i bhfeidhm lena n-áirítear cearta faoin Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023, faoin Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, faoin Acht um Shaoire Bhreitheachta 2022, agus athruithe tánaisteacha ar an Acht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí) 2022 agus faoin leathnú a rinneadh ar chúram fostóirí níos lú faoi na Rialacháin Faisnéise maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2022.

Cruthaíodh roinnt cásanna fiúntacha ó thaobh anailíse de nuair a bunaíodh cearta nua le Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Dálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha) 2022, leis an Acht um Shaoire Bhreitheachta 2022 agus leis an Acht um Íoc Pá (Leasú) (Séisíní agus Aiscí) 2022.

Tá CCÁO ar an eolas go mbeidh a thuilleadh athruithe ag teacht isteach sa reachtaíocht maidir le ceadanna fostaíochta, stádas fostaíochta, iomarcaíocht chomhchoiteann agus dlí na gcuideachtaí, agus cosaint na bhfostaithe i gcás dócmhainneachta, mar aon leis an athbhreithniú leanúnach atá ar siúl ar an dlí comhionannais. Leanfaidh CCÁO ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh leis na Rannóga cuí chuige sin. Thug an Rannóg comhairle freisin

maidir le reachtaíocht nua AE lena n-áirítear an Treoir mholta d'Oibrithe Ardáin, an Treoir AE maidir le Trédhearcacht Pá 2023/970, an Treoir AE maidir le Cothromaíocht Inscne ar Bhoird 2022/2381 agus an Treoir AE maidir le Leordhóthanacht an Phá Íosta Reachtúil 2022/2041.

Tháinig an tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023 i bhfeidhm i mí Iúil 2023. Cuireann an tAcht cosc ar éisteachtaí ó chian a thaifead nó bac a chur orthu agus chuir sé deireadh leis an réamhshocrú go ndéanfaí éisteachtaí a réachtáil ó chian. Tá athrú á dhéanamh ar pholasaí CCÁO i ndáil le hagóidí i gcoinne éisteachtaí ó chian chun an dlí nua agus chun cúinsí sochdhlíthiúla i ndiaidh na paidéime a léiriú. Beidh fáil ar éisteachtaí ó chian agus éisteachtaí fíorúla fós má bheidh buntáistí ar mhaithe le ceartas agus le cothromaíocht ag gabháil lena leithéid a dhéanamh. B'fhiú a lua mar sin féin, gur réachtáladh an chuid is mó d'éisteachtaí CCÁO in 2023 ar an láthair.

Cuireadh traenáil agus treoir maidir leis an dlí nua ar fáil d'Oifigigh Bhreithnithe agus don fhoireann. Thacaigh an Rannóg lena comhghleacaithe le raon athruithe ar an bhFoirm Ghearáin, ar pholasaí agus ar na próisis ábhartha chomh maith, chun cuidiú leo a bheith ullamh don reachtaíocht nua.

Na hAchtanna um Nochtadh Cosanta 2014 go 2022

Tháinig an reachtaíocht leasaithe i ndáil leis na hAchtanna um Nochtadh Cosanta 2014 go 2022 i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023 agus cuireadh roinnt athruithe eile i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana. Chuidigh an Rannóg leis an bhfoireann go himmheánach le polasaithe agus le nósanna imeachta nua chun comhlíonadh a chinntiú i ndáil leis na hoibleagáidí breise ar chomhlachtaí poiblí agus ar dhaoine forordaithe ach go háirithe. Rinne CCÁO teagmháil le páirtithe leasmhara agus rinne sé idirghabháil leis na Rannóga cuí agus le hOifig nuabhunaithe an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú. Chuidigh an Rannóg le hathbhreithniú reachtúil 2023 de chuid na Roinne ar an reachtaíocht nua.



Dlíthíocht

Ba bhliain ghnóthach eile é 2023 don Rannóg Dlí ó thaobh dlíthíochta de. Taobh amuigh den obair dlíthíochta a bhain le Forfheidhmiú agus Cúiseamh, rinne an Rannóg ionadaíocht ar son CCÁO i dtrí cinn déag d'ábhair shibhialta san Ard-Chúirt agus d'éirigh le CCÁO sna sé athbhreithniú bhreithiúnacha inar ainmníodh CCÁO i gceart mar Fhreagróir. Bhí baint ag CCÁO le trí agóid sa Chúirt Chuarda agus le hachomhairc reachtúla éagsúla i gcaitheamh na bliana atá idir lámha fós.

Tar éis di diúltú don iarratas tosaigh dícháilithe i mí Bealtaine 2023 ar chúinsí claonta⁴, thug Bolger J breithiúnas i mí an Mheithimh agus dhíbh sí an t-athbhreithniú breithiúnach i ndáil le *Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Eile* [2023] IEHC 360⁵, bunaithe ar iompar an iarratasóra. Bronnadh costais ar CCÁO ar bhonn cleachtóra dlí-cliaint i mbreithiúnas a tugadh i mí Dheireadh Fómhair. Bunaíodh an cinneadh seo ar iompar an iarratasóra chomh maith⁶. Tá achoimre ar na breithiúnais faoi iamh leis na hagusíní a ghabhann leis an tuarascáil seo.

I mí Iúil 2023, dhíbh Phelan J iarratas i ndáil le *Gogova i gcoinne an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, an tArd-Aighne agus Eile* [2023] IEHC 449. Chuir an breitheamh i gcuimhne don iarratasóir gur gá réitigh reachtúla eile a fhiosrú go cuimsitheach agus imeachtaí a thionscnamh go tráthúil.

Rochtain a Fheabhsú

Mar chuid de chúram CCÁO chun faisnéis a sholáthar don phobal agus chun rochtain éifeachtúil ar cheartas a éascú i gcúrsaí ábhartha fostaíochta agus comhionannais, d'úsáid an Rannóg intleacht shaorga chun anailís a dhéanamh ar bhreis agus 10,000 cás de chuid CCÁO chun na 150 údarás ar mhinicí a luadh ina chásanna a dhearbhu. ⁷ Foilsíodh liosta inrochtana de na cinntí ba mhinicí a luadh ó chúirteanna agus binsí eile i mí Iúil 2023. Tá fáil ar dhlí-eolaíocht CCÁO ar bhunachar sonraí inchoirdaithe shuíomh gréasáin CCÁO.

Chun laghdú a dhéanamh ar an drochthionchar don timpeallacht a bhaineann le comhaid mhóra a chur i gcló agus a sheoladh chuig CCÁO, ní bhíonn ar pháirtithe cóipeanna de na cásanna a mbíonn siad ag brath orthu a sheoladh chuig CCÁO a thuilleadh má bhíonn na cásanna sin san áireamh ar an liosta ar a ndéanfar athbhreithniú go tréimhsiúil. Bíonn ar pháirtithe míniú a thabhairt fós maidir leis an mbaint atá ag cás ar leith lena n-argóint áfach, agus ní mór dóibh na hailt chuí sa chás a mbeifear ag brath orthu a lua.

Mar fhreagra ar an bhfuilleach reachtaíochta nua thuas, d'fhoilsigh an Rannóg tábla cuimsitheach cúitimh freisin chun cuidiú le páirtithe agus le cleachtóirí tuiscint a fháil ar an raon iomlán réiteach ar féidir le CCÁO a bhronnadh agus chun na 52 creat reachtúil éagsúil faoinar féidir éisteachtaí a chur lena mbreithniú a léiriú ar bhealach inrochtana.

Cosaint Sonraí

Leanann Oifigeach Cosanta Sonraí na Rannóige ar aghaidh ag tacú le CCÁO i ndáil le dlí faisnéise agus cuirtear traenáil rialta agus tacaíocht ar fáil don fhoireann thar gach Rannóg. Coinnítear polasaithe CCÁO faoi athbhreithniú i ndáil le dlí-eolaíocht nua agus déanann CCÁO teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Rannóige chun comhlíonadh a chinntiú.

Socruithe Seachtracha

Ó thaobh socruithe seachtracha de, labhair an Cláráitheoir le Coiste Chumann an Bharra um Chomhionannas agus Teacht Aniar maidir le hIntleacht Ilchultúrtha agus tionscnaimh CCÁO chun comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn agus chun claontuairim neamh-chomhfhiosach a chosc. Labhair sí le Cumann Dlíodóirí Fostaíochta na hÉireann (CDFÉ) maidir le forbairtí nua dlíthiúla, rinne sí cur i láthair mar chuid den mhodúl comhionannais ar Dhioplóma Scileanna Breithnithe Dhlí-Chumann na hÉireann agus chuaigh sí i dteagmháil le comhghleacaithe AE chomh maith le roinnt páirtithe leasmhara in Éirinn maidir le cearta daonna, comhionannas agus dlí fostaíochta.

4 [Diúltú don iarratas dícháilithe, Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Eile.](#) [2023] IEHC 225

5 [Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Eile.](#) [2023] IEHC 360

6 [Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Eile. Breithiúnas i ndáil le Costais](#) [2023] IEHC 560

7 [Údarás a Luaitear go Minic – An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre](#)

Aguisíní



Aguisín

1



Clár Oibre 2023: Torthaí

Faisnéis agus Seirbhísí do Chustaiméirí

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Am Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Faisnéis neamhthreorach a sholáthar ar ghníomhaíochtaí CCÁO go ginearálta, ar reachtaíocht fostaíochta agus ar mheicníochtaí chun córais a shásamh trí mhodhanna seachadta éagsúla.	Freagra inrochtana ar ardchaighdeán, dírithe ar an gcustaiméir agus éasca le húsáid a sholáthar ar an teileafón, ríomhphost, post bán agus fiosrúcháin eile maidir le cearta fostaíochta	Le linn 2023	90% de na fiosrúcháin réitithe ag an gcéad cheist	Réitíodh 61,800 glao go gasta agus go héifeachtach
	Comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht spriocdhírthe CCÁO ag seimineáir dlí fostaíochta, cur i láthair, taispeántais, seónna bóthair, seimineáir ghréasáin, etc.	Le linn 2023	Príomhimeachtaí aitheanta, teachtaireachtaí spriocdhírthe a sheachadadh go héifeachtach agus go feidhmiúil Feasacht mhéadaithe ar an CCÁO agus a shainchúram/seirbhísí ag baint úsáid as cuntais meán sóisialta	Freastalaíodh ar 44 imeacht (ardú 30% ó 2022)
	Bain úsáid as ardáin ar na meáin shóisialta chun feasacht a ardú ar reachtaíocht fostaíochta, ar chinntí ábhartha agus ar ghníomhaíochtaí/téarmaí tagartha an CCÁO, agus meicníochtaí sásaimh CCÁO a chur chun cinn don phobal	Le linn 2023	Príomhimeachtaí, laethanta, feachtais, taighde agus sonraí aitheanta agus poiblíocht éifeachtach déanta orthu ar na meáin shóisialta	Baineadh úsáid as cainéil meán sóisialta chun daoine a chur ar aghaidh chuig suíomh gréasáin an CCÁO

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Am Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Próiseáil éifeachtúil gearán agus iarratas chuig an CCÁO	Gach gearán a phróiseáil ar bhealach tráthúil agus éifeachtach, agus iad a chur ar aghaidh chuig an bhfóram sásaimh cuí	Le linn 2023	Gach gearán a fuarthas le linn 2023 próiseáilte go feidhmiúil le 90% de na comhaid cruthaithe laistigh de 10 lá oibre agus an freagróir curtha ar an eolas	Próiseáladh 14,158 (+10.7%) gearán ar leith, agus chuidigh Uathobriú Próisis Róbataice le hamanna próiseála a ghiorrú
Straitéis For-rochtana agus Cumarsáide a Sheachadadh	Obair a dhéanamh leis an Aonad Cumarsáide chun gníomhaíochtaí CCÁO a shainaithint (lena n-áirítear for-rochtain ghréasánbhunaithe agus cianrochtain) is féidir a úsáid chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht CCÁO a fheabhsú go ginearálta	Le linn 2023	Feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar an CCÁO, a chéannacht, a ról, agus a fheidhmeanna, thar chúrsaí caidrimh thionsclaíoch, cearta fostaíochta, comhionannais agus stádas comhionann	Foilsíodh beochaintí nua ar sheirbhísí CCÁO ar an suíomh gréasáin Freastalaíodh ar 44 imeacht for-rochtana
	Feachtais a thosú agus a sheachadadh dírithe ar ghrúpaí agus saincheisteanna aitheanta (e.g., stádas comhionann agus réimsí ábhartha eile)	Le linn 2023	Feasacht mhéadaithe ar ról an CCÁO sa réimse seo agus méadú ar líon na ndaoine ábhartha a dhírítear chuig an CCÁO	Foilsíodh beochaintí faisnéise chun cuidiú le húsáideoirí seirbhísí CCÁO
	Ullmhaigh treoracha agus teimpléid shaincheaptha d'fhostaithe agus d'fhostóirí	Le linn 2023	Treoracha agus teimpléid seolta agus á n-úsáid agus á rochtain	Rinne an CCÁO feachtais ar athruithe ar Phá Íosta Náisiúnta, ar Shaoire Bhreiteachta agus ar Oibrithe Séasúracha, agus thacaigh sé le feachtais faoi cheannas Chumann an Dlí Fostaíochta in earnálacha an lompair ar Bhóithre agus na Tógála Nuashonraíodh roinnt Leabhráin faisnéise agus foilsíodh teimpléid do Thearmaí Fostaíochta



Seirbhísí Cigireachta agus Forfheidhmithe

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Comhlíonadh an dlí fostaíochta a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú	Cigireachtaí bunaithe ar riosca, agus cigireachtaí bunaithe ar ghearáin, le comhlachtaí Stáit eile nuair is cuí	Le linn 2023	4500 cás cigireachta san ionad oibre tugtha chun críche	4,727 cás cigireachta curtha i gcrích €1.9M de phá clúdaithe
	Cionta a ionchúiseamh faoi reachtaíocht fostaíochta, de réir mar is cuí	Le linn 2023	Déanfar gach cás nach mbaintear comhlíonadh amach a mheas le haghaidh caingean dlí	D'éirigh le 90% d'ionchúisimh ⁸
Díriú dírithe ar fhostóirí, eárnálacha, réigiúin neamhchomhlíontacha	Fógraí um Chomhlíonadh (de réir mar is infheidhme) agus Íocaíocht Sheasta a eisiúint agus a phróiseáil agus achomhairc ar Fhógraí Comhlíonta a chosaint	Le linn 2023	Fógraí eisithe go cuí agus éifeacht a bheith leo. Achomhairc cosanta	Deich bhFógra Pionóis Sheasta agus Tríocha a Ceathair Fógra Comhlíonta eisithe in 2023
	Socruithe roghnúcháin riosca le haghaidh cigireachta le húsáid chun cásanna a roghnú	Le linn 2023	Beidh 50% de chásanna cigireachta dírithe ar fhostóirí ardriosca agus ar eárnálacha leasa	64% de na cigireachtaí bunaithe ar mheasúnú riosca
Dámhachtainí a eascraíonn as breitheanna breithnithe agus imeachtaí na Cúirte Oibreachais a fhorfheidhmiú	Forfheidhmiú sibhialta ar chinntí agus ar dhámhachtainí a eascraíonn as cinntí na nOifigeach Breithniúcháin agus as cinntí na Cúirte Oibreachais maidir le gníomhaíocht bhreithnithe agus chigireachta a shaothrú, agus é a ardú chuig ionchúiseamh nuair is cuí	Le linn 2023	Cinntí agus dámhachtainí leanta ar bhealach a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht agus feidhmiúlacht	Dúnadh 97 cás forfheidhmithe sibhialta
Ceadúnais a eisiúint agus reachtaíocht a fhorfheidhmiú maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta agus fostú Daoine Óga	Ceadúnais a phróiseáil agus a eisiúint ar bhealach éifeachtach agus dleathach	Le linn 2023	Iarratais próiseáilte laistigh de 21 lá ón dáta a fhaightear iad	Próiseáladh 1,028 Ceadúnas Gníomhaireachta Fostaíochta agus 632 Ceadúnas Leanaí

8 Áirítear Cúiseamh Rathúil, Promhadh agus Síntiúis Charthanachta leis na torthaí rathúla

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Comhoibriú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile	Oiliúint, malartuithe foirne, cigireachtaí comhphárteacha agus comhroinnt sonraí cuí a éascú, athbhreithniú a dhéanamh ar MTanna (Meabhrán Tuisceana) chun a chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta, bailí agus ag cloí le ceanglais RGCS	Le linn 2023	Gníomhaíochtaí rathúla a bhfuil reachtaíocht agus Meabhráin Tuisceana chuí mar bhonn agus mar thaca leo Déan athbhreithniú agus athnuachan ar gach Meabhráin Tuisceana atá ann cheana féin, más cuí	Rinneadh 95 cigireacht leis an nGarda Síochána (lena n-áirítear Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta) 262 comhchigireacht le hoifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí 157 comhchigireacht le hoifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim
Feachtas spriocdhírthe a chur i gcrích sna hearnálacha aitheanta	Feachtas lena mbaineann cigireacht agus SFC araon déanta go héifeachtach agus go feidhmiúil	Le linn 2023	Tionchar dearfach a imirt ar chomhlíonadh agus feasacht ar chearta agus dualgais ábhartha a chruthú/a fheabhsú	Áiríodh leis na feachtas spriocdhírthe Pá Íosta Náisiúnta, lascaireacht Mhara, EMPACT agus Tógáil
Tacú le gníomhaíochtaí faisnéise agus oideachais chun comhlíonadh a fheabhsú go ginearálta	Obair a dhéanamh le Faisnéis agus FSC, leis an Aonad Cumarsáide agus le Rannóga eile de chuid CCÁO	Le linn 2023	Foireann, ábhar faisnéise/ treorach, agus saineolas ábhartha a chur ar fáil	Comhoibriú, treoir agus tacair scileanna curtha ar fáil
Comhoibriú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta maidir le réimsí leasa choitinn	Obair a dhéanamh le gníomhaireachtaí, ardáin agus údaráis a bhfuil cuspóirí comhchosúla acu amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, an tÚdarás Eorpach Saothair, an t-Ardán Eorpach um Obair Neamhdhearbhaithe, EUROPOL	Le linn 2023	Freastal ar gach seisiún iomlánach, nuair atá ainmnithe, mar chomhalta/ toscaire/ saineolaí Éireannach, tabhair cúnaimh cuí do chláir	Ionchur dearfach chuig bord bainistíochta an Údaráis Eorpaigh Saothair (ÚES). Freastal ar cheardlanna agus ar ghrúpaí oibre ÚES (lena n-áirítear Cigireacht agus Faisnéis)



Seirbhísí Idir-réitigh, Comhairleacha agus Idirghabhála

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Seirbhísí idir-réitigh thráthúil, éifeachtach agus feidhmiúil a sholáthar agus a chinntiú go gcomhlíontar an t-éileamh agus seachadadh na seirbhísí go léir á gcothabháil ag an am céanna	Idir-réiteach a sholáthar i dtréimhse ama iomchuí chun réiteach díospóidí caidrimh thionsclaíoch a éascú. Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le húsáideoirí seirbhíse chun cúnamh a chur ar fáil le caidreamh dearfach tionsclaíoch agus oibre a chothabháil	De réir mar a éilíonn agus nuair a éilíonn cliaint é le linn 2023	Caomhnú ardráta rathúlachta i réiteach díospóidí caidrimh thionsclaíoch	Réitíodh 85% de na díospóidí a cuireadh ar aghaidh
Obair chun cur leis an úsáid a bhaineann cliaint as seirbhísí idirghabhála ábhartha CCÁO	Idirghabháil réamhbhreithnithe a chothabháil agus a mhéadú nuair is gá – nuair is féidir. Cásanna um Dhífhostú Éagórach le fillleadh ar idirghabháil aghaidh ar aghaidh	Le linn 2023	Méadú ar chásanna a ndearnadh idirghabháil rathúil orthu chun líon na ndaoine a théann ar aghaidh chuig an bpróiseas breithnithe in éilimh bunaithe ar chearta a laghdú	Méadú 19% ar idirghabhálacha réamhbhreithnithe agus méadú 42% ar líon na gcásanna a réitíodh
	Seirbhís um larratas Déanach ar Idirghabháil (IDI) a thabhairt isteach i gcomhar leis an tSeirbhís Bhreithnithe	R1 2023	- Laghdú ar chur siar éisteachtaí breithnithe. - Méadú ar líon na n-idirghabhálacha. - Méadú ar shocraíochtaí ag am na hidirghabhála	Fuarthas 65 larratas Déanach ar Idirghabháil. Réitíodh 52% de chásanna LRM a chuaigh ar aghaidh chuig idirghabháil
Cathaoirleacht agus éascú a dhéanamh ar chaidrimh thionsclaíocha agus fóraim reachtúla éagsúla san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon	Plé a éascú ar bhealach thráthúil. Cabhraigh le páirtithe chun gach saincheist a réiteach de réir nósanna imeachta agus oibríochtaí mar atá leagtha síos sna téarmaí tagartha comhaontaithe	Le linn 2023	Seachadadh, oibriú agus tabhairt i gcrích éifeachtach na saincheisteanna uile a ardaíodh i gcomhréir le prótacail agus nósanna imeachta le comhaontú na bpáirtithe uile	Tugadh gach iarratas ar chúnamh go hiomlán

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Feabhas a chur ar chaidreamh san ionad oibre a bhaineann go sonrach leis an láithreán	Athbhreithnithe a dhéanamh ar chaidreamh tionsclaíoch, cathaoirleacht a dhéanamh ar pháirtithe oibre comhpháirteacha, réiteach díospóidí aonair a éascú, lena n-áirítear tarchuir faoin Acht Caidrimh Thionscail, 2015	Le linn 2023	Seachadadh clár éifeachtach, saincheaptha, sástacht mhór i measc úsáideoirí seirbhíse, caidreamh feabhsaithe san ionad oibre	Cúnamh curtha ar fáil de réir mar is gá: 6 idirghabháil tugtha chun críche agus 10 gcinn ar siúl
Cuir tús le hathbhreithniú ar na cóid ó chuid de na Cóid Chleachtais sheanbhunaithe	Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar ábhar praiticiúil agus struchtúrach roinnt Cóid Chleachtais atá ann cheana féin	R2 2023 agus le linn 2023	Cóid curtha i gcrích agus nuashonraithe	Cuireadh dréachtú Cóid Cleachtais ar Oibriú Fleisc-am agus Cianobair chun cinn le tabhairt chun críche go luath sa bhliain 2024. Rinneadh athbhreithniú ar roinnt Cóid Cleachtais seanbhunaithe maidir le téarmaíocht a nuashonrú
Cláir oideachais agus cláir roinnte eolais san ionad oibre a chur ar fáil	Faisnéis chuí a fhorbairt agus a sholáthar ar phrionsabail dhearfacha caidrimh tionsclaíoch agus ar chaidreamh oibre trí cheardlanna éascaitheacha	Le linn 2023	Tuiscint níos leithne agus níos fearr ar shaincheisteanna agus caidreamh feabhsaithe san ionad oibre	Méadú 10% ar na ceardlanna a cuireadh ar fáil
Córas Bainistíochta Cásanna Comhréitigh (IRIS) a chur i bhfeidhm agus an Córas Bainistíochta Cásanna Idirghabhála (Mitsy) a fheabhsú	Aistriú réidh chuig próiseas nua	R1 2023	Córas ag feidhmiú go hiomlán	Córas Bainistíochta Cásanna Comhréitigh (IRIS) i bhfeidhm go hiomlán ó mhí Eanáir
	Obair a dhéanamh leis an soláthraí ábhartha chun Share Point a chumasú ar chóras Mitsy	R1 2023	Próiseas ag feidhmiú go hiomlán	Ag Feidhmiú go hiomlán



An tSeirbhís Bhreithnithe

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Leanúint le gearáin a phróiseáil chomh tapa agus is féidir	Tacaíocht riaracháin iomlán agus maoirseacht iomlán a sholáthar d'Oifigigh Bhreithnithe chun an sprioc a bhaint amach	Le linn 2023 agus ar aghaidh	Maoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil éifeachtach gearán ó chlárú, go sceidealú, go dtí eisiúint cinntí	Breithniú: +13% de mhéadú ar líon na n-éisteachtaí a bhí sceidealta Cinntí eisithe +50% de mhéadú ar líon na gcinntí a eisíodh
	Leas iomlán a bhaint as forbairtí maidir leis an ardán rghearáin agus an tairseach TFC	Deireadh Q4 2023	Cur i bhfeidhm céimneach de fheabhsuithe TFC ar phróiseáil gearán	Foirm Leictreonach Ghearáin nua le cur ar fáil in 2024
	Acmhainní riaracháin chúí a chothabháil agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chainníocht agus ar infhaighteacht na moltóirí chun cumas seachadta a chinntiú	Le linn 2023 agus ar aghaidh	Lánacmhainnithe agus in lánúsáid	Méadú suntasach ar éisteachtaí atá sceidealaithe le linn 2023. Tairgeadh éisteacht in 2023 do gach gearán a fuarthas roimh 2023 (nuair nach raibh moill ag fachtóirí seachtracha orthu nó i gcás nach raibh cinntí/breithiúnais achomhairc ar feitheamh). Dúnadh 29% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2023 faoi dheireadh na bliana
	Anailís a dhéanamh ar mhéid agus ar uainiú na n-iarratas ar chur siar roimh éisteacht	Deireadh Q2 2023	Tuarascáil críochnaithe/ gníomh aitheanta	Tháinig méadú +9% ar iarratais ar chur siar. Eisíodh beartas nuashonraithe maidir le cur siar i mí na Nollag 2024

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Atreoruithe “Iomadúla” a dhiúscairt	Obair a dhéanamh le páirtithe agus le hionadaithe chun an modh is fearr a aithint chun déileáil le hatreoruithe “iomadúla” ar bhealach éifeachtach	Le linn 2023	Cuireadh de láimh cásanna “iomadúla”	Dúnadh líon mór cásanna iomadúla agus rinneadh dul chun cinn suntasach le cúnamh ó na páirtithe. Bhain 12% de na gearáin a cuireadh de láimh le cásanna iomadúla. Tá roinnt cásanna iomadúla curtha ar sos go bhfaighfear toradh breithiúnas/cinntí ó chomhlachtaí achomhairc
Déan monatóireacht ar an “meascán seachadta” le haghaidh éisteachtaí breithnithe	Déan monatóireacht agus measúnú ar an mbealach is éifeachtúil ó thaobh costas de agus is éifeachtaí chun cásanna a chur de láimh	Le linn 2023	Meascán de chásanna atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus éifeachtach i bhfeidhm	Meascán Éisteachta: 70% go pearsanta 30% fíorúil
Aighneachtaí gonta a fháil go tráthúil	Déan athbhreithniú faoi dheireadh R2 2023 ar na patrúin aighneachta agus ar thráth a dtaiscthe le hOifigigh Bhreithnithe	Déan measúnú ar an athbhreithniú agus forbair plean gníomhaíochta más gá	Aighneachtaí faighte go tráthúil de réir Nósanna Imeachta Breithnithe nua an CCÁO	Ní bhfuarthas na haighneachtaí go léir chomh tráthúil agus a leagtar amach i dTreoir an CCÁO – ardaíodh ceist bheartais leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta – ábhar faoi athbhreithniú
Cinntí ardchaighdeáin a tháirgeadh	Déanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe um Rialú Cálíochta Inmheánach athbhreithniú ar chinntí iar-eisiúna chun pointí foghlama a aithint, chun comhsheasmhacht na gcinntí i gcomhréimsí a chinntiú, agus chun an tseirbhís a chuirtear ar fáil do chustaiméirí na Seirbhíse Breithnithe a fheabhsú	Le linn 2023	Eisítear cinntí ardchaighdeáin go tráthúil, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil Aithnítear go hinmheánach agus go seachtrach caighdeán breithiúnais an CCÁO agus seachadadh é	Glacadh le thart ar 90% de na Cinntí/ Moltaí a eisíodh in 2023 As na cinntí a ndearnadh achomharc orthu chuig an gCúirt Oibreachais, seasadh le 54%, athraíodh 22% agus cealaíodh 21%



Seirbhísí Corparáideacha, Straitéise agus Digiteacha

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Creat láidir rialachais chorparáidigh a choinneáil i CCÁO	Caighdeáin/polasaithe/nósanna imeachta inmheánacha a mhaoirsiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu	Le linn 2023	Rialachas corparáideach CCÁO ag teacht leis an gcleachtas is fearr	Rialachas corparáideach láidir i bhfeidhm le linn 2023
A chinntiú go gcuireann CCÁO feidhmeanna reachtúla i gcrích laistigh den bhuiséad	Maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas éifeachtúil agus éifeachtach, monatóireacht a dhéanamh ar éileamh seirbhíse agus ar leibhéil ghníomhaíochta agus idirchaidreamh rialta a dhéanamh le RFTF ina leith sin	Le linn 2023	Clár Oibre bainte amach ag teacht le húsáid cheart a bhaint as leithdháileadh buiséid	Clár Oibre bainte amach laistigh den leithdháileadh buiséid foriomlán
Solúbthacht fheidhmiúil ag CCÁO	A chinntiú gur féidir leis an CCÁO freagairt go tapa do phatrúin aistrithe éilimh agus acmhainní thar raon iomlán a ghníomhaíochtaí	Le linn 2023	An CCÁO in ann freagairt go tapa d'ardú tobann ar éilimh rannáin agus patrúin aistrithe acmhainní	D'fhreagair CCÁO go solúbtha d'éilimh luaineachta le linn 2023
Bainistiú a dhéanamh ar chultúr feidhmíochta straitéiseach pleanála gnó an CCÁO, atá bunaithe ar riosca, ag gach leibhéal den Eagraíocht	Cabhrú le cur i bhfeidhm, Straitéis agus Clár Oibre an Bhoird agus feidhmiú céimneach trí phleananna gnó Corparáideacha, Rannáin, Aonaid agus pearsanta, gníomh feabhais a thomhas agus a ghlacadh i gcoinne rioscaí agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn don CB (An Coiste Bainistíochta) agus don Bhord ar bhonn rialta	Le linn 2023	CCÁO ag feidhmiú laistigh de chreat comhleanúnach straitéiseach agus plean gnó	Creataí Riosca agus Próisis Ghnóagfeidhmiú go hiomlán
An díospóireacht bheartais ar fhorbairtí caidrimh san ionad oibre a fheabhsú agus bonn eolais a chur fúithi	I gcomhairle le Rannáin eile, aontaigh ar réimsí inní beartais agus ar ionchur i bhfoirmiú beartais	Le linn 2023	Ionchur curtha ar fáil agus intuigthe	Ionchur curtha ar fáil de réir mar is gá
Oifigí CCÁO a chothabháil	A chinntiú go gcoinnítear gach oifig CCÁO agus gur féidir leo raon iomlán seirbhísí CCÁO a sholáthar	Le linn 2023	Oifigí ag feidhmiú go hiomlán an raon iomlán de sheirbhísí CCÁO á chur ar fáil acu	Gach oifig ag feidhmiú go hiomlán
Comhdháil na nPáirtithe Leasmhara	Taighde a choimisiúnú agus comhdháil páirtithe leasmhara a réachtáil	R3 2023	Taighde críochnaithe agus comhdháil tionólta	Curtha siar go dtí 2024

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhthásairí Feidhmíochta	Torthaí
Acmhainní a chur ar fáil d'Acmhainní Daonna	Obair a dhéanamh le hAcmhainní Daonna an RFTF ar acmhainn foirne, pleanáil comharbais, oiliúint foirne, solúbthacht foirne agus an tionchar a bhíonn ag obair cumaisc, chun leibhéal chúí foirne CCÁO leis na scileanna ábhartha a chinntiú	Le linn 2023	Acmhainní cuí curtha ar dáil d'fhoireann CCÁO. Tacaítear le riachtanais ghnó agus le riachtanais forbartha gairme	D'oibrigh CCÁO leis an RFTF chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais foirne
Forbairt Fostaithe	Obair a dhéanamh le hAcmhainní Daonna an RFTF agus le comhlachtaí eile chun oiliúint shaincheaptha a fhorbairt d'fhoireann CCÁO	Ar siúl faoi láthair	Riachtanais oiliúna nua aitheanta agus tús curtha le próiseas tairisceana do sholáthraí	Bhain an fhoireann leas as raon oiliúna intí agus foirmiúla lena n-áirítear cúrsaí 3ú leibhéal arna maoiniú ag an Roinn
TFC Úsáid TFC a uasmhéadú	Straitéis TFC CCÁO 2022-2024 a chur i bhfeidhm go céimneach	Le linn 2023	Straitéis curtha chun úsaide	Baineadh leas as an straitéis le tuilleadh éifeachtúlachtaí a sholáthar i soláthar seirbhísí
Monatóireacht a dhéanamh ar chórais TFC lena chinntiú go n-éascaíonn siad soláthar seirbhísí éifeachtúla agus feidhmiúla CCÁO	Monatóireacht, cothabháil, nuálaíocht agus uasghrádú a dhéanamh ar chórais agus bogearraí faoi réir acmhainní de réir mar is gá	Le linn 2023	Córais TFC atá éasca le húsáid ag oibriú go héifeachtúil agus go héifeachtach	Monatóireacht agus feabhsú ar chórais de réir mar is gá
Cibearshlándáil	Comhoibriú leis an RFTF chun beartas agus nósanna imeachta láidre slándála TFC a sholáthar	Le linn 2023	Beartais agus Nósanna Imeachta Láidre i bhfeidhm	Teagmháil rialta le hAonad TFC RFTF chun a chinntiú go ndéantar gach riosca a mhaolú
Foirm Leictreonach Ghearáin	Foirm ghearáin nua a thógáil a chuireann inrochtaineacht agus feidhmiúlacht níos fearr ar fáil d'úsáideoirí. Cuirfear tús le hobair ar an bhFoirm Leictreonach Ghearáin i R4 2022, agus an aidhm í a chríochnú i R2 2023	R4 2022 go R2 2023	Foirm Leictreonach Ghearáin curtha i bhfeidhm, le feidhmiúlacht uaslódáil doiciméad	Cuireadh an tionscadal chun cinn agus cuireadh foirm ghearáin lánfheidhmiúil ar fáil in 2024, a oibríonn ar gach gléas
Cur i bhfeidhm na dTairseach	Déanfar an tairseach a dhearadh agus a thógáil in éineacht leis an bhFoirm Leictreonach Ghearáin	R4 2022 go R2 2023	Tairseach lánfheidhmiúil ag feidhmiú le háis chun stádas cáis a sheiceáil. Críochnú iomlán an tionscadail tairsí ina dhiaidh sin	Tionscadal nasctha leis an bhFoirm Leictreonach Ghearáin. Céim 1 le cur ar fáil go luath in 2024



Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhthásairí Feidhmíochta	Torthaí
Teicneolaíocht a uasmhéadú chun éifeachtúlachtaí agus úsáid acmhainní a fheabhsú	Cur i bhfeidhm chéim 1 den phróiseas uathoibríthe a thabhairt chun críche maidir le próiseáil luathchéime na ngearán a fhaightear agus iniúchadh a dhéanamh ar úsáidí féideartha breise uathoibríthe	R1 2023	Céim 1 curtha i gcrích, agus an Róbat ag déanamh na próiseála luathchéime ar na gearáin a fhaightear	Cuireadh Céim 1 i bhfeidhm go luath in 2023 agus rinneadh tuilleadh éifeachtúlachtaí i rith na bliana
Anailísíocht Sonraí: Réitigh anailísíochta sonraí a úsáid chun bonn eolais níos fearr a chur faoi chinnteoireacht bhainistíochta	Tuilleadh painéal a fhorbairt don tSeirbhís Bhreithnithe. Cruthaigh faisnéis níos inúsáidte le haghaidh Tuarascálacha Faisnéise Bainistíochta. Anailísíocht níos sofaisticiúla a úsáid chun cinntí gnó a bhrú chun cinn níos fearr Le linn 2023	Le linn 2023	Baintear úsáid iomlán as anailísíocht sa chinnteoireacht	Anailísíocht sonraí feabhsaithe ar fáil agus in úsáid
Cumarsáid	Straitéis Chumarsáide a úsáid chun tacú le cuspóirí gnó CCÁO	Le linn 2023	Baineadh leas as an straitéis chun tacú le cuspóirí gnó na Rannóg	Straitéis curtha chun úsáide
	Leanúint ar aghaidh ag pleanáil, ag seachadadh agus ag tomhas Ábhar agus fechtais chumarsáide CCÁO i gcomhairle leis na Rannóga ábhartha	Le linn 2023	Tá ábhar CCÁO réamhphleanáilte, foilsithe agus tomhaiste	Ábhar cuí foilsithe i rith na bliana
	Comhoibriú leis an RFTF agus le hAonaid Chumarsáide eile de chuid an Rialtais	Le linn 2023	Páirt a ghlacadh i Líonra Cumarsáide GIS	Leanúnach de réir mar is gá
Na Meáin Dhigiteacha	Bain úsáid as Cainéil Meán Sóisialta <ul style="list-style-type: none"> X LinkedIn WRC.ie 	Le linn 2023	Úsáidtear X, LinkedIn agus suíomh gréasáin CCÁO go rialta agus úsáidtear iad chun tacú le pleananna gnó.	Leantóirí/ Imprisin: <ul style="list-style-type: none"> X +12% LinkedIn +75% Suíomh gréasáin +12%
	Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun éifeachtúlacht an tsuímh gréasáin a mheas agus é a leasú de réir mar is gá	R2 2023	Suíomh gréasáin reatha, ábhartha agus in úsáid	Déantar athbhreithniú ar ábhar an tsuímh gréasáin ar bhonn rialta i rith na bliana
Seirbhís do Chustaiméirí	Cuir Suirbhé ar Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil go luath sa bhliain 2023		Rinneadh Suirbhé ar Sheirbhís do Chustaiméirí go luath sa bhliain 2023	Suirbhé ar Sheirbhís do Chustaiméirí curtha siar lena bhreithniú in 2024

Gnóthaí Dlí

Cuspóirí an Chláir Oibre	Gníomh/Tascanna	Fráma Ama Seachadta	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Torthaí
Comhairle dlí thráthúil, éifeachtach agus láidir a sholáthar ar gach gné de chúrsaí dlí os comhair CCÁO agus a bhaineann le CCÁO	Comhairle a sholáthar don Ard-Stiúrthóir agus do gach Rannóg den CCÁO ionas go dtabharfar tacaíocht dóibh	Le linn 2023	Seirbhísí láidre dlí curtha ar fáil don CCÁO	Comhairle curtha ar fáil
seirbhís dlí CCÁO ag feidhmiú go héifeachtach agus go feidhmiúil	Seirbhís dlí le soláthar do gach struchtúr, nós imeachta agus próiseas gnó inmheánach a oibríonn go feidhmiúil Sreabhadh faisnéise chuig agus ón Rannán Dlí	Le linn 2023	Seirbhís dlí ag feidhmiú go hiomlán	Seirbhísí dlí seachadta go héifeachtach agus go héifeachtúil
Oiliúint chúí dlí a chur ar fáil don fhoireann agus d'Oifigigh Bhreithnithe	Riachtanais oiliúna a aithint agus a sheachadadh do OBanna agus don fhoireann Foireann na Rannóige Dlí coinnithe ar an eolas faoi gach forbairt dlí nua agus cloíonn siad le hoibleagáidí gairmiúla FGL	Le linn 2023	Tá oiliúint curtha ar fáil agus tá na OBanna cothrom le dáta ar an gcreat dlíthiúil agus ar an dlí-eolaíocht atá mar bhonn agus mar thaca le gearáin, agus tá tuiscint mhaith ag an bhfoireann tacaíochta ar an mbunús dlí ar a gcuirfear seirbhísí ar fáil	Cuireadh oiliúint ar fáil le linn 2023, agus choinnigh na OBanna agus baill foirne ar an eolas faoi forbairtí dlí agus dlí-eolaíochta le linn 2023
A chinntiú go dtugtar tacaíocht chúí do na OBanna agus don fhoireann sa Rannóg Breithniúcháin	Cabhrú le faisnéis a sholáthar do na OBanna agus don fhoireann agus scileanna a roinnt leo	Le linn 2023	Eolais agus tacair scileanna roinnte de réir mar is gá	Faisnéis agus cúnamh do na OBanna agus don fhoireann sa Rannóg Breithniúcháin
Cuidiú leis an Rannóg Breithniúcháin cáilíocht agus comhsheasmhacht an aschuir a chinntiú	Déan éascaíocht ar dhearbhu cáilíochta rialta; dean athbhreithniú ar cheisteanna a thagann chun cinn, agus tabhair moltaí agus treoir	Le linn 2023	Cáilíocht agus seachadadh i gcomhréir leis an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021	Faisnéis agus treoir curtha ar fáil le linn 2023



<p>Leanúint ar aghaidh ag obair le RFTF chun saincheisteanna dlí a aontú a mbíonn tionchar acu ar sheachadadh shainchúram reachtúil CCÁO</p>	<p>Príomhthosaíochtaí reachtacha a shainaithint agus cuidiú le dul chun cinn nuair is féidir, agus idirchaidreamh a dhéanamh le RFTF maidir le hiarmhairtí dhúshlán bunreachtúil na Cúirte Uachtaraí agus athchóirithe reachtaíochta eile a rabhthas ag súil leo in 2023, m.sh. maidir le hathchóiriú nós imeachta, an ceart chun cianobair a iarraidh, saoire bhreiteachta le pá, leideanna, sceithireacht, creat tuairiscithe na bearna pá idir na fir agus na mná, agus coinníollacha oibre oscailte i measc nithe eile</p>	<p>Le linn 2023</p>	<p>Sainaithníodh saincheisteanna leis an Roinn agus cuireadh chun cinn iad de réir mar is cuí</p>	<p>Sainaithníodh agus pléadh príomhcheisteanna maidir le réimsí ábhartha de chlár reachtaíochta an Rialtais</p>
<p>Cabhrú leis an A-S agus le Rannóga le cur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta 2022</p>	<p>Comhairle agus oiliúint a sholáthar don fhoireann agus don lucht bainistíocht ar fad</p>	<p>Le linn 2023</p>	<p>Gach duine ar an eolas faoina n-oibleagáidí ANC agus cur amach acu ar chainéil tuairiscithe agus ar Ról na hArd-Stiúrthóireachta mar Dhuine Forordaithe faoin ANC</p>	<p>Faisnéis, Comhairle agus Treoir curtha ar fáil don fhoireann</p>
<p>Cabhrú le hathchóirithe ar an suíomh gréasáin agus ar an bhfoirm ghearáin</p>	<p>Cur le feabhas a chur ar chóras foirmeacha gearáin CCÁO agus ar struchtúr láithreán gréasáin</p>	<p>Le linn 2023</p>	<p>Foirm ghearáin athbhreithnithe CCÁO i bhfeidhm agus an láithreán gréasáin cuíchóirithe agus an t-ábhar nuashonraithe</p>	<p>Soláthraíodh cúnaimh leis an suíomh gréasáin agus rinneadh athbhreithniú ar an bhfoirm ghearáin agus nuashonruithe dá réir</p>
<p>Bunachar sonraí speisialaithe agus saoráid leabharlainne a chothabháil d'Oifigigh Bhreithnithe agus don fhoireann CCÁO go ginearálta</p>	<p>A chinntiú go bhfuil rochtain chuí ar bhunachair shonraí seachtracha ábhartha, agus go gcoimeádtar an leabharlann fhíorúil agus fhisiceach cothrom le dáta</p>	<p>Le linn 2023</p>	<p>Baintear lánúsáid as bunachair shonraí agus as an leabharlann agus nuashonraítear lámhleabhar OBanna de réir na reachtaíochta agus na nósanna imeachta nua</p>	<p>Bainte amach</p>

Cuidiú le páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas faoi threochtaí i ngearáin agus i gcinntí	<p>Cur le hanailísí seachtracha agus déan athbhreithniú ar chinntí CCÁO, ag féachaint go háirithe do chásanna maidir le comhionannas agus stádas comhionann agus treochtaí atá ag teacht chun cinn</p>	<p>Le linn 2023</p>	<p>Athbhreithniú Críochnaithe agus Páipéar foilsithe</p>	<p>Bainte amach</p>
Líonraí páirtithe leasmhara a dhoimhniú ar bhonn intíre, ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dea-chleachtas a roinnt	<p>Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara</p>	<p>Le linn 2023</p>	<p>Bunaíodh líonraí láidre intíre agus idirnáisiúnta chun na cleachtais is fearr a roinnt agus chun fanacht chun tosaigh ar threochtaí dlí atá ag teacht chun cinn i ndlí fostaíochta agus comhionannais, agus i nós imeachta cothrom do chinnteoirí garbhreithiúnacha a riarann an ceartas</p>	<p>Nearraithe agus bainistithe go cuí</p>
Tacaíocht faighte ag an Rannán Breithnithe maidir le samhlacha nua seirbhíse	<p>Comhairle a chur ar CCÁO maidir le nósanna imeachta agus beartais nua maidir le samhlacha nua seachadta seirbhíse.</p>	<p>Le linn 2023</p>	<p>Córais láidre, éifeachtúla i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le CCÁO leanúnachas seirbhíse ar ardchaighdeán a sholáthar.</p> <p>Aird chuí á tabhairt do dhualgas earnála poiblí de réir a.42 Acht CÉCDC 2014</p>	<p>Cuireadh comhairle ar ardchaighdeán ar fáil agus tá ag éirí go maith le samhlacha seachadta seirbhíse nua</p>



Aguisín

2



Ciontuithé 2023

Fostóir	Ag trádáil mar	Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú
Lee & Ryan Cuisine Ltd	Hi 5	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	5 Bóthar na dTurcaithe, Trá Mhór Port Láirge	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015
Jin Xin Limited	Mi Asian Street Food	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 1C The Palms Centre Guaire Loch Garman	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
DQ Chinese Takeaway Limited	Dragon Palace	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	8A Hazelwood Centre Gleann Maghair Corcaigh	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
CLG Food Limited	New China Garden	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Sráid Doimínic An Muileann gCearr An Iarmhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Bod Food Ltd	Tenda Oriental Food	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	7 Sráid Phódraig An Muileann gCearr An Iarmhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Pin Hui Chen	KK Pizza & Lin Garden – Ros Mhic Thriúin	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	70 An Baile Gaelach Ros Mhic Thriúin Loch Garman	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006

Fostóir	Ag trádáil mar	Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú
Vino Beauty Limited	Nguyen Dinh Nails	Gruaig & Áilleacht	53 Sráid San Labhrás Droichead Átha Lú	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Win Soon Limited	The Tasty Chinese Take Away	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 1, Ionad Siopadóireachta Bhaile an Dodaigh, Bóthar Bhaile an Dodaigh Baile Átha Cliath	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
One Sunny Beauty & Spa Limited	Eden Beauty	Gruaig & Áilleacht	Sráid an Rí Thuaidh Baile Átha Cliath 7	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Sree Sai Prabha Ltd	Spice India	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Sráid an Chaisleáin An Muileann gCearr An Iarmhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Sunit Lama		Gruaig & Áilleacht	11 Cearnóg Dhoire Fhionnáin Baile Átha Cliath 1	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Ardee Beauty And Massage Centre Limited	Ardee Massage Centre	Gruaig & Áilleacht	Aonad 2A Sráid Eoin, Baile Átha Fhirdhia Lú	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Jasmount Fastfood & Takeaway Limited	Roma Takeaway	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Cearnóg na Saoirse Durlas Tiobraid Árann	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Dundalk Massage Centre Limited	Dundalk Massage Centre	Gruaig & Áilleacht	35 Bóthar Chaisleán Dhún Dealgan Dún Dealgan Lú	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
OM Jai Maa Foods Limited	Apache Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 2 Bóthar na Sollán An Nás Cill Dara	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006



Fostóir	Ag trádáil mar	Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Umar Tariq	Tasty Spice	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid Mainistir Laoise Laois	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Brilliant Castle Limited	Jade Palace	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid Mainistir Laoise Laois	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Trong Hieu Nguyen	Eva Nail & Beauty	Gruaig & Áilleacht	2A Radharc na Páirce Cnoc Uí Bhrú An Uaimh An Mhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Kevin Yuk Shing Lee	China Garden	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 3 Ionad Supervalu Sráid Dhroichead Átha Baile Brigín Baile Átha Cliath	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Kealan O'Connor	Esquires Coffee Shop	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	13 Sráid na gCapall Droichead Átha Lú	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Patrick Keane	The Discount Centre	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	An Chearnóg Fearna Loch Garman	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
				An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015
Lin Shao	M&J	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	28 Bóthar Bhaile Átha Cliath Bré Cill Mhantáin	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Ming Gao	LAM'S ASIAN CUISINE AND ESKIMO PIZZA	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid Baile Shéamais Dhuibh An Cabhán	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006

Fostóir	Ag trádáil mar	Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú
Young Feng Limited	Lily House	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	26 An Phríomhshráid Neidín Ciarraí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Flexy Discounts Limited	Big Discount	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	12 Sráid Chlann Bhreasail Dún Dealgan Lú	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Wincassat Limited	Plaza Chinese Restaurant	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 20 Urlár 1 The Plaza Sord Baile Átha Cliath	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
W & S Foods Limited	Stoneyford Kebabish	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid Áth na gCloch Cill Chainnigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Mohammad Rehan Nasserí	Tik Tok	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	81 Cé Meagher Port Láirge	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015
Key Guard Security Ltd	Key Guard Security	Slándáil	Aonad 2 An tIonad Fiontair, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Páirc Ghnó an Mhuilinn Chearr An Muileann gCearr An Iarmhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Evergreen Fields Ltd	Evergreen Fields	Iompar	Fleascach Mhór Dún Mór Gaillimh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Mamo Cafe Limited	Moonwok	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	2 Ardlo Manor Ráth an Tamhain An Mullach An Cabhán	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Feng Shi	Sun Garden	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	20 Sráid Fhearnaí Carraig Mhachaire Rois Muineachán	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006



Fostóir	Ag trádáil mar	Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú
Mizzoni Pizza & Kebab Cashel Limited	Mizzoni Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	101 An Phríomhshráid An Caiseal Tiobraid Árann	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Yong Juan Zhuang	Shang Garden	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid Béal Átha Conaill An Cabhán	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006 An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (arna leasú)
XCY Retail Ltd	Soy Bar Asian Street Food	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Sráid Austin Friar An Muileann gCearr An Iarmhí	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Pizza Dog Limited	Pizza Dog	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid Maigh Nuad Cill Dara	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Aston Catering Limited	East Garden	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Mullach an Chnoic Cill Chuillinn Cill Dara	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Jehlum Catering Limited	Black Pepper/ Khan's Balti House	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 5B Newlands Retail Centre Baile Átha Cliath 22	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Bo Zhou	Oriental Wok	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Uimhir 5 An Baile Gaelach Cill Chainnigh	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006

Fostóir	Ag trádáil mar	Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú
Oriental Cook-In Takeaway Limited	Oriental Cook-In Takeaway	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Aonad 12 Cúirt an Choill Bay Estate Dún Dealgan Lú	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Wesley Correa DaSilva	Friends Garage	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile	Eastát Tionscail Pháirc na bhFianna Órán Mór Gaillimh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Link Entertainment Limited	Il Padrino Restaurant	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Il Padrino 19/21 Sráid an Chócaigh Corcaigh	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Salena Asian Massage & Spa Limited	Salena Asian Massage & Spa	Gruaig & Áilleacht	Aonad 1 Lána Metge An Uaimh An Mhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Four Counties Essential Oil Company Limited	E-cig	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	35A Sráid na gCapall Droichead Átha Lú	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Siam to go Limited	Siam Thai	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	1 Lána Chlós an Bhaile Mullach Íde Baile Átha Cliath	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Kai Yun Food Services Limited	New Great Wall Chinese	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	93 Sráid Liam Uí Bhriain Mhór An Linn Dubh Corcaigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
D&F Express Catering Enterprises Limited	Apache Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	92 Sráid na Trá Na Sceirí Baile Átha Cliath	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Zaina Pizza Limited	Apache Pizza	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Cearnóg an Mhargaidh An Cabhán	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (arna leasú)
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Hoxha Foods Limited		Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	6A An Phríomhshráid Mullach Íde Baile Átha Cliath	An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015



Fostóir	Ag trádáil mar	Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú
Poweroy Inn Limited	Peony Inn	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	6 Sráid Stanhope Baile Átha Í Cill Dara	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Lobster Doyle Limited	The Lobster	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid An Coireán Ciarraí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
NLY & Co. Limited	Great Wall	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Ionad Siopadóireachta Westend Baile an Chollaigh Corcaigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015
Cork Oriental Supermarket Limited	Oriental Supermarket Express	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	26 Sráid Phóil Corcaigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Rayya Express Limited	Eco Express Hand Car Wash	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Eile	Bóthar Bhaile Átha hÚlla Baile an Mhulláin Corcaigh	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
YY Restaurant Ltd	Mr Wong Restaurant	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Mullingar Park Hotel An Muileann gCearr An Iarmhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Dillian Foods Limited	Rama Take Away	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Sráid Bhaile Átha Cliath Cornahilt Baile Shéamais Dhuibh An Cabhán	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
ZAMZAM FOODS DUNDALK LIMITED	Zam Zam Kebabs	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Lána na hAbhann Dún Dealgan Lú	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Teriyaki Soba Limited	Mekong	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	29 Sráid Oilibhéir Pluincéid An Muileann gCearr An Iarmhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006

Fostóir	Ag trádáil mar	Earnáil	Seoladh	Reachtaíocht lena mbaineann an Ciontú
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
GHRN Ltd	Golden Palace Chinese Restaurant	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Newtown Inn Restaurant Bóthar Beaufield Maigh Nuad Cill Dara	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
XL Golden Ltd	Golden Asian Street Food	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	An Phríomhshráid An Gleann Luimneach	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
Esselle Limited	Flannerys Bar	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Deochanna	17 Sráid na Danmhairge Uachtarach Luimneach	An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Asian Food Store and Catering Equipment Limited	Asian Foodstore	Trádáil Mhórdhíola & Mhiondíola	Eastát Bhaile Raithin Bóthar Ráth Mealtain Leitir Ceanainn Dún na nGall	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (arna leasú)
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Jian Shen Limited	Willows Chinese	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Bóthar Bhaile Átha Cliath Boynehill An Uaimh An Mhí	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006
				An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Chao Wen Wu & Quin Juin Gao	Tikka	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Bia	Tikka An Phríomhshráid Baile Coimín Cill Mhantáin	Na hAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006



Aguisín

3



Cinntí Breithnithe Suntasacha de chuid CCÁO 2023

Achoimre ar Chásanna ón Tuarascáil Bhliantúil

Forbhreathnú	67
Stádas Fostaíochta	67
<i>Amy Farrell i gcoinne an Garda Síochána, ADJ-00036366</i>	67
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 – gnéaschiapadh	68
<i>Catherine Kelly i gcoinne an Post, ADJ-00040021</i>	68
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 – aois scoir éigeantach	69
<i>Thomas Doolin i gcoinne Eir Business Eircom Limited, ADJ-00045261</i>	69
Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018	70
<i>Sofiya Kalinova i gcoinne Bellerophon Ltd ag trádáil mar Griffith College, ADJ-00031408</i>	70
<i>Othar i gcoinne Ospidéal agus dochtúra, ADJ-00035976</i>	71
<i>Sarah Holmes i gcoinne Chomhairle Náisiúnta na mBan, ADJ-00040678</i>	72
Caidreamh Tionsclaíoch	73
<i>Comhairleach Liachta i gcoinne CMN2, IR-SC-00000752</i>	73
Iomarcaíochtaí comhchoiteanna	73
<i>Jane Crowe i gcoinne Debenhams Retail (Ireland) Limited and Debenhams Retail (Ireland) Limited (faoi leachtú), ADJ-00038906 agus ADJ-00041248; Breda Cox i gcoinne Debenhams Retail (Ireland) Limited (faoi leachtú), ADJ-00039722</i>	73
An tAcht um Shaoire Bhreiteachta, 2022	76
<i>Karolina Leszczynska i gcoinne Musgrave Operating Partners Ireland, ADJ-00044889</i>	76
Cosaint Mháithreachais	77
<i>Mandy Hurley i gcoinne Eazy Connections Ltd. ag trádáil mar Complete Outsource Solutions, ADJ-00033976</i>	77
Pá (lena n-áirítear séisíní)	78
<i>Rhona Matthews i gcoinne Morbury Ltd. ag trádáil mar Top Security, ADJ-00037983</i>	78
<i>Sous-chef i gcoinne Óstáin, IR-SC-00001262</i>	79
Nochtadh Cosanta	80
<i>Oibrí i gcoinne Gnó teiripe suathaireachta, ADJ-00043225</i>	80

Forbhreathnú

Tugann an t-aguisín achomair cáis seo a leanas forbhreathnú ar chuid de na príomhcheisteanna dlí a tháinig chun cinn sna cinntí a d'eisigh Oifig Bhreithniúcháin (dá ngairtear "OB" sna hachoirí) i gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ("CCÁO") le linn 2023. Foilsítear é mar chuid de bheartas foriomlán trédhearcachta agus inrochtaineachta CCÁO. Soláthraíonn sé forbhreathnú áisiúil agus faisnéiseach ar an raon leathan saincheisteanna dlí a breithníodh in 2023. D'fhéadfaí go bhfuil na cinntí dá dtagraítear anseo curtha ar ceal ina dhiaidh sin ar achomharc. Ní thugtar aon bharántas, gealltanús ná ráthaíocht maidir lena stádas dlíthiúil.

Maidir le cinntí CCÁO 2023, is é an critéar le haghaidh cuimsiú ná cibé an bhfuil an cheist ábhartha agus suimiúil do pháirtithe a bhfuil baint acu le cásanna os comhair CCÁO. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil iontu ach léargas ar na cinntí a foilsíodh sa bhliain 2023.

Foilsíodh an tAguisín seo ar mhaithe le faisnéis ghinearálta agus le hinrochtaineacht amháin. Ní ráiteas ar an dlí é ó CCÁO ná thar a cheann: treoraítear gach léitheoir chuig na cinntí bunaidh, a bhfuil na ráitis faoin dlí a rinne CCÁO nó a fhoireann iontu. Ní chaitear, agus níor cheart caitheamh leis na hachoirí cáis mar chomhairle dlí. I gcomhréir lena oibleagáid reachtúil a chinntí a fhoilsiú, tá téacsanna iomlána a chinntí agus a mholtaí curtha ar fáil ag an CCÁO ar a shuíomh gréasáin ag www.workplacerelations.ie. Déantar an suíomh gréasáin a nuashonrú go rialta agus tá ardscairí cuardaigh ann. Táthar ag súil gur acmhainn úsáideach agus phraiticiúil é do gach úsáideoir.

Stádas Fostaíochta

Amy Farrell i gcoinne an Garda Síochána, ADJ-00036366

Eochairfhocail

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe) 2003, coinníoll oibiachtúil, seasta, locus standi

Cúlra

Thosaigh an Gearánach ag obair mar ghlantóir leis an bhFreagróir i mí Lúnasa 2016. Rangáíodh a ról mar ghlantóir faoisimh, agus bhí sí ar ráta pá socraithe, ag teacht leis an gcéad phointe den scála tuarastail don ghrád glantóra.

Ní bhfuair sí creidmheas incriminteach, saoire bhreiteachta íoctha, ná teidlíochtaí eile a raibh fostaithe buana sa ghrád glantóra ina dteideal.

Le linn 2016/2017, d'oibrigh sí ag stáisiúin éagsúla ag soláthar clúdach faoisimh, ach ó 2017, d'oibrigh sí go leanúnach ag an stáisiún céanna agus an obair agus na huairéanta céanna á ndéanamh aici in aghaidh na seachtaine. Chuir ceardchumann an Ghearánaigh an cheist maidir le conradh d'fhad éiginnte i mí Eanáir 2021. D'aontaigh an Freagróir go raibh teidlíocht ar chonradh den sórt sin ach níor cuireadh an cheist chun cinn. Tar éis gearán a dhéanamh le CCÁO, d'eisigh an Freagróir conradh éiginnte faoi dhó, ach tharraing sé siar iad. Ar deireadh, in Aibreán 2023, sular éisteadh leis an gcás, d'eisigh an Freagróir conradh d'fhad éiginnte don Ghearánach a bhí siardhátaithe le teacht i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2019.

Rinne an Gearánach gearán gur theip ar an bhFreagróir conradh d'fhad éiginnte a sholáthar di, agus go raibh tionchar diúltach ag an easpa rannpháirtíochta agus ag moill an Fhreagróra uirthi agus go raibh sí trína chéile.

Ghlac an Freagróir leis go raibh moilleanna ann mar gur ábhar casta a bhí ann; bhí ionchur ag teastáil ó aonaid éagsúla agus bhí ar an gceannaireacht shinsearach comhaontú leis na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta. D'áitigh sé, áfach, go raibh toradh sásúil ar an scéal agus go mbeadh aon phionós eile díréireach.



Torthaí

Luaigh an OB gur bhain an t-aon ghearán a bhí os a comhair le hAlt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 (“OTS”) agus nach raibh aon dlínse aici murach gur fostaí téarma shocraithe an Gearánach ag an am ábhartha. Seo a leanas an sainmhíniú a thugtar in Alt 2 OTS ar fhostaí téarma seasta:

“duine a bhfuil conradh fostaíochta déanta go díreach aige le fostóir i gcás ina gcinntear deireadh an chonartha fostaíochta lena mbaineann ag coinníoll oibiachtúil amhail teacht ar dháta sonrach, tasc sonrach a chur i gcrích nó teagmhas sonrach a tharlú.”

Luaigh an OB an easpa doiciméadaithe agus an easpa faisnéise a cuireadh ar fáil don Ghearánach maidir lena fostaíocht. Níor chuir an Freagróir aon chonradh fostaíochta ar fáil. Cé gur fostaíodh an Gearánach ar dtús mar ghlantóir faoisimh ag oibriú ó phainéal faoisimh, níorbh fhéidir leis an bhFreagróir a shoiléiriú conas a d’fheidhmigh an painéal seo agus níor chuir sé aon fhaisnéis isteach maidir le bunú agus feidhmiú an phainéil. Chinn an OB go bhféadfadh an Gearánach a bheith fostaithe ar shraith conarthaí ar théarma seasta ar leith, ach go raibh seans ann freisin go raibh sí fostaithe ar chonradh amháin agus gur tréimhsí asleagain aon tréimhsí nach raibh sí ag obair. Chinn an OB nach raibh aon fhianaise ann go raibh an Gearánach fostaithe ar chonradh fostaíochta a bhí inchinntithe ag coinníoll oibiachtúil ar nós dáta ar leith a bhaint amach, tasc ar leith a chur i gcrích, nó teagmhas ar leith a bheith ag tarlú. Dá réir sin, ní raibh an Gearánach ina fostaí téarma seasta agus ní raibh seasamh aici chun gearán a dhéanamh faoin OTS. Ní raibh bunús maith leis an ngearán.

[Bhí fíricí cosúla ag **Samantha McDermott i gcoinne an Garda Síochána, ADJ-00036383** agus socraíodh an cás ar an mbonn céanna]

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 – gnéaschiapadh

Catherine Kelly i gcoinne an Post, ADJ-00040021

Eochairfhocail

Ciapadh gnéasach, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021, imscrúdú agus achomharc neamhleor, beartas um Dhínit ag an Obair

Cúlra

Rinne an Gearánach, oibrí poist leis an bhFreagróir, gearán faoi ghnéaschiapadh. D’éiligh sí gur leag comhghleacaí lámh uirthi go míchuí ar an 22 Feabhra 2022. Mhaígh sí, agus í ag caint le comhghleacaí eile, gur tháinig sé suas taobh thiar di agus gur chuir sé a lámh ar an taobh istigh dá leise. Bhrúigh sí uaidh é, á rá gur thug sí rabhadh dó roimhe sin gan é sin a dhéanamh.

Cúpla lá ina dhiaidh sin, thuairiscigh an Gearánach an teagmhas don bhainisteoir urláir agus rinne sí ráiteas scríofa. Fuarthas TCI den eachtra, agus rinne an comhghleacaí a raibh an Gearánach ag labhairt léi ag am na heachtra ráiteas. Cuireadh na líomhaintí faoi bhráid an chiontóra a líomhnaíodh, agus dúirt sé nach raibh a fhios aige faoin eachtra. Rinne duine in ‘oibríochtaí urláir’ an eachtra a fhiosrú. Níor cuireadh an Gearánach faoi agallamh. I mí na Bealtaine, dúradh léi nach raibh dóthain fianaise ann chun seasamh leis an ngearán mar níor léirigh an TCI aon teagmháil mhíchuí agus níor chuir an ráiteas ón gcomhghleacaí aon fhianaise thacaíochta ar fáil, go díreach gur thug sí faoi deara freagairt suaite an Ghearánaigh.

Rinne an Gearánach achomharc chuig an mBainisteoir Acmhainní Daonna. Tionóladh cruinniú achomhairc i mí an Mheithimh 2022 agus bhí an duine a rinne an t-imscrúdú tosaigh i láthair mar bhreacaire nótaí. Ní dhearnadh athbhreithniú ar TCI agus níor cuireadh ceist ar an nGearánach faoi na himeachtaí ba chúis léi an gearán a dhéanamh. Seasadh leis an mbuntoradh.

Rinne an Gearánach gearán go raibh an t-imscrúdú míshásúil, agus nár lean an Freagróir na nósanna imeachta a leagadh amach ina lámhleabhar d’fhostaithe.

Dúirt an Freagróir go ndearnadh imscrúdú iomlán ar an eachtra faoin mBeartas um Dhínit ag an Obair.

Torthaí

Luaitear in Alt 14A den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (“ACF”) más féidir féachaint ar ghnéaschiapadh ag duine seachas an fostóir mar idirdhealú ag an bhfostóir, féadfaidh an fostóir brath ar an gcosaint go ndearnadh cibé bearta a bhí indéanta le réasún chun déileáil leis an líomhain maidir le gnéaschiapadh. Bhreithnigh an OB an tOrdú fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Cód Cleachtais) (Ciapadh) 2012 a fhorálann go ndéileáiltear le himscrúdú ar aon ghearán “go cothrom, go hógair agus le meas cuí ar chearta an ghearánaigh agus an chiontóra a líomhnaíodh araon”. Ba cheart go gcloífeadh an t-imscrúdú leis na rialacha maidir le cothroime nós imeachta lena n-áirítear an gearánach agus an té líomhnaithe a chur ar an eolas faoin nós imeachta agus faoina gceart chun ionadaíocht a fháil, agus sonraí iomlána a thabhairt dóibh i scríbhinn faoin ngearán agus faoi ráitis na bhfinnéithe.

Chinn an OB go raibh sé soiléir gur sháraigh an t-imscrúdú a raibh leagtha amach sa Chód Cleachtais agus a raibh riachtanach chun leas a bhaint as an gcosaint faoi a.14A.

Maidir leis an achomharc, thug an OB faoi deara gur cuireadh agallamh ar an nGearánach agus ar an gciontóir líomhnaithe ach níor thug nótaí na beirte le fios go raibh dianphlé ar an eachtra. Chuir láithreach an imscrúdaitheora ag na hagallaimh isteach ar leithliseacht an achomhairc ón imscrúdú tosaigh. Thug an OB faoi deara freisin nár léirigh an TCI, mar gheall ar shuíomh an cheamara, go raibh teagmháil fhisiciúil ann, ach léirigh sé go raibh an té a rinne an cion ag teacht gar don Ghearánach agus ag brú uirthi.

Mhaígh an OB, i bhfianaise ráiteas an Ghearánaigh agus an TCI, gur cheart aird a thabhairt ar an ngearán agus imscrúdú a dhéanamh air de réir an bheartais um Dhínit ag an Obair, Frithbhulaíocht agus Ciapadh. Bhí go leor easnamh san imscrúdú tosaigh agus san achomharc araon. Dá réir sin, ní fhéadfadh an Freagróir brath ar chosaint s.14A ACF. Thug an OB faoi deara nach raibh sé soiléir cén fáth ar mheas bainisteoirí áitiúla go raibh sé cuí déileáil le gearán den sórt sin go háitiúil, gan aon tagairt d’Acmhainní Daonna.

D’éirigh leis an nGearánach ina gearán faoi ghnéaschiapadh. Bhronn an OB uasdámhachtain de luach saothair dhá bhliain maidir le cé chomh dona agus a leanadh an beartas agus

éifeachtaí an idirdhealaithe ar an nGearánach; luaigh an OB freisin gur cheart go mbeadh dámhachtainí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. B’ionann an dámhachtain agus €53,560. D’ordaigh an OB freisin go gcuirfí oiliúint iomlán ar gach ball foirne maoirseachta agus bainistíochta maidir leis an mbeartas um Dhínit ag an Obair.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021 – aois scoir éigeantach

Thomas Doolin i gcoinne Eir Business Eircom Limited, ADJ-00045261

Eochairfhocail

Aois scoir éigeantach, fírinniú oibiachtúil, pleanáil comharbais, measúnú aonair, post a thabhairt ar ais.

Cúlra

Thosaigh an Gearánach ag obair don Fhreagróir i Meán Fómhair 2019. D’oibrigh sé mar Ghníomhaire Tacaíochta Deisce ar thuarastal €35,000 sa bhliain.

Nuair a thosaigh an Gearánach ag obair don Fhreagróir, bhí athbhreithniú á dhéanamh ag an bhFreagróir ar a scéimeanna pinsin agus a mholtaí chun an aois scoir a ailíniú go 65. Cuireadh an t-athrú sin in iúl don fhoireann go léir i mí Aibreáin 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Iúil 2020.

Bhí an Gearánach le 65 bliain d’aois a bhaint amach i mí Iúil 2023. I mí Eanáir 2023, cuireadh in iúl dó go raibh sé le dul ar scor agus ina dhiaidh sin d’iarr sé go foirmiúil leanúint ag obair thar 65 bliain d’aois. Bhuail an Gearánach lena bhainisteoir líne agus le ball na nAcmhainní Daonna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas, iarratas a diúltaíodh ina dhiaidh sin. Tar éis cruinniú achomhairc, eisíodh cinneadh deiridh don Ghearánach i mí Aibreáin 2023 a sheas leis an gcinneadh bunaidh gan síneadh ama a chur leis an aois scoir.

Rinne an Gearánach gearán go ndearna an Freagróir idirdhealú ina aghaidh contrártha leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (“ACF”) nuair a cuireadh ar scor go héigeantach é.



Torthaí

Deir Alt 85A ACF nach mór don Ghearánach na fíricí a chruthú a thugann idirdhealú le fios, agus ina dhiaidh sin ní mór don Fhreagróir a chruthú nach raibh aon idirdhealú ann. Tugann aois éigeantach scoir idirdhealú le fios.

Bhreithnigh an OB ar chuir an Freagróir fírinne oibiachtúil chun cinn don aois scoir éigeantach de 65. D'áitigh an Freagróir go raibh na cúiseanna seo a leanas dlisteanach agus oibiachtúil dá aois scoir éigeantach: an gá atá le cothroime ó ghlúin go glúin a chur chun cinn, an gá le comharbas a phleanáil go héifeachtach, agus an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht aoise a choinneáil san fhórsa saothair chun seasamh le dínit aonair an fhostaí.

Thug an OB faoi deara nuair a scrúdaíodh ceist na cothroime idirghlúine agus an gá gaolmhar le conairí gairme a chosaint agus scileanna agus eolas a chaomhnú, gurbh é comhthéacs an ghearáin seo ná go raibh ról sóisearach ag an nGearánach, agus nár dhócha go gcuirfí bac ar dhul chun cinn gairme aon fhostaí eile dá gcoimeádfaí san fhostaíocht é.

Ina theannta sin, chinn an OB nach mbeadh aon tionchar ar phleananna comharbais, agus nach dtiocfadh cás priacal féideartha (ina bhféadfadh líon suntasach fostaithe dul ar scor go comhuaineach) chun cinn dá gcoinneofaí an Gearánach ina fhostaíocht, maidir leis an roinn bheag agus neamhstraitéiseach TF ina raibh an Gearánach ag obair, mar aon le nádúr neamhchriticiúil an ról a bhí á chomhlíonadh aige don Fhreagróir. D'aithin an OB dlisteanacht imní sláinte agus sábháilteachta an Fhreagróra do 85% den fhórsa saothair a bhí i mbun gníomhaíochtaí allamuigh. Thug sé le fios, áfach, nach raibh feidhm ag imní dá leithéid maidir leis an nGearánach, toisc go raibh sé ag obair ag an ndeasc amháin.

Dá réir sin, chinn an OB nach raibh údar oibiachtúil ag baint le cinneadh an Fhreagróra diúltú do chhead a thabhairt don Ghearánach leanúint ag obair thar 65 bliain d'aois ar aon cheann de na forais a leagadh amach sa bheartas scoir, i bhfianaise a ról shonraigh. Chinn sé go raibh “easpa grinnscrúdaithe léirithe maidir le comhoiriúnacht aidhmeanna dlisteanacha sonraithe an Fhreagróra sa chás láithreach le saintréithe sonracha an Ghearánaigh”.

Thug an OB aird freisin ar an gCód Cleachtas ar Oibriú Níos Faide agus ar an moladh go gcaithfidh fostóirí machnamh a dhéanamh ar an “creat reachtúil agus dlíthiúil athraitheach maidir le teidlíochtaí scoir agus pinsin”. Luaigh an OB tacar teoranta sainscileanna an Ghearánaigh, an fhíric go raibh sé fós ar lorg oibre, agus gur tháinig a ioncam ar fad ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh, arbh ionann í agus níos lú ná 40% dá thuilleamh ón bhFreagróir. Chinn an OB nach raibh aon fhianaise ann gur bhreithnigh an Freagróir ionchais phoist an Ghearánaigh sa todhchaí agus an laghdú a rabhthas ag súil leis ar a ioncam agus cinneadh á dhéanamh aige a fhostaíocht a chríochnú.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le sásamh, ghlac an OB leis go raibh an Gearánach gafa go gníomhach le fostaíocht a lorg ach nach raibh sé in ann obair a aimsiú. Chinn sé freisin go raibh sé soiléir go raibh caidreamh iontach idir na páirtithe le linn fhostaíocht an Ghearánaigh agus gurbh fhostaí é a raibh an-luach air. Mar sin, d'ordaigh an OB go dtabharfaí a ról roimhe sin ar ais don Ghearánach le héifeacht ón dáta a scoir sé.

Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018

Sofiya Kalinova i gcoinne Bellerophon Ltd ag trádáil mar Griffith College, ADJ-00031408

Eochairfhocail

An tAcht um Stádas Comhionann 2000 go 2018, freastal réasúnta, ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Cúlra

Sa bhliain 2020, theastaigh ón nGearánach iarratas a dhéanamh ar chúrsa ullmhúcháin leis an bhFreagróir roimh scrúduithe iontrála Óstaí an Rí. Tá an Gearánach bodhar amach is amach agus bhí freastal á lorg aici chun páirt a ghlacadh sa chúrsa, amhail ateangaireacht TCÉ agus breacaire nótaí. Dúirt an Gearánach go raibh sí ag súil le plé faoina riachtanais ach go bhfuair sí freagra diúltach ón bhFreagróir.

Bhí ‘Beartas Tacaíochta d’Fhoghlaimoirí Acadúla’ ag an bhFreagróir. In alt 6.2 thug sé aghaidh ar ‘Laige éisteachta, bodhar, allaire’ mar a leanas:

6.2.1 Braithfidh méid na ndúshlán a bheidh roimh fhoghlaimoir a bhfuil lagú éisteachta air/uirthi ar mhéid na bodhaire a diagnóisíodh. Buailtear le foghlaimoirí ina n-aonar chun a gcuid riachtanas, agus oiriúnuithe a d’fhéadfadh a bheith de dhíth, a phlé sula gcuirtear tús leis an gclár.

6.2.2 I gcás ina mbíonn ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) ag teastáil ó fhoghlaimoir atá bodhar, íocfaidh an foghlaimoir as an gcostas sin.

Ní raibh an Freagróir ina institiúid incháilithe faoin gCiste do Dhaltaí faoi Mhíchumas. Nuair a fuarthas iarratas an Ghearánaigh, a bhí thart ar leath bealaigh tríd an gcúrsa, d’fhéach ceannasaí na scoile dlí gairmiúla ar shuíomhanna gréasáin chun praghas a fháil ar ateangaire agus ar bhreacaire nótaí. B’ionann an costas agus beagnach costas na táille teagaisc. Ghlac an Freagróir leis gur fhéach sé ar an iarratas mar iarratas a chuaigh siar go dtí tús an chúrsa. Dúirt an Freagróir nár bhuail sé leis an nGearánach ná nár roinn sé na costais léi mar gheall ar an bhfráma ama a bhí i gceist. Mheas an Freagróir gur ar ateangaire TCÉ a bhí iarratas an Ghearánaigh agus dá bhrí sin, níor bhreithnigh an Freagróir tacaíochtaí eile. Luaigh an Freagróir freisin go ndearna an Gearánach iarratas in 2019 ar ateangaireacht TCÉ, a tarraingíodh siar níos déanaí, agus go ndúradh leis an nGearánach ag an am sin nach bhféadfadh an Freagróir freastal ar an iarratas.

Torthaí

Luaigh an OB go bhforáiltear le halt 4(1) de na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 (“ASC”) “folaíonn idirdhealú diúltú nó mainneachtain ag soláthraí seirbhíse gach ní réasúnach a dhéanamh chun freastal ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas trí chóir speisialta nó trí shaoráidí speisialta a sholáthar, más rud é, d’uireasa na córa nó na saoráidí speisialta sin, nárbh fhéidir leis an duine féin leas a bhaint as an tseirbhís”. Deir alt 4(2) nach measfar diúltú nó teip den sórt sin a bheith míréasúnta “mura dtitfeadh costas, seachas costas ainmniúil, ar sholáthraí na seirbhíse atá i gceist mar gheall ar an soláthar sin”.

Mhaígh an OB gurb é croílár a.4 ná “an riachtanas chun riachtanais duine a mheas féachaint an féidir freastal ar na riachtanais sin”. Bhí deacracht ann le polasaí seasta, mar atá leagtha amach i 6.2.2 de bheartas an Fhreagróra, toisc go gcuireann sé bac ar an soláthraí seirbhíse ó riachtanais duine a mheas. Luaigh an OB nach bhfuil sé éigeantach bualadh le duine atá ar lorg freastal réasúnta ach “gur cheart go mbeadh tuiscint shoiléir ag an soláthraí seirbhíse ar riachtanais an duine” chun a.4(1) a chomhlíonadh.

Rinne an Freagróir tuairimí ansin maidir le riachtanais an Ghearánaigh: ghlac sé leis go raibh ateangaireacht TCÉ agus breacaire nótaí uaithi, agus gur theastaigh an freastal sin uaithi don chúrsa iomlán, agus thuig sé é sin ó fhiosrúchán 2019. Cé gur bhreithnigh an Freagróir costas ateangaireachta, bhí sé sin bunaithe ar an gcúrsa iomlán agus níor lorgaíodh ach praghas amháin. Mhaígh an OB gur cheart don Fhreagróir tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh agus gur cheart go mbeadh an costas roinnte aige leis an nGearánach agus go mbeadh deimhnithe léi an raibh sí ar lorg ateangaireachta do na seachtainí cailte.

Chinn an OB gur sárú ar an ACF a bhí ann agus dámhadh €3,000 mar chúiteamh ar an nGearánach, agus éifeachtaí an idirdhealaithe curtha san áireamh. D’ordaigh an OB freisin beart gníomhaíochta go ndéanfadh an Freagróir athmheasúnú ar a bheartas chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an ACF.

Othar i gcoinne Ospidéal agus dochtúra, ADJ-00035976

Eochairfhocail

An tAcht um Stádas Comhionann, a.16(2), nótaí leighis, breithiúnas cliniciúil.

Cúlra

D’éiligh an Gearánach go ndearnadh idirdhealú uirthi ar fhorais inscne, cine agus míchumais, contrártha do na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018 (“ASC”).

D’fhreastail an Gearánach ar an dochtúir ar an 15 Iúil 2020 le haghaidh comhairliúcháin maidir le strus trámach tar éis ionsaí gnéis tromchúiseach. Rinne an Gearánach gearán go raibh míchruinneas i nótaí leighis an dochtúra agus d’iarr sí iad a cheartú.



Cé go ndearnadh go leor leasuithe, chuir an Gearánach in aghaidh na tagartha gur óltóir ragúis í. Dúirt sí go raibh sé seo ag cur an mhilleáin ar an íospartach agus gur steiréitíopa é go raibh an milleán ar íospartaigh ionsaithe gnéis mar gheall ar an úsáid a bhaineann siad as alcól. B'ionann é seo agus idirdhealú inscne.

D'áitigh an dochtúir agus an t-ospidéal gur cleachtadh breithiúnais chliniciúil a bhí sa tagairt do ragús óil.

Torthaí

Ghlac an OB leis go bhféadfadh cóireáil níos measa a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid téarma cosúil le 'ragús óil' ar fhorais inscne, i gcomhthéacs milleán a chur ar íospartach an fhoréigin ghnéasaigh. Ghlac an OB le fianaise ón nGearánach freisin nach raibh sí ag ól go trom ag am an chomhairliúcháin. Mar sin féin, b'é úsáid an téarma úsáid téarma chliniciúil agus feidhmiú breithiúnais chliniciúil. Tháinig sé seo laistigh den chur síos ar ghníomhaíochtaí neamh-idirdhealaitheacha a leagtar amach in a.16 ASC, agus go sonrach alt 16(2)(a): "Ní idirdhealú déileáil ar bhealach éagsúil le duine más rud é, maidir leis an duine, nach ndéileáiltear amhlaidh leis nó léi ach amháin i bhfeidhmiú breithiúnais chliniciúil i dtaca le tinneas a fháthmheas nó lena chóireáil mhíochaine nó lena cóireáil mhíochaine". Dá réir sin, ní raibh aon idirdhealú i gcoinne an Ghearánaigh.

Sarah Holmes i gcoinne Chomhairle Náisiúnta na mBan, ADJ-00040678

Eochairfhocail

Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018, a.15(1), riosca suntasach d'iompar coiriúil nó mí-ordúil.

Cúlra

Reáchtáil an Freagróir imeacht poiblí ar an 9 Meitheamh 2022 in óstán. Chláraigh an Gearánach chun dhá thicéad a fháil don imeacht ach diúltaíodh cead isteach ar an lá. Bhí aithne ag an bhFreagróir ar an nGearánach, toisc go raibh comhfhreagras seolta aici chuig an bhFreagróir roimhe sin a chuir in aghaidh cuid dá pholasaithe agus comhalta boird ainmnithe.

Roimh an imeacht ar an 9 Meitheamh 2022, rinne an Freagróir measúnú riosca. Cuireadh béim ar an nGearánach mar chuid den mheasúnú riosca sin, ach bhí sé beartaithe ag an bhFreagróir daoine a raibh tuairimí láidre acu, a bhí contrártha lena chuid tuairimí féin, lena n-áirítear an Gearánach, a ligean isteach san imeacht. An oíche roimh an imeacht, áfach, d'eisigh eagraíocht preaseisiúint, a scaipeadh ar na mílte daoine ar na meáin shóisialta, a dhírigh ar chomhalta boird den Fhreagróir agus a chuir síos ar a pleananna chun "gníomh a chur ar siúl" ag an imeacht. Cuireadh an Freagróir ar an eolas faoin bpreaseisiúint an mhaidin dár gcionn, díreach uair an chloig roimh an imeacht. Dúirt an Freagróir go raibh tréimhse ghairid aige chun an fhorbairt sin a réiteach agus chun sábháilteacht an chomhalta boird ainmnithe, na ndaoine a bheadh i láthair, na gcomhaltaí boird eile, agus na gcainteoirí a chinntiú. Chomh maith le bearta a dhéanamh amhail baill foirne a athdháileadh agus leagan amach an limistéir chlárúcháin a athchumrú, chinn an Freagróir iontráil a dhiúltú do chomhaltaí na heagraíochta agus do dhaoine a d'ailínigh iad féin le tuairimí na heagraíochta, lena n-áirítear an Gearánach. Dúirt an Freagróir go raibh an cinneadh sin bunaithe ar riosca.

Líomhain an Gearánach go ndearnadh idirdhealú uirthi bunaithe ar reiligiún, contrártha leis an Acht um Stádas Comhionann 2000 ("ASC").

D'áitigh an Freagróir nach raibh cás idirdhealaithe prima facie bunaithe ag an nGearánach.

Torthaí

Sonraíonn Alt 15(1) den ASC nach gá seirbhís a sholáthar "in imthosca lena dtabharfaí ar phearsa aonair réasúnach a mbeadh freagracht, eolas agus taithí an duine aige nó aici a chreidiúint, ar fhorais seachas forais idirdhealaitheacha", go gcruthódh soláthar na seirbhíse don chustaiméir "baol mór iompair nó iompraíochta atá coiriúil nó easordúil nó baol mór go ndéanfaí damáiste do mhaoin". Dá réir sin, thug an OB faoi deara go gceadaíonn alt 15(1) "do sholáthraí seirbhíse seirbhís a dhiúltú i gcúinsí ina gcreideann sé go bhfuil baol mór iompair nó iompraíochta atá coiriúil nó easordúil ann". Maidir le cásdlí, thug an OB faoi deara go gcaithfeadh sí an fianaise ina hiomláine a mheas agus go gcaithfeadh fianaise a bheith ann ar bhaol mór, ar baol níos mó ná baol réasúnta é.

Tar éis don OB an fhianaise a mheas, bhí sí sásta go ligfí an Gearánach isteach san imeacht mura mbeadh an preasráiteas eisithe. Bhí an OB sásta, nuair a fuair an Freagróir an preasráiteas, go raibh air gníomhú go tapa chun déileáil le baol mór iompair nó iompraíochta atá coiriúil nó easordúil. Thug an OB faoi deara go raibh dualgas ar an bhFreagróir iad siúd go léir a bhí ag an imeacht a chosaint. Dá réir sin, chinn an OB go raibh feidhm ag alt 15(1) agus nach raibh aon idirdhealú ann.

Caidreamh Tionsclaíoch

Comhairleach Liachta i gcoinne CMN2, IR-SC-00000752

Eochairfhocail

Caidreamh Tionsclaíoch, an sainmhíniú ar ‘aighneas ceirde’, aighneas oibrí in aghaidh oibrí, dlínse.

Cúlra

Chuir oibrí díospóid faoi bhráid CCÁO faoin Acht Caidrimh Thionscail 1969 (“Acht CT”). Bhain conspóid an oibrí le tuairimí a thug oibrí eile le linn imscrúdaithe dínit ag an obair ina ionad fostaíochta. Líomhain an t-oibrí go raibh mífhaisnéis sna tuairimí sin agus go raibh siad clúmhillteach agus theastaigh uaidh go dtarraingeofaí siar na tuairimí. Níor oibrigh an t-oibrí eile leis an bhfostóir a thuilleadh.

Torthaí

Bhreithnigh an OB ar dtús an raibh dlínse ann chun éisteacht leis an díospóid. Luaigh an OB go raibh an dlínse teoranta d’imscrúdú a dhéanamh ar ‘aighneas ceirde’. Sainmhíonann Alt 3 den Acht Caidrimh Thionscail 1966 ‘aighneas ceirde’ mar “aon aighneas nó díospóid idir fhostóirí agus oibríthe nó idir oibríthe agus oibríthe maidir le fostaíocht nó neamhfhostaíocht, nó le téarmaí fostaíochta, nó le coinníollacha fostaíochta, dhuine ar bith, agus foláinn sé aon aighneas ceirde nó díospóid den sórt sin idir fostóirí agus oibríthe i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht.”

Mheas an OB go raibh dhá chomhpháirt riachtanacha sa sainmhíniú sin: (i) na páirtithe sa díospóid; agus (ii) an t-ábhar.

Maidir leis na páirtithe sa díospóid, luaigh an OB go gcaithfidh oibríthe agus fostóirí a bheith bainteach le haighneas ceirde. Bhí sé i gceist go

gclúdódh an tagairt do “oibríthe agus oibríthe” aighnis idircheardchumainn agus aighnis maidir le críochadóireacht amháin. Tá sé sin soiléir ó reachtaíocht a bhí ann roimhe sin agus ó stair achtaithe Acht 1946. Ní mór breathnú ar an sainmhíniú “mar thoradh ar an timpeallacht pholaitiúil, thionsclaíoch, eacnamaíoch agus shóisialta a bhí i réim in Éirinn tar éis an Dara Cogadh Domhanda/an Éigeandáil” áit a raibh méadú ar chorráil idircheardchumainn agus ar aighnis maidir le críochadóireacht le deich mbliana anuas. Dá réir sin, ní chlúdaíonn an sainmhíniú ar ‘aighneas ceirde’ aighnis ‘oibrí i gcoinne oibrí’.

Toisc gur aighneas ‘oibrí in aghaidh oibrí’ a bhí san aighneas seo, agus nár bhain an t-ábhar le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta an oibrí lena fhostóir, mar go ndearna sé gearán faoi thuairimí líomhnaithe clúmhillteacha ó chomhghleacaí oibre, chinn an OB nárbh aighneas ceirde an t-aighneas agus nach raibh dlínse ag an CCÁO éisteacht leis an scéal.

Iomarcaíochtaí comhchoiteanna

Jane Crowe i gcoinne Debenhams Retail (Ireland) Limited agus Debenhams Retail (Ireland) Limited (faoi leachtú), ADJ-00038906 agus ADJ-00041248; Breda Cox i gcoinne Debenhams Retail (Ireland) Limited (faoi leachtú), ADJ-00039722

Eochairfhocail

Iomarcaíochtaí comhchoiteanna, an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta 1977, comhairliúchán, in am agus i dtráth, faisnéis ábhartha, Treoir 98/59/CE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna.

Jane Crowe

Cúlra

Bhain an cás seo le brainse Debenhams in Éirinn ag scor de thrádáil agus ag dul faoi leachtú, agus le hiomarcaíocht na foirne ar fad ag tús phaindéim Covid-19, ach bhain sé go sonrach le saincheisteanna a bhain leis an gcomhairliúchán a rinneadh leis an bhfoireann faoi alt 9 agus 10 den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977 go 2014 (“ACF”).



Cé gur Gearánach amháin a rinne an gearán, a bhí ag obair mar chúntóir siopa in Debenhams Ireland, ba é seo an chéad cheann de go leor gearán a rinne Mandate thar ceann fostaithe Debenhams Ireland.

Ba é Debenhams Retail (Limited) Ltd fochuideachta Éireannach na máthairchuideachta sa RA. Ar an 8 Aibreán 2020, chuir Debenhams UK in iúl do Debenhams Ireland nach bhféadfadh sé tacaíocht airgeadais a sholáthar dó a thuilleadh toisc go raibh máthairchuideachta na RA dócmhainneach agus go gceapfaí riarthóirí gan mhoill.

Ar an 9 Aibreán 2020, bhí cruinniú éigeandála ag Bord Stiúrthóirí Debenhams Ireland agus chinn comhaltaí an Bhoird nach bhféadfadh an chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil. Mhol siad go ndéanadh Debenhams UK, mar mháthairchuideachta agus scairshealbhoir aonair Debenhams Ireland, achainí láithreach chuig an Ard-Chúirt chun deireadh a chur leis an gcuideachta agus leachtaitheoir a cheapadh. Ar an dáta céanna, scríobh Príomhfheidhmeannach Debenhams Ireland chuig an bhfoireann chun an leachtú a rabhthas ag súil leis a chur in iúl agus chun a dheimhniú nach raibh na siopaí na Éirinn chun athoscailt.

Ar an 14 Aibreán 2020, cheadaigh Debenhams Ireland rún scríofa ag rá go gcuirfí deireadh leis an gcuideachta agus ag ordú do na stiúrthóirí achainí a dhéanamh chun deireadh a chur leis an gcuideachta. Ar an dáta céanna, scríobh bainisteoir AD Debenhams Ireland chuig Ard-Rúnaí Cúnta Cheardchumann Mandate i gcomhréir leis an ACF chun a rá gur bhain na cúiseanna leis na hiomarcaíochtaí beartaithe le deacrachtaí trádála agus leis an iarratas chun leachtaitheoir a cheapadh. Luaigh sé go raibh ról fhostaithe uile na cuideachta beartaithe le haghaidh iomarcaíochta.

Ceapadh comhleachtaitheoirí sealadacha ar an 16 Aibreán 2020. Ceapadh iad mar leachtaitheoirí ar an 30 Aibreán 2020 agus ar an dáta sin d'ordaigh an chúirt freisin deireadh a chur leis an gcuideachta.

Ar an 17 Aibreán 2020, bhí cruinniú Zoom ag na comhleachtaitheoirí sealadacha, ag pearsanra na cuideachta agus ag ionadaithe na bhfostaithe. Chuir an cruinniú seo tús leis an tréimhse chomhairliúcháin 30 lá mar atá leagtha amach san ACF.

Ón dáta sin go dtí deireadh na tréimhse chomhairliúcháin, chuaigh na leachtaitheoirí i dteagmháil leis an gceardchumann trí chomhfhreagras, agus reáchtáladh go leor cruinnithe chomhairliúcháin eile.

Uaireanta, rinne an ceardchumann gearán go raibh an fhaisnéis a chuir na leachtaitheoirí ar fáil neamhiomlán.

Ar an 20 Bealtaine 2020, tar éis an phróisis comhairliúcháin a thabhairt chun críche, scríobh na leachtaitheoirí chuig na fostaithe ag tabhairt fógra faoi fhorceannadh fostaíochta ar fhorais iomarcaíochta.

Ceanglaíonn Alt 9 ACF ar fhostóir a bheartaíonn iomarcaíochtaí comhchoiteanna a chruthú dul i gcomhairle le hionadaithe fostaithe a luaithe is féidir, agus ar a laghad 30 lá sula dtugtar an chéad fhógra dífhostaithe. Le linn an chomhairliúcháin, ba cheart don fhostóir dul i ngleic leis an bhféidearthacht na hiomarcaíochtaí atá beartaithe a sheachaint, líon na bhfostaithe a ndéanann siad difear dóibh a laghdú, nó iarmhairtí na n-iomarcaíochtaí a mhaolú.

Ceanglaíonn Alt 10 ACF ar fhostóir an fhaisnéis ábhartha ar fad a sholáthar d'ionadaithe na bhfostaithe le haghaidh na gcomhairliúcháin.

D'áitigh an Gearánach gur theip ar Debenhams Ireland ailt 9 agus 10 a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh tús curtha ag Debenhams Ireland leis an bpróiseas comhairliúcháin ar an 9 Aibreán 2020 ar a mhoille, mar ba léir go raibh iomarcaíochtaí comhchoiteanna á mbeartú ag an bpointe sin. Níor cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin go dtí an 17 Aibreán 2020, áfach, nuair a bhí leachtaitheoirí sealadacha ceaptha cheana féin. Ina theannta sin, theip ar na leachtaitheoirí dul i mbun comhairliúcháin fiúntach, agus ghlac siad páirt go héighníomhach sa phróiseas mar chleachtadh ticbhosca. Theip orthu faisnéis ábhartha a thabhairt faoin úinéireacht stoic, faoin gcumas an t-ardán ar líne a oibriú, faoi bhrabúsacht na siopaí, agus faoi ús léasachta.

D'áitigh Debenhams Ireland gur cuireadh tús leis an gcomhairliúcháin chomh luath agus ab fhéidir tar éis don mháthairchuideachta sa RA a rá nach bhféadfadh sí an gnó in Éirinn a mhaoiniú a thuilleadh. Bhí airgead á chailleadh ag Debenhams Ireland le blianta anuas agus bhí sé ag brath go hiomlán ar mháthairchuideachta na RA le haghaidh tacaíochta. Ghníomhaigh na leachtaitheoirí go pras in ainneoin na mbacainní móra lóistíochta a chruthaigh an phaindéim agus an dianghlasáil a bhí ar siúl. Chomhlíon siad a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le comhairliúcháin fiúntach, toisc gur soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha ar fad. Bhí smacht teoranta ag an gcuideachta chun gníomhú ina haonar ó tháinig máthairchuideachta na RA isteach sna comhaontuithe léasa agus ó rialaigh sí an t-ardán ar líne a raibh sí ina úinéir air.

D'áitigh Debenhams Ireland nárbh fhéidir scála na gcaillteanas post a theorannú ná a dtionchar a mhaolú mar gheall ar na bhfírinní airgeadais. Bhí oibleagáidí ar na leachtaitheoirí freisin do chreidiúnaithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

Torthaí

Bhreithnigh an OB ar dtús pointe spreagtha na gcomhairliúcháin. Ag féachaint do chásdlí na hÉireann agus an AE (*Tangey i gcoinne Dell Products* [2013] IEHC 622), chinn an OB go gcaithfeadh sé machnamh a dhéanamh ar cén teagmhas “a bhí de chineál cinnidh straitéisigh agus a d’fheidhmigh fórsa láidir ar an bhfostóir chun críocha éifeacht a thabhairt don oibleagáid chomhairliúcháin”.

Anseo, chinn an OB go ndearna Debenhams UK cinneadh straitéiseach/eacnamaíoch ar an 8 Aibreán 2020 gan Debenhams Ireland a mhaoiniú a thuilleadh. Chuir “an cinneadh sin fórsa láidir ar an bhfostóir éifeacht a thabhairt don oibleagáid chomhairliúcháin i gcás ina gcaithfí machnamh a dhéanamh ar iomarcaíochtaí comhchoiteanna”.

Toisc gur spreagadh cúrsaí ar an 8 Aibreán 2020, ba í an chéad cheist eile ná ar cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin chomh luath agus ab fhéidir faoi a. 9. Cuireadh tús leis ar an 17 Aibreán 2020. Bhí an OB ag brath ar Threoir 98/59/CE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna, go háirithe Airteagal 2(1) lena bhforáiltear:

“I gcás ina bhfuil fostóir ag beartú iomarcaíochtaí comhchoiteanna, tosóidh sé comhairliúcháin le hionadaithe na n-oibrithe in am trátha chun teacht ar chomhaontú.”

D’áitigh Debenhams Ireland gur cuireadh tús ‘in am i dtráth’ leis an gcéad chruinniú comhairliúcháin ar an 17 Aibreán 2020, i bhfianaise na gcéimeanna praiticiúla a raibh gá leo maidir le glasáil Covid-19, lena n-áirítear srianta ama toisc go ndearnadh an cinneadh le linn na Cásca agus tréimhse saoire poiblí.

Mhaígh an OB go gcaithfí ‘in am i dtráth’ a léamh i gcomhar le hAirteagal 2(2), a deir nach mór don chomhairliúcháin “bealaí agus modhanna a chlúdach chun iomarcaíochtaí comhchoiteanna a sheachaint nó líon na n-oibrithe a ndéantar difear dóibh a laghdú, agus chun na hiarmhairtí a mhaolú”.

Luaigh an OB go raibh an t-am ríthábhachtach sa chás seo. Ní mór breathnú ar an gceanglas dul i gcomhairle ‘in am i dtráth’ i gcomhthéacs leochaileacht na cuideachta, i.e. “go háirithe maidir leis an tionchar airgeadais ar an eintiteas de bharr orduithe sláinte poiblí Covid-19 agus dúnadh siopaí a measadh a bheith neamhriachtanach agus aistarraingt na tacaíochta airgeadais ón Máthairchuideachta”. Murab ionann agus máthairchuideachta na RA, ní fhéadfadh Debenhams Ireland cosaint a lorg i gcoinne creidiúnaithe. I gcúinsí den sórt sin, is éard a bhí i gceist le ‘in am i dtráth’ ná ‘chomh luath agus is féidir’, “go háirithe nuair a laghdaítear na roghanna chun tionchar na n-iomarcaíochtaí comhchoiteanna a mhaolú nuair a chuirtear cuideachta faoi leachtú”. Dá réir sin, chinn an OB “nach mbeadh sé míréasúnta go gcuirfí tús leis an gcomhairliúcháin faoin 9 Aibreán 2020”. Bhí an mhoill go dtí an 17 Aibreán ábhartha maidir le “roghanna féideartha a laghdú chun iarmhairtí na n-iomarcaíochtaí comhchoiteanna beartaithe a laghdú agus a mhaolú”.

Maidir leis an oibleagáid an fhaisnéis ábhartha ar fad a sholáthar de réir a.10, chinn an OB nach mór ciall a bhaint as sin ag féachaint don cheanglas go gcaithfidh an chomhairliúcháin a bheith faoi na “bealaí agus modhanna chun iomarcaíochtaí comhchoiteanna a sheachaint nó líon na n-oibrithe a ndéantar difear dóibh a laghdú, agus chun na hiarmhairtí a mhaolú”. D’iarr an ceardchumann faisnéis le go bhféadfaí moltaí cuiditheacha a chur le chéile. Chinn an OB, i gcomhthéacs siopa miondíola, go raibh “brabúsacht gach siopa; luach an stoic; cé leis a raibh an stoc; an cumas chun trádáil ar líne le linn na Paindéime; agus na socruithe léasa tiarna talún” ina bhfachtóirí ábhartha maidir le tograí cuiditheacha a cheapadh. Bhí an fhaisnéis sin ábhartha agus riachtanach agus níor cuireadh ar fáil í. Chuir easpa na faisnéise sonraí bac ar chumas an cheardchumainn tograí cuiditheacha a dhéanamh.

Dá réir sin, chinn an OB gur ghá tús a chur leis an bpróiseas níos luaithe ná mar a rinneadh agus, nuair a cuireadh tús leis, nach ndearnadh é go fiúntach. Mar sin sháraigh Debenhams Ireland ailt 9 agus 10 ACF. Forálann Alt 11A ACF d’uasdámhachtain de luach saothair ceithre seachtaine. Maidir leis an bhfíric gur sárúithe ar Threoir Shóisialta a bhí iontu sin, chinn an OB go gcaithfeadh an dámhachtain a bheith éifeachtach agus comhréireach. Dá bharr sin, bhronn an OB pá ceithre seachtaine as gach sárú, €2,280 ar an iomlán.



Breda Cox i gcoinne Debenhams Retail (Ireland) Limited (faoi leachtú), ADJ-00039722

Rinneadh an cás céanna thar ceann oibrithe faoi CSTGT, agus an Gearánach ag gníomhú mar chás tástála. Thosaigh an Gearánach ag obair leis an bhFreagróir i 1998 agus d'oibrigh sí mar chúntóir lónadóireachta.

Ar na cúiseanna céanna, chinn an OB gur sháraigh Debenhams Ireland Ailt 9 agus 10 ACF maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin. San éileamh seo, áfach, chinn an OB nach raibh cás déanta amach le haghaidh uaschúitimh, agus bhronn sé ceithre seachtaine de luach saothair de €1,800 san iomlán ar an nGearánach.

An tAcht um Shaoire Bhreiteachta 2022

Karolina Leszczynska i gcoinne Musgrave Operating Partners Ireland, ADJ-00044889

Eochairfhocail

An tAcht um Shaoire Bhreiteachta 2022, scéim saoire breiteachta níos fabhraí, saoire bhreiteachta reachtúil, laethanta feithimh.

Cúlra

Thosaigh an Gearánach, cúntóir siopa, ag obair don Fhreagróir in 2007. I mí Eanáir 2023, bhí sí as láthair ón obair ar feadh ceithre lá. Tá scéim saoire breiteachta ag an bhFreagróir a dhéanann foráil d'ocht seachtaine de shaoire bhreiteachta le pá i dtréimhse rollach dhá mhí dhéag; mar sin féin, meastar gur 'laethanta feithimh' iad na chéad trí lá agus bíonn siad neamhíoctha. De réir na scéime, níor íocadh ach an ceathrú lá d'asláithreacht an Ghearánaigh. D'áitigh sí gur cheart go mbeadh a hasláithreacht íoctha faoin Acht um Shaoire Bhreiteachta 2022 ("ASB").

Rinneadh scéim saoire breiteachta an Fhreagróra a idirbheartú agus a chomhaontú leis na ceardchumainn. Baineann an scéim le fostaithe a bhfuil sé mhí de sheirbhís acu. Ón gceathrú lá, bíonn fostaithe i dteideal 100% dá dtuarastal, lúide aon sochar leasa shóisialaigh, a fháil. D'áitigh an Freagróir go bhfuil a scéim saoire breiteachta, ar an iomlán, níos fabhraí ná saoire bhreiteachta reachtúil, agus mar sin níl feidhm ag na hoibleagáidí faoin ASB.

Torthaí

Cuireadh tús leis an ASB ar an 1 Eanáir 2023. Soláthraíonn Alt 5 ceart reachtúil ar thrí lá saoire breiteachta. Ach ceadaíonn alt 8 d'fhostóirí téarmaí níos fearr a sholáthar do shaoire bhreiteachta agus "go mbeidh aon fhoráil den sórt sin in ionad na teidlíochta reachtúla, agus ní sa bhreis uirthi". Deir Alt 9 nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí faoin ASB maidir le "fostóir a sholáthraíonn scéim saoire breiteachta dá fhostaithe nó dá fostaithe sa chás go dtugann téarmaí na scéime, ar feadh na tréimhse tagartha atá leagtha amach sa scéim, sochair atá, ina n-iomláine, níos fearr don fhostaí ná saoire bhreiteachta reachtúil". Agus cinneadh á dhéanamh faoina bhfuil scéim saoire breiteachta níos fearr, cuirtear na nithe seo a leanas san áireamh:

- An tréimhse sheirbhíse nach mór a bheith críochnaithe ag fostaí sula mbíonn saoire bhreiteachta iníoctha.
- Líon na laethanta a mbíonn fostaí as láthair sula mbíonn saoire bhreiteachta iníoctha.
- An tréimhse a mbíonn saoire bhreiteachta iníoctha ina leith.
- An méid saoire breiteachta a bhíonn iníoctha.
- Tréimhse thagartha na scéime saoire breiteachta.

Luaigh an OB gurb í an cheist, sa chás sin, ná an raibh scéim an Fhreagróra níos measa ná an tsaoire bhreiteachta reachtúil mar gheall ar an tréimhse feithimh trí lá.

Agus scéim an Fhreagróra á breithniú, chinn an OB go bhfuil tréimhse feithimh trí lá ag teacht leis an gcoinníoll céanna a bhaineann le híocaíocht sochair breiteachta ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Lean formhór na scéimeanna fostóirí an coinníoll sin, agus ba chosúil gurbh é an cuspóir loighciúil atá leis ná tréimhsí gearra eatramhacha d'asláithreacht a dhíspreagadh. Mhaígh an OB, sa chás go n-íoctar fostaí agus é/í as láthair de bharr breiteachta ar feadh tréimhse réasúnta ama, nach raibh sé míréasúnta d'fhostóir an cur chuige sin a ghlacadh.

Faoin ACF bíonn fostaithe i dteideal saoire bhreiteachta reachtúil a fháil tar éis trí seachtaine déag de sheirbhís; ní mór d'fhostaithe an Fhreagróra 26 seachtain de sheirbhís a bheith acu. Cé nár chuir sé seo isteach ar an nGearánach, ná ar 89% d'fhoireann an Fhreagróra, chinn an OB go raibh tionchar aige sin agus cinneadh á dhéanamh 'ar an iomlán' an raibh scéim an Fhreagróra níos fearr.

Dúirt an OB go raibh sé soiléir go raibh ocht seachtaine de shaoire bhreiteachta íochta níos tairbhí ná trí lá, agus go bhfuil 100% den phá níos tairbhí ná 70% den phá faoin scéim reachtúil.

Chuir an OB san áireamh freisin go raibh scéim saoire breiteachta an Fhreagróra bunaithe ar idirbheartaíocht le ceardchumann agus, ó achtaíodh an ACF, nár chuir na páirtithe tús le hathruithe beartais a phlé.

Chinn an OB go raibh fad na saoire breiteachta íochta agus méid an phá breiteachta níos tábhachtaí ná an polasaí trí 'lá feithimh' agus an riachtanas sé mhí de sheirbhís leanúnach a bheith ann. Chuir scéim an Fhreagróra sochair ar fáil a bhí, ar an iomlán, níos fearr d'fhostaithe ná na sochair faoin ACF agus measadh nach raibh bunús maith le cás an Ghearánaigh.

Cosaint Mháithreachais

Mandy Hurley i gcoinne Eazy Connections Ltd. ag trádáil mar Complete Outsource Solutions, ADJ-00033976

Eochairfhocail

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2021, foras inscne, saoire mháithreachais, ceart chun fillleadh ar an obair, obair mhalartach oiriúnach, na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 go 2022, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, teorainneacha ama, mífheidhmiú an dlí náisiúnta, carnadh cúiseanna caingne.

Cúlra

Baineann an cás seo le líomhaintí maidir le hidirdhealú bunaithe ar thoircheas: Chuir an Gearánach dhá ghearán isteach: ceann amháin faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 ("ACF"), ar an bhforas 'inscne', agus ceann eile faoin Acht um Chosaint Mháithreachais 1994 ("ACM"). Chuir an Gearánach gearán isteach freisin faoin ACF ar an bhforas 'stádas teaghlaigh', nach ndearnadh amach.

D'oibrigh an Gearánach mar Bhainisteoir Oifige don chuideachta Freagróra. Chuaigh sí ar shaoire mháithreachais i mí Aibreáin 2020 agus d'fhill sí ar an obair i mí na Nollag 2020. Nuair a d'fhill sí ar an obair, bhí an chuideachta ag obair ar mhórfheachtas margáíochta do chliant mór, agus bhí gach duine an-ghnóthach ar fad. Mar thoradh air sin bhí gach cineál dualgas ar an nGearánach nach raibh uirthi de ghnáth mar chuid dá ról – ach bhí sí sásta an obair a dhéanamh.

Nuair a d'fhill sí ar an obair tar éis na Nollag, áfach, i mí Eanáir 2021, ba léir don Ghearánach nach raibh an ról céanna aici agus a bhí aici roimhe sin, go raibh dualgais níos lú á dtabhairt di, agus leibhéal freagrachta níos ísle aici, agus go raibh sí á cur as an áireamh ó chruinnithe a d'eagraigh sí agus a d'fhreastail sí orthu roimhe sin. Ba é a cás nach raibh an ról céanna aici agus a bhí aici roimhe sin, ná nár cuireadh obair oiriúnach mhalartach ar fáil di, tar éis di fillleadh ar an obair tar éis na saoire cosanta.

Shéan an Freagróir éilimh an Ghearánaigh agus mhaígh sé, nuair a bhí an Gearánach ar saoire mháithreachais, gur tháinig méadú suntasach ar an ngnó agus gur soláthraíodh obair mhalartach oiriúnach di nuair a d'fhill sí ar an obair. Dúirt sé freisin go raibh a gearán faoin ACM faoi urchosca reachta.

Torthaí

ACF

Thug an OB breith i bhfabhar an Ghearánaigh. Bhí sí sásta gur éirigh leis an nGearánach tátal idirdhealaithe dhírigh a thabhairt chun solais, ar chúis na hinscne (faoi a. 85A den ACF). Aistríodh an dualgas cruthúnais ansin chuig an bhFreagróir chun 'a mhalairt a chruthú', rud a chinn an OB nár éirigh leis a dhéanamh.

Chinn an OB gur tugadh céim níos ísle don Ghearánach agus gur cuireadh ar leataobh í nuair a d'fhill sí ar an obair ó shaoire mháithreachais; gur imigh post an Ghearánaigh agus an réamhlíne tuairiscithe araon; agus go raibh snáithe soiléir idirdhealaithe ann ón uair a d'fhill sí ar an obair ó shaoire chosanta go dtí an am a chuaigh sí ar shaoire bhreiteachta dheimhniú, i mBealtaine 2021.

Chinn an OB nár thuig an Freagróir a dhualgais dhlíthiúla agus a oibleagáidí dlíthiúla i leith fostaithe ar mná iad ag fillleadh ar an ionad oibre tar éis dóibh a bheith ar thréimhse saoire cosanta. Cé go raibh an Gearánach ag plé go gníomhach leis an bhFreagróir, ní raibh aon mheicníocht chúil ann chun éisteacht lena gearán. Bhronn an OB €31,000, le haghaidh "éifeachtaí an idirdhealaithe", arbh ionann é agus tuairim is bliain amháin den tuarastal.



ACM

Leagtar amach in Ailt 26 agus 27 den ACM an ceart chun fillleadh ar an obair go dtí an ról a bhí ag an bhfostaí díreach roimh dhul ar shaoire mháithreachais, nó an ceart chun obair mhalartach oiriúnach a fháil i gcúinsí áirithe.

D'áitigh an Freagróir go raibh gearán an Ghearánaigh faoin ACM faoi urchosc reachta. Forálann alt 41(7)(c)(i) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 do theorainn ama chun éilimh faoin ACM a thabhairt chuig an CCÁO de shé mhí dar tús an dáta a chuirtear in iúl don fhostóir “go bhfuil an fostaí ag iompar clainne, gur saolaíodh leanbh don fhostaí le déanaí nó go bhfuil an fostaí ag beathú cíche”; agus toisc go ndeachaigh an Gearánach ar shaoire mháithreachais in Aibreán 2020, agus nár chuir sí a gearán isteach go dtí Meitheamh 2021, bhí an t-am “caite” aici.

Luaigh an OB gur achtaíodh an ACM chun Treoir 92/85/CEE ón gComhairle a thrasú maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibríthe torracha agus oibríthe a raibh leanbh acu le déanaí nó atá ag cothú cíche a spreagadh ag an obair. Tá sé aitheanta ag an gCúirt Bhreithiúnais gurb ionann an toradh a shaothraíonn an Treoir agus comhionannas suntasach, ní comhionannas foirmiúil. Ceanglaíonn Airteagal 12 den Treoir ar Bhallstáit bearta a chur i bhfeidhm chun ligean do na hoibríthe go léir a ndéantar éagóir orthu de bharr mainneachtain na n-oibleagáidí a eascraíonn as an Treoir a chomhlíonadh, a n-éilimh a leanúint trí phróiseas breithiúnach, nó trí dhul ar iontaoibh údaráis inniúla eile, trí “leigheas baile éifeachtach” a sholáthar.

De réir chinneadh na Cúirte Breithiúnais in *An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcoinne Choimisinéir an Gharda Síochána C-378/17*, tá dualgas ar an CCÁO reachtaíocht náisiúnta atá contrártha do dhlí an AE a dhífheidhmiú. Chinn an OB go raibh sé riachtanach an reachtaíocht náisiúnta a léirmhíniú de réir na Treorach ionas go mbeadh teacht ag an nGearánach ar leigheas dlí éifeachtach baile, mar a cheanglaítear faoi théarmaí na Treorach. Seachas sin, ní sholáthraí aon leigheas baile éifeachtach chun cearta máithreacha nua a chosaint nuair a bhain an patrún fórais iomchuí le héileamh a d'fhabhraigh tráth nó tar éis iarracht an Ghearánaigh a ceart chun fillleadh ar a cuid oibre a fheidhmiú tar éis tréimhse saoire máithreachais.

Sa chás seo, ba é an pointe ba luaithe a d'fhéadfadh cúis chaingne a bheith fabhraithe faoin ACM ná tráth fhilleadh an Ghearánaigh ar an obair i mí na Nollag 2020.

Ar fhíricí an cháis, áfach, chinn an OB gur fhabhraíodh an chúis chaingne in Eanáir 2021, nuair ba léir don Ghearánach nár tugadh a dualgais ar ais chuici. Luaigh an OB go ritheann tréimhsí teorann i ndlí na hÉireann go hiondúil ón am a fhabhraíonn an chúis chaingne. Ar na cúiseanna sin, níor úsáid an OB alt 41(7)(c) agus chinn sé, mar gur cuireadh an gearán isteach i Meitheamh 2021, laistigh de shé mhí ó dháta fabhraithe chúis chaingne an Ghearánaigh, go raibh an gearán “in am” agus nach raibh sé faoi urchosc reachta.

Chuir an OB béim ar an bhfíric nach bhfuil aon bhriseadh sa chaidreamh fostaíochta idir fostóir agus fostaí ar shaoire mháithreachais agus go bhfágann aon chur chuige eile tairbhe an tsaoire cosanta máithreachas gan aon ní. Chinn an OB gur cuireadh bac ar an nGearánach fillleadh ar an obair tar éis tréimhse saoire máithreachais agus nár cuireadh obair oiriúnach eile ar fáil di. Cé nach bhfuil aon cheanglas reachtúil ann roghnú idir éilimh faoin ACF agus faoin ACM, níor bhronn an OB cúiteamh faoin ACM, ag teacht le riail an dlí choitinn i gcoinne aisghabháil dhúbailte, agus ós rud é go ndearna an OB dámhachtain airgeadaíochta faoin ngearán ACF maidir le hidirdhealú ar na fíricí céanna.

Tar éis na héisteachta, rinne an Freagróir iarratas i scríbhinn chun ainmneacha na bpáirtithe a dhéanamh anaithnid, iarratas a ndearna an Gearánach agóid ina choinne, agus ar dhiúltaigh an OB dó.

Pá (lena n-áirítear séisíní)

Rhona Matthews i gcoinne Morbury Ltd. ag trádáil mar Top Security, ADJ-00037983

Eochairfhocail

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1977, laethanta saoire poiblí, ráta ilchodach pá.

Cúlra

D'oibrigh an Gearánach mar gharda slándála statach don Fhreagróir idir 2017 agus 2021. D'oibrigh sí ar phatrún seala a d'athraigh, agus chinn sé sin cé mhéad sealanna in aghaidh na seachtaine a d'oibrigh sí i seachtain ar leith.

Rinne an Gearánach gearán nach bhfuair sí aon fócaíocht bhreise riamh i leith laethanta saoire poiblí. Íocadh an Gearánach má d'oibrigh sí lá saoire poiblí, ach murar oibrigh sí, ní raibh an rogha aici é a chur lena saoire bhliantúil. D'áitigh an Gearánach go raibh an Freagróir ag sárú an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997 ("EAO").

D'áitigh an Freagróir gur íocadh ráta ilchodach pá le fostaithe i leith laethanta saoire poiblí, ag teacht lena gconarthaí fostaíochta. Íocadh laethanta saoire poiblí mar chuid den phá in aghaidh na huairé a íocadh (ráta 36 cent in aghaidh na huairé).

Torthaí

Bhí cúig lá saoire phoiblí, mar atá sainmhínithe san EAO, sa tréimhse ábhartha don éileamh seo. Faoi a. 21, tá ceithre rogha ag fostóirí d'fhostaithe i leith lá saoire phoiblí. Féadfaidh fostaithe na nithe seo a leanas a fháil:

- Lá saoire le pá ar lá saoire poiblí
- Lá saoire le pá laistigh de mhí lá na saoire poiblí
- Lá breise de shaoire bhliantúil
- Lá breise pá

Agus an reachtaíocht á cur san áireamh, bhí an OB sásta gurb iad seo na roghanna dleathacha amháin atá ar fáil d'fhostóir chun cloí leis an EAO. Luaigh an OB go raibh idirdhealú idir cur chuige an reachtais i leith phréimh an Domhnaigh a cheadaíonn go sonrath ráta ilchodach a íoc, agus cur chuige an reachtais i leith laethanta saoire poiblí, nach dtugann aon fhaisnéis maidir le ráta ilchodach pá. Forálan alt 14(1) EAO, i gcás ina mbíonn ar fhostaithe oibriú ar an Domhnach, agus nach gcuirtear san áireamh ar shlí eile a bhfuil orthu oibriú an lá sin agus an pá á chinneadh, déanfar iad a chúiteamh trí liúntas, méadú ar an ráta pá, am saor íoctha in ionad, nó meascán díobh seo a fháil. Mar sin féin, níl aon roghanna mar seo ag an bhfostóir maidir le laethanta saoire poiblí. Dá réir sin, chinn an OB go raibh sé réasúnach a bheith den tuairim nár cheadaigh an reachtaíocht cur chuige dá leithéid maidir le laethanta saoire poiblí.

Chinn an OB mar sin go raibh an cur chuige a ghlac an Freagróir maidir le híocaíocht laethanta saoire poiblí lasmuigh den mhéid a bhí ceadaithe faoin EAO agus go raibh sé mídhleathach.

Mheas an OB gur sárú an-tromchúiseach é seo ar an reachtaíocht agus d'ordaigh sé don Fhreagróir athbhreithniú a dhéanamh ar a chonarthaí agus a bheartas párolla agus iad a ailíniú le ceanglais an EAO. D'ordaigh an OB freisin don Fhreagróir cúiteamh de €600 a íoc leis an nGearánach.

Sous-chef i gcoinne Óstáin, IR-SC-00001262

Eochairfhocail

An tAcht um Íoc Pá, séisíní agus aiscí, dáileadh séisíní, séisíní leictreonacha, agus fógra do chustaiméirí.

Cúlra

Oibríonn an fostaí mar sous-chef sóisearach in óstán agus faigheann sé €17.16 in aghaidh na huairé. D'áitigh sé, ó achtaíodh an tAcht um Íoc Pá (Leasú) (Leideanna agus Aiscí) 2022, a leasaíonn an tAcht um Íoc Pá 1991 ("AÍP") agus an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994, go raibh sé ag déanamh iarrachtaí dáileadh séisíní a thabhairt chun rialtacha san óstán. Is é an nós imeachta atá ann faoi láthair ná go gcaitear le gach príomhchócaire a oibríonn seal mar dhuine amháin le dáileadh, ag fáil séisíní comhionann leis na daoine atá ag obair sa bheár nó sa bhialann. Mheas sé go raibh sé seo éagórach agus theastaigh uaidh go ndéileálfai leis mar dhuine aonair seachas mar chuid de ghrúpa.

D'áitigh an fostóir gur saincheist chomhchoiteann a bhí i ndáileadh leideanna, mar sin ní raibh sé cuí é a bhreithniú faoin Acht Caidrimh Thionscail toisc go ndéanfadh aon mholadh dífeair do thart ar 35 ball foirne. D'áitigh an fostóir freisin go dtaispeántar fógra séisíní agus aiscí ar an mbealach isteach sa bhialann, agus ar bhiachláir, agus go sonraítear ann 'go dtéann 100% de shéisíní go díreach chuig an bhfoireann'. Feidhmíonn an t-óstán córas 'tronc'; bailíonn agus bainistíonn fostaithe séisíní agus ní bhíonn baint ag an lucht bainistíochta leis an dáileadh. Deir an polasaí maidir le séisíní i lámhleabhar an fhostóra go 'roinneann na baill foirne na séisíní ag deireadh gach seala'. Tá an polasaí neamhfhoirmiúil seo mar nós agus cleachtas san óstán le tamall anuas. Bailítear séisíní airgid agus dailítear iad ar na baill foirne ag deireadh gach seala. Athraítear séisíní cárta creidmheasa/dochair go hairgead tirim agus áirítear iad le séisíní airgid ag deireadh gach seala.



Torthaí

Ghlac an OB leis gur saincheist chomhchoiteann é an bealach a dháiltear séisíní agus go bhfuil sé de dhualgas ar fhostaí a bhfuil gearán aige/aici nósanna imeachta a bhfostóra a úsáid chun réiteach a fháil. Mar sin féin, mheas an OB gur ardaigh an fostaí ceisteanna tábhachtacha maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta nua san óstán.

Luaigh an OB go mbaineann a.4B ATP leis an gcaoi a gcaitear le séisíní nó aiscí a fhaigheann an fostóir trí mhodh leictreonach íocaíochta. Cuireann sé sin an fhreagracht maidir le dáileadh cothrom na séisíní leictreonacha ar an bhfostóir, agus mheas an OB nár chomhlíon airgeadú na séisíní agus iad a chur le séisíní airgid riachtanais an ailt sin.

D'eaontaigh an OB leis an bhfostóir nach raibh aon oibleagáid air dul i gcomhairle le fostaithe, de réir a.4B(7) ATP, maidir le dáileadh séisíní, mar go raibh an polasaí i bhfeidhm trí nós agus trí chleachtas agus níl aon athrú tagtha air ó achtaíodh an reachtaíocht. I gcomhréir leis an Acht, ní mór d'fhostóir polasaí a bhunú chun séisíní leictreonacha a dháileadh. Ina theannta sin, mheas an OB go dteastaíonn níos mó sonraí ón ATP i bpolasaí séisíní agus aiscí ná mar a sholáthraítear faoi láthair i bpolasaí an fhostóra. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas sa pholasaí: teideal poist an duine atá freagrach as séisíní leictreonacha a bhainistiú agus an méid a fuarthas i séisíní a chur in iúl d'fhostaithe; minicíocht ríomh agus dáileadh séisíní leictreonacha; na fostaithe atá incháilithe le haghaidh séisíní leictreonacha; agus an cion séisíní atá le tabhairt do gach catagóir d'fhostaí.

Mheas an OB freisin gur theip ar fhógra an fhostóra do chustaiméirí an méid a bhí riachtanach faoi a.4E(1) ATP a thaispeáint, go sonrach sa chás nár luadh an bealach a ndáiltear séisíní agus aiscí agus na méideanna a dháiltear. Mheas an OB go gcaithfí a chur in iúl do chustaiméirí “cé chomh minic agus a dháiltear séisíní ar an bhfoireann, má íoctar na séisíní in airgead tirim nó trí phá, agus an cion de na séisíní a thugtar do gach catagóir d'fhostaí”.

Sna cúinsí seo, mhol an OB go ndéanfadh an fostóir machnamh ar na heasnamh a aithníodh ina iarratas ar an ATP, agus mhol sé dá bhfanfadh gearán an fhostaí gan réiteach tar éis trí mhí, gur cheart dó nós imeachta gearáin an fhostóra a úsáid chun réiteach a lorg ar leibhéal áitiúil.

Nochtadh Cosanta

Oibrí i gcoinne Gnó teiripe suathaireachta, ADJ-00043225

Eochairfhocail

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2015, an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014, nochtadh cosanta, pionósú, dífhostú éagórach, cúiteamh cothromasach, agus uasdámhachtain.

Cúlra

D'fhostaigh an Freagróir an Gearánach mar theiripeoir suathaireachta ón 1 Feabhra 2020 go dtí an 17 Bealtaine 2022. Níor tugadh conradh scríofa di, ach go hiondúil d'oibrigh sí 40 uair sa tseachtain agus íocadh €70 in aghaidh an lae in airgead tirim léi. Shann bainisteoirí an Fhreagróra, lánúin, cliaint do na hoibrithe ar chóras scuaine. Go luath tar éis di tosú ar a cuid fostaíochta, thug an Gearánach faoi deara gur minic a d'iarr cliaint seirbhísí breise de chineál gnéasach, ag rá gur sholáthair oibrithe eile na seirbhísí sin. D'ardaigh an Gearánach an méid sin lena bainisteoirí agus dúirt siad léi go bhféadfadh sí seirbhísí breise a sholáthar agus an praghas a d'fhéadfadh sí a ghearradh orthu. Dúradh léi go bhféadfadh sí 'níl' a rá ach nach bhfaigheadh sí cliaint a thuilleadh. Dúirt an Gearánach gur thosaigh sí ar sheirbhísí gnéasacha teoranta a sholáthar tar éis an chomhrá sin ach go raibh brú uirthi níos mó a dhéanamh. Ar roinnt ócáidí, chuir sí in iúl dá bainisteoirí nach raibh sí ag iarraidh seirbhísí den sórt sin a sholáthar agus d'ardaigh sí imní faoina sláinte, a sábháilteacht féin agus a coinníollacha oibre.

D'éiligh duine dá bainisteoirí uirthi go rialta suathaireacht a sholáthar dó saor in aisce agus chuir sé brú uirthi seirbhísí gnéasacha a sholáthar dó. Tar éis don Ghearránach diúltú dó, d'éirigh a bainisteoirí drochbhéasach agus dímhéasúil, agus ní raibh sí ar an sceideal chomh minic. Chuir na bainisteoirí polasaí i bhfeidhm freisin nach n-íocfaí pá leis an nGearánach mura bhfeicfeadh sí ceathrar cliant ar a laghad in aghaidh an lae, rud a d'fhág go minic nach n-íocfaí pá léi as lá oibre.

I mBealtaine 2022, níor cuireadh an Gearánach ar an uainchlár chun aon sealanna a dhéanamh. Chuir sí ceist faoi seo agus dúirt an Freagróir léi nach raibh a thuilleadh oibre ann di agus go bhféadfadh sí post eile a fháil. Briseadh as a post í go héifeachtach ar an 17 Bealtaine 2022.

Rinne an Gearánach go leor gearán faoin reachtaíocht fostaíochta maidir lena téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus an chaoi ar caitheadh léi, go príomha gur dífhostaíodh go héagórach í agus gur gearradh pionós uirthi mar gheall ar nochtadh cosanta a dhéanamh.

Ní raibh an Freagróir i láthair ag an éisteacht.

Torthaí

An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977 (“ADÉ”)

D’áitigh an Gearánach go raibh a dhífhostú éagórach mar gur theip ar an bhFreagróir nós imeachta dífhostaithe a sholáthar agus nósanna imeachta cothroma agus ceartas nádúrtha a thabhairt di.

Luaigh an OB go ndéanann a.6 ADÉ foráil go bhfuil dífhostú éagórach mura bhfuil forais shuntasacha ann a thugann údar maith dó. Ní mór don Fhreagróir a chruthú go raibh forais shuntasacha leis an dífhostú. Toisc nach raibh an Freagróir i láthair ag an éisteacht, chinn an OB gur dífhostaíodh an Gearánach go héagórach.

Maidir leis an bhfíric go raibh an Gearánach as obair ar feadh tréimhse 20 seachtain tar éis di a bheith dífhostaithe, agus na hiarrachtaí a rinne sí chun fostaíocht eile a aimsiú le linn na tréimhse sin, bhronn an OB €7,000 uirthi, comhionann le luach saothair 20 seachtain.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 (“ANC”)

D’áitigh an Gearánach go raibh nochtadh cosanta déanta aici maidir le coinníollacha agus cúinsí a fostaíochta. Tar éis di an nochtadh cosanta a dhéanamh, gearradh pionós uirthi; bhraith sí iompar dímheasúil óna bainisteoirí agus laghdú ar a huaireanta oibre.

Faoi a.5 ANC, sainmhínítear nochtadh cosanta mar nochtadh ‘faisnéis iomchuí’ a thagann faoi bhráid oibrí maidir lena fhostaíocht agus a léiríonn, dar le réasún an oibrí, éagóiritheoireacht iomchuí. Áirítear le ‘éagóiritheoireacht iomchuí’ cion a rinneadh agus sláinte nó sábháilteacht duine aonair a chur i mbaol. Is féidir an nochtadh a dhéanamh d’fhostóir an oibrí.

Luaigh an OB gur nocht an Gearánach imní go raibh éagóiritheoireacht á déanamh agus go raibh a sláinte agus a sábháilteacht i mbaol. Bhain an ‘éagóiritheoireacht’ le sárú féideartha ar an dlí coiriúil ar thaobh an Fhreagróra.

Bhí an OB sásta gur ‘faisnéis iomchuí’ a bhí i nochtadh an Ghearánaigh dá fhostóir maidir le ‘éagóiritheoireachtaí iomchuí’ agus dá réir sin ghlac sí go raibh sí cosanta, faoi a.5(8). In éagmais aon fhianaise dá mhalairt, chinn an OB go raibh nochtadh cosanta déanta ag an nGearánach nuair nár aontaigh sí le soláthar seirbhísí gnéis do chliaint an Fhreagróra.

Cuireann Alt 12(1) ANC cosc ar fhostaí a phionósú as nochtadh cosanta a dhéanamh. Sainmhínítear pionós mar “aon ghníomh nó neamhghníomh a dhéanann difear d’oibrí chun aimhleas an oibrí” agus foláionn sé dífhostú, laghdú pá nó athrú ar uaireanta oibre, cóir éagórach, agus comhéigean, imeaglú nó ciapadh.

Mhaígh an OB gur gearradh pionós ar an nGearánach i bhfoirm athrú meoin ina leith agus laghdú ar luach saothair nuair a sannadh níos lú cliant di. Bhí nasc cúisíoch díreach idir an nochtadh cosanta agus an pionós mar dúradh go sainráite leis an nGearánach go bhfaigheadh sí níos lú oibre mura gcuirfeadh sí seirbhísí gnéasacha ar fáil. Ina theannta sin, chinn an OB gurbh ionann an chaoi ar chaith a bainisteoir fireann leis an nGearánach agus é ag éileamh uirthi seirbhísí gnéasacha a sholáthar dó agus pionós breise i bhfoirm comhéigin, imeaglaithe, ciaptha nó cóir éagórach.

Maidir le cúiteamh, luaigh an OB go ndéanann Sceideal 2 ANC foráil d’uasdámhachtain de luach saothair cúig bliana. Ní mór don OB a mheas go bhfuil an cúiteamh “cóir agus cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir”. Cé gur admhaigh an OB nach raibh an ANC (roimh achtú an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, nach raibh feidhm aige maidir le fíricí an cháis seo) ag trasú dlí an AE, luaigh an OB go bhfuil an ANC cosúil le reachtaíocht chosanta agus ba é an rún reachtach ná leibhéal an-ard cosanta a thabhairt do dhaoine a dhéanann nochtadh cosanta. Tá cearta a eascraíonn as nochtadh cosanta a dhéanamh aitheanta ar leibhéal AE ó 2019 i leith. Rinne an OB tagairt do chinntí na Cúirte Breithiúnais, a chinn “i gcás ina sáraítear ceart sóisialta bunúsach, ní mór don dlí náisiúnta leigheas éifeachtach, comhréireach nó athchomhairleach a sholáthar”, agus go bhfuil oibleagáid ann an dlí náisiúnta a léirmhíniú i bhfianaise fhoclaíocht agus chuspóir Treorach chun an toradh atá beartaithe a bhaint amach.



Ar na cúiseanna sin, chinn an OB nach bhfuil cúiteamh as pionósú teoranta do chaillteanas airgeadais amháin agus go bhféadfaí “tosca eile a bhreithniú, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh chun a dhearbhu an bhfuil dámhachtain éifeachtach, comhréireach nó athchomhairleach”.

Mheas an OB gur oibrí thar a bheith leochaileach í an Gearánach, mar náisiúnach neamh-AE a tháinig go hÉirinn chun staidéar a dhéanamh agus a d’oibrigh leis an bhFreagróir chun tacú léi féin agus chun a hoideachas a mhaoiniú. Chomh maith le cruatan airgeadais a d’eascair as nochtadh cosanta a dhéanamh, d’fhulaing an Gearánach anacair mhothúchánach agus náiriú suntasach ón bhFreagróir. Cás “an-eisceachtúil” a bhí ann de réir an OB agus chinn an OB go raibh cineál agus méid an phionóis chomh huafásach sin go raibh an uasdámhachtain cúitimh tuillte aici. Bronnadh €91,000 ar an nGearánach, arbh ionann é agus luach saothair cúig bliana.

An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994

Dúirt an Gearánach gur theip ar an bhFreagróir doiciméad a sholáthar di a leag amach téarmaí agus coinníollacha a fostaíochta. Gan aon fhianaise dá mhalairt, ghlac an OB leis an éileamh seo agus bhronn siad €1,400 ar an nGearánach.

An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1974

D’áitigh an Gearánach gur theip ar an bhFreagróir fógra nó íocaíocht a sholáthar di in ionad fógra sular dífhostaíodh í. Ghlac an OB leis an éileamh seo gan fianaise dá mhalairt agus bronnadh luach saothair coicíse arbh fhiú €700 ar an nGearánach.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

Dúirt an Gearánach gur theip ar an bhFreagróir a pá saoire a íoc. Ghlac an OB leis an éileamh sin agus bronnadh luach saothair seacht seachtaine de €2,450 ar an nGearánach.

Bronnadh cúiteamh iomlán de €102,550 ar an nGearánach.

Aguisín

4



Dúshláin Dhlíthiúla a raibh CCÁO bainteach leo

Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin, An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, agus Arthur Cox LLP (Fógrapháirtí) [2023] IEHC 225 (neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Bolger J., 3 Bealtaine 2023)

Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin, An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, agus Arthur Cox LLP (Fógrapháirtí) [2023] IEHC 360 (neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Bolger J., 26 Meitheamh 2023)

Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin, An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, agus Arthur Cox LLP (Fógrapháirtí) [2023] IEHC 560 (neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Bolger J., 16 Deireadh Fómhair 2023)

Jana Gogova i gcoinne an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe, James Donoghue, An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Catherine Byrne [2023] IEHC 449 (neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Phelan J., 21 Iúil 2023)

Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin agus An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (Freagróirí) agus Arthur Cox LLP (Fógrapháirtí) [2023] IEHC 225 (neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Bolger J., 3 May 2023)

Eochairfhocail

Athbhreithniú breithiúnach, iarratas ar dhícháiliú, claonadh oibiachtúil.

Cúlra

I mí Iúil 2022, tugadh cead don Iarratasóir imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a thionscnamh (2022/535 JR) ag cur i gcoinne an CCÁO a éileamh ar dhífhostú éagórach a dhífhostú. Liostaíodh an cás le héisteacht leis ar an 2 Bealtaine 2023. Nuair a cuireadh in iúl do na páirtithe gur sannadh Bolger J. chun an cás a éisteacht, d'éiligh an Iarratasóir gur cheart don bhreitheamh í féin a dhícháiliú.

Rinne an Iarratasóir iarratas ar dhícháiliú bunaithe ar chlaonadh oibiachtúil agus chuir sí ceithre fhoras ar aghaidh lena hiarratas a chosaint:

- (i) Scríobh Bolger J. alt in 2015, agus é ina abhcóide ag cleachtadh, inar léiríodh imní faoi ghnéithe den Bhille um an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus a mhainneachtain croscheistiú faoi mhionn a cheadú. Dúirt an Iarratasóir gur léirigh ráiteas faoi nádúr sáraíochta i gcoinne nádúr fiosrúcháin na n-imeachtaí réamhchinneadh Bolger J. ar cheann de na saincheisteanna a ardaíodh san athbhreithniú breithiúnach.
- (ii) Dlúthchaidreamh thar na blianta fada idir Bolger J. agus Abhcóide Sinsearach don Fhógrapháirtí (Arthur Cox LLP) ag eascairt as a bheith ina gcomhaltaí bunaithe den Chomhlachas Barra Fostaíochta, tar éis páipéir a chur i láthair ag comhdháil bhliantúil CBF, agus tar éis cathaoirleacht a dhéanamh ar sheisiún de chomhdháil 2022.
- (iii) Tuairimí Bolger J. a léiríodh le linn an iarratais ar chead, nach raibh an cás ar mhaithe le leas an phobail.

(iv) Áiríodh ainm Bolger J mar idirghabhálaí beartaithe ag an bhFógragháirtí i mí Lúnasa 2020 (agus é fós ag cleachtadh) maidir leis an mbundóspóid idir an tIarratasóir agus an Fógragháirtí. Chreid an tIarratasóir go gcaithfeadh comhrá a bheith déanta idir aturnae an Fhógragháirtí agus Bolger J. sular moladh idirghabhálaí.

Torthaí

Luaigh Bolger J. go raibh an tástáil le haghaidh claonadh oibiachtúil seanbhunaithe: “má thuigeann breathnóir réasúnta oibiachtúil cóir, nach bhfuil íogair go míchuí, ach a bhfuil na fíricí ábhartha go léir aige nó aici, go réasúnta go bhfuil an baol ann nach mbeidh an déantóir cinntí cothrom agus neamhchlaonta.”

Bhreithnigh sí freisin tuairimí na Cúirte Uachtaraí ar an dearbhú a rinne breitheamh ar a gceapachán faoi Airteagal 34.6.1 den Bhunreacht agus ar dhualgas breithimh cás a shanntar dó nó di a éisteacht. Thug Bolger J. aird freisin ar Threoirlínte na Comhairle Breithiúnaí do na Breithiúna ar Iompar agus Eitic agus ar na treoirlínte sonracha maidir le dícháiliú.

Agus í ag lua *Kelly i gcoinne an Aire Talmhaíochta* [2021] 2 IR 624, leag Bolger J. amach na fíorais sa chás seo a measfaí go mbeadh an breathnóir réasúnach agus oibiachtúil ar an eolas fúthu agus a thuigfeadh iad:

- An difríocht idir tuairimí abhcóide in iris acadúil agus an fheidhm bhreithiúnach chun cinneadh a dhéanamh bunaithe ar an dlí agus ar fhasach.
- An dóchúlacht go nglacfadh breitheamh le tráchtairacht dhlíthiúil i bhfoilseacháin agus i bpáipéir le linn a t(h)réimhse mar chleachtóir.
- Nádúr chaidrimh ghairmiúla abhcóide lena c(h)omhghleacaithe laistigh de bharr speisialaithe agus i mbunú agus i bhfeidhmiú sainchumainn barra.
- An t-ionchas go gcoinneodh breitheamh i dteagmháil le saol an oideachais dlí tar éis dó nó di a bheith ceaptha ina b(h)reitheamh.
- An difríocht idir iarratas ar chead agus iarratas tábhachtach ar athbhreithniú breithiúnach agus comhthéacs na dtuairimí a rinneadh le linn an chéad cheann.
- Diúltú na cúirte ag an iarratas ar chead ligean don Iarratasóir a pléadálacha a leasú.

- Iompar an Iarratasóra le linn an iarratais ar chead chun agóid a dhéanamh arís agus arís eile ar chinntí na cúirte.
- Nádúr agus cleachtas na hidirghabhála.
- Easpa rannpháirtíochta abhcóide atá ag cleachtadh a ainmníodh mar idirghabhálaí féideartha nach raibh aon phlé ag ceachtar den dá pháirtí leis nó léi agus nár ceapadh mar idirghabhálaí i ndeireadh na dála.

Alt 2015

Luaigh Bolger J. nach mbaineann na caighdeáin a bhaineann le breithiúna a scríobhann go seachbhreithiúnach (mar atá leagtha amach ag Cúirt Achomhairc Shasana agus na Breataine Bige in *Locabail (UK) Ltd i gcoinne Bayfield Properties Ltd* [2000] QB 451) le habhcóidí a scríobhann go hacadúil. Dúirt sí faoi bhreithiúna “ní chónaíonn siad i dtúir eabhair agus níor cheart go gcónóidís i dtúir eabhair”, agus go gceaptar iad bunaithe ar a dtaithí roimhe seo ina bhféadfadh tráchtairacht acadúil a bheith i gceist. Léirigh ábhar imní an Iarratasóra a “míthuiscint ar ról na tráchtairachta dlí ag cleachtóirí i gcomparáid leis an bhfeidhm bhreithiúnach chun éisteacht le cás agus cinneadh a dhéanamh faoin dlí agus faoin bhfasach ceangailteach”

Caidreamh leis an abhcóide

Deimhníonn treoirlínte na Comhairle Breithiúnaí gur féidir le breitheamh “gníomhaíochtaí a bhaineann leis an dlí, leis an gcóras dlí, le riar an cheartais nó le hábhair ghaolmhara a scríobh, léachtaí a thabhairt fúthu, iad a mhúineadh agus páirt a ghlacadh iontu”. Thagair Bolger J. freisin do chinneadh na Cúirte Uachtaraí in *O’Driscoll i gcoinne Hurley* [2016] IESC 32 a chinn go bhfuil “an-luach ag baint le malartú tuairimí agus smaointe a d’fhéadfaí a dhéanamh ag cruinnithe dá leithéid”. Bhain sí de thátaí as gur “gnáthchuid den chleachtas agus de bheith ina bhreitheamh” é an bhaint a bhí ag breitheamh roimhe seo le cumann barra speisialaithe nuair a bhí sé nó sí ag cleachtadh agus abhcóidí os a c(h)omhair

Ráitis a rinneadh le linn iarratais ar chead

Rinne Bolger J. tagairt do mhír 2.6.4 de Threoirlínte na Comhairle Breithiúnaí, ina sonraítear “Ní tátaí a bhaint as an gclaonadh oibiachtúil amháin go bhfuil orduithe eatramhacha nó idirbhreitheacha déanta ag breitheamh sna himeachtaí” agus chinn sí “nach léiríonn diúltú d’iarratas ag breitheamh agus tráchtanna a rinneadh agus an diúltú sin

ann féin, claonadh oibiachtúil.” Maidir leis na tuairimí sonracha a rinneadh le linn an iarratais ar chead, luaigh Bolger J. go raibh an tIarratasóir i dteideal iniúchadh a dhéanamh ar léirmhíniú na reachtaíochta ag an éisteacht tábhachtach agus, má bhí sí míshásta leis an gcinneadh ag céim an cheada, bhí deis aici achomharc a dhéanamh ina leith.

Ainmniú mar idirghabhálaí

Luaigh Bolger J. go raibh a fhios ag an Iarratasóir go raibh sí molta mar idirghabhálaí i mí Lúnasa 2020, agus nár ardaigh sí é sin mar shaincheist le linn an iarratais ar chead. Le linn éisteacht an iarratais ar dhícháiliú, chomhdaigh an t-atornae mionnscríbhinn ag dearbhú nár tharla aon chomhrá idir iad agus na hidirghabhálaithe beartaithe. Dúirt Bolger J. go raibh sé míchuí don Iarratasóir féachaint le claonadh oibiachtúil a dhearbhu gan aon iarracht a dhéanamh a fháil amach ar tharla an comhrá a dúirt sí a tharla. Bhain sí de thátal as go measfaí go mbeadh a fhios ag duine oibiachtúil a bhí i láthair gur gnáthchleachtas é roinnt idirghabhálaithe a mholadh agus mar sin ní cheapfadh sí go dtiocfadh claonadh oibiachtúil chun cinn ina leithéid de chás.

Ar na cúiseanna thuas, chinn Bolger J. nach gcinneadh duine réasúnach a bhí i láthair ar cuireadh na fíricí ábhartha in iúl dó nó di nach bhféadfadh sí an cás a éisteacht go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta, agus mar sin dhiúltaigh sí í féin a dhícháiliú.

Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin agus An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (Freagróir) agus Arthur Cox LLP (Fógrapháirtí) [2023] IEHC 360 (neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Bolger J., 26 Meitheamh 2023)

Eochairfhocail

Athbhreithniú breithiúnach, iompar suaite sa chúirt, dlínse chúirte imeachtaí a dhíbhe mar gheall ar iompar an Iarratasóra, an ceart chun éisteacht chothrom a fháil, nádúr frithpháirteach an chirt chun dlíthíochta agus ceart chun nósanna imeachta córa, mí-úsáid phróisis.

Cúlra

I mí Iúil 2022, tugadh cead don Iarratasóir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinneadh an Oifigigh Breithniúcháin a héileamh ar dhífhostú éagórach a dhíbhe mar gheall ar a hiompar bacúil le linn na héisteachta.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú breithiúnach ar an 2 Bealtaine 2023 roimh Bolger J. Éisteadh iarratas an Iarratasóra ar dhícháiliú Bolger J. an chéad lá, agus tugadh breithiúnas ([2023] IEHC 225) an lá dár gcionn. Ní bhfuair Bolger J. aon chúis chun í féin a dhícháiliú ón gcás. Cuireadh tús le héisteacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh tábhachtaigh ar an 3 Bealtaine 2023.

Torthaí

Iompar an Iarratasóra ar feadh na héisteachta.

Luaigh Bolger J. go ndearna an Iarratasóir agóid arís agus arís eile in aghaidh “cur isteach” ón gcúirt. Luaigh Bolger J. gur chuimsigh iad sin fiosruithe ón gcúirt maidir leis an gcás agus iarrachtaí na cúirte chun na saincheisteanna a ardaíodh a phlé. Dúirt Bolger J. freisin, le linn a cuid aighneachtaí, go ndearna an Iarratasóir “éilimh gan bhunús” agus luaigh sí “nár cheart aighneachtaí dlíthí chuig cúirt a úsáid chun líomhaintí míchuí a dhéanamh”. Ina theannta sin, níl aon fhoighne eisceachtúil a d’fhéadfaí a thabhairt do dhlíthí tuata ar fáil d’atornae cáilithe.

Luaigh Bolger J. freisin gur thug an Iarratasóir in aghaidh chinntí na cúirte go seasta agus go ndearnadh iarracht pointí a cinneadh cheana féin a athrá. Agus é sin á dhéanamh, sháraigh an Iarratasóir an méid a bhí á rá ag an gcúirt agus ag an abhcóide arís agus arís eile. Bhí ar an gcúirt éirí freisin roinnt uaireanta mar gheall ar iompar an Iarratasóra. Tharla sé seo leis an gcinneadh dícháilithe agus leis an gcinneadh a iarratas a chur ar athrá faoin Riail faoi Bhotún (Ordú 28 Riail 11(b)(i)) agus luaigh Bolger J. go raibh “patrún ann inar diúltaíodh glacadh le cinntí na cúirte ar feadh na héisteachta”.

Um thráthnóna ar an dara lá den éisteacht, 4 Bealtaine, le linn aighneachtaí an Fhreagróra, d’ardaigh an chúirt ceist faoi chinneadh na Cúirte Uachtaraí i *Walsh i gcoinne an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí* [2019] IESC 15, [2020] 1 IR 488. Toisc nach raibh an cinneadh seo san áireamh i leabhar na n-údarás, shocraigh an chúirt go dtabharfaí cóipeanna do na páirtithe go léir, an Iarratasóir san áireamh, ós rud é go raibh deacracht ag an Iarratasóir níos luaithe teacht ar fhoinsí toisc nach raibh rochtain réidh aici ar phrintéir. Rinne an Iarratasóir agóid sa chúirt nuair a tugadh an cinneadh, ag rá go raibh sé neamhghnách cásdlí a chur ar fáil le linn éisteachta.



In ainneoin an mhínithe a tugadh, lean an tlarratasóir leis an agóid agus sáraíodh an méid a bhí á rá ag an gcúirt agus ag abhcóide an Fhreagróra. Cé gur éirigh an chúirt ar feadh tamaill, d'iarr sí arís agus arís eile ar an larratasóir stad as a bheith ag labhairt nuair níor ceadaíodh í, agus ar deireadh d'iarr sé ar abhcóide an Fhreagróra an méid a bhí á rá ag an larratasóir a shárú. Lean an tlarratasóir ar aghaidh ag scairteadh agus ag bualadh an léachtáin. Luaigh Bolger J. nár fhan ord ná eagar ar an éisteacht, agus go raibh sé dodhéanta leanúint ar aghaidh mar ní raibh an luathscríbhneoir in ann an méid a bhí á rá a scríobh síos i gceart.

Iarratas ar dhíbhe

Rinne abhcóide an Fhógrapháirtí, le tacaíocht abhcóide don Fhreagróir, iarratas go ndéanfaí éileamh an larratasóra a dhíbhe ar fhorais a hiompraíochta ar cuireadh síos uirthi mar “bac comhfhiosach d’aon ghnó ar riaradh an cheartais”. Luaigh an t-abhcóide oibleagáid dlíthí don chúirt glacadh le cinntí a bhféadfadh sé nó sí easaontú go mór leo agus cloí leo. Chuir an Fógrapháirtí agus an Freagróir araon i gcoinne an rogha an éisteacht a chur ar atráth. Cé gur thug an chúirt cuireadh don larratasóir freagra a thabhairt ar na haighneachtaí, dhiúltaigh sí é sin a dhéanamh.

Chuir an chúirt in iúl don larratasóir go raibh a hiompar “uafásach” agus go raibh “uafás ar an gcúirt go n-iompródh aon duine, go háirithe aturnae cáilithe, iad féin ar an mbealach sin os comhair na cúirte”. Sheas Bolger J. suas agus chuir sí in iúl go gcuimhneodh sí, ar fhilleadh di, (i) ar an larratasóir a chur as an gcúirt; (ii) ar an larratasóir a fháil chiontach i ndíspeagadh; agus (iii) ar na himeachtaí a dhíbhe.

Nuair a shuigh an chúirt arís, thug Bolger J. cuireadh don larratasóir suí síos agus fanacht ciúin, agus mhínigh sí go ndéanfaí a cuid imeachtaí a dhíbhe dá leanfadh sí lena hiompar roimhe sin. Thairg Bolger J. am don larratasóir chun machnamh agus plé a dhéanamh lena teaghlach. Thosaigh an tlarratasóir ag scairt a hagóidí arís áfach.

Luaigh Bolger J. go raibh sé soiléir go raibh an tlarratasóir meáite ar leanúint ar aghaidh ag cur isteach ar an éisteacht trína hagóidí arna socrú roimh ré a ghlaoch amach agus gur chun stop a chur leis an éisteacht amháin a bhí a hiompar.

Dúirt Bolger J. gur bhreithnigh sí na céimeanna eile a bhain leis an larratasóir a bhaint den chúirt, na himeachtaí a chur ar atráth, nó díspeagadh a fhógairt, ach chinn sí nach raibh aon bhunús le bheith ag súil go ligfeadh aon cheann de na roghanna sin leis an éisteacht leanúint ar aghaidh agus aird chuí á tabhairt ar chearta na n-úsáideoirí cúirte ar fad.

Dlínse na Cúirte maidir le dícháiliú

Luaigh an chúirt go n-eascaíonn dlínse dhúchasach na cúirte ó “nádúr fheidhm bhreithiúnach na cúirte nó ról bunreachtúil na cúirte i riaradh an cheartais” (Mavior i gcoinne Zerko Ltd [2013] IESC 15, [2013] 3 IR 268) agus, mar chuid dá dlínse dhílis, gur féidir léi imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a dhíbhe ar na forais seo a leanas:

- (i) Moill;
- (ii) Sa chás gur tharla mí-úsáid phróisis;
- (iii) Má theipeann ar iarratasóir ina d(h)ualgas nochtadh iomlán a dhéanamh ar na fíorais agus iarratas ex parte ar chead á dhéanamh aige nó aici;
- (iv) Má ardaíonn iarratasóir ceist a bhféadfaí aghaidh a thabhairt uirthi in imeachtaí eile;
- (v) Má bhí iompar an iarratasóra ina chúis lena t(h)eideal ar fhaoiseamh a bhaint;
- (vi) Chun cosc a chur ar ionchúiseamh éileamh cráiteach agus ar mhí-úsáid an phróisis.

Bhí Bolger J. sásta go raibh an chumhacht aici imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh a dhíbhe ar fhorais iompar an iarratasóra.

An ceart chun éisteacht chóir a fháil agus chun oibleagáidí iarmhartacha

Dúirt Bolger J. freisin go n-áirítear i gceart bunreachtúil dlíthí an teidlíocht do nósanna imeachta córa agus an ceart chun éisteacht a fháil. Tá an Freagróir agus an Fógrapháirtí, mar chomhlachtaí corpraithe, i dteideal éisteacht chóir a fháil a éilíonn go léiríonn gach úsáideoir cúirte meas ar a gcearta gan cur isteach orthu. Dá réir sin, ní mór do dhlíthí “fanacht ciúin le linn imeachtaí ionas gur féidir éisteacht le daoine eile, agus ní mór dó nó di glacadh le cinntí a dhéantar le linn éisteachta”. Ní féidir le dlíthí agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnteora tar éis don chinneadh a bheith déanta ná “íde béil a thabhairt don chinnteoir chun féachaint ar a c(h)inneadh arís”.

Téann oibleagáid dlíthí meas a léiriú ar an gcúirt agus ar phróisis chúirte “lena gcearta chun dlíthíochta agus a gcearta ar nósanna imeachta córa”. Thagair Bolger J. do chinneadh na Cúirte Uachtaraí in Walsh i gcoinne an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a dhearbhaíonn nádúr frithpháirteach na gceart agus na n-oibleagáidí sin. Áiríodh ar iompar an larratasóra in Walsh, a bhí “go hiomlán do-ghlactha”, “diúltú dolúbtha glacadh le rialuithe an bhreithimh” agus “cur isteach leanúnach agus áitiú ar a thuairimí féin, go raibh sé deacair don bhreitheamh nó d’aon duine eile fiú labhairt, gan trácht ar ghnó na cúirte a sheoladh”. Dúirt Bolger J. go raibh iompar an larratasóra sa chás seo “cosúil leis an iompar a cháin an Chúirt Uachtarach go láidir in Walsh”.

Ar deireadh, chinn Bolger J. go bhféadfadh dlíthí a c(h)eartha a fheidhmiú ar bhealach a thiocfadh chun bheith ina mhí-úsáid phróisis. I gcás ina bhfaightear amach gur mí-úsáid phróisis é iompar dlíthí, tá dlínse ag an gcúirt na himeachtaí a dhíbhe faoina dlínse dhúchasach. An mí-úsáid phróisis é an t-iompar nó nach ea “braithfidh sé sin ar dhéine an iompair agus d’fhéadfadh sé a bheith ag brath ar an gcomhthéacs inar tharla sé, ag cur san áireamh gur féidir le teannas agus mothúcháin a bheith an-ard le linn éisteachta”.

Mheas Bolger J. go raibh iompar an larratasóra (scairt sí amach agóidí i gcoinne cinneadh a bhí déanta cheana féin agus ní rabhtas in ann leanúint leis an éisteacht) “ina shainmhíniú ar mhí-úsáid phróiseas na cúirte”. Mar gheall ar mhí-úsáid fhollasach an larratasóra de phróiseas na cúirte, in ainneoin gur tugadh am di machnamh a dhéanamh ar a hiompar agus ar na hiarmhairtí a bhain leis, dhiúltaigh Bolger J. éileamh an larratasóra.

Ammi Burke i gcoinne Oifigeach Breithniúcháin agus An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (Freagróir) agus Arthur Cox LLP (Fógrapháirtí) [2023] IEHC 560 (neamhthuairiscithe, An Ard-Chúirt, Bolger J., 16 Deireadh Fómhair 2023)

Eochairfhocail

Athbhreithniú breithiúnach, costais, a.169 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, Ordú 99, Rial 10(3), costais ar bhonn cleachtóra dlí agus cliaint, easaontú ar iompar páirtí.

Cúlra

Dhiúltaigh Bolger J. imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh an larratasóra ar chinneadh an CCÁO a héileamh ar dhífhostú éagórach a dhíbhe mar gheall ar iompar an larratasóra le linn na héisteachta, ar cinneadh gur mí-úsáid phróisis a bhí ann ([2023] IEHC 360).

D’iarr an Freagróir agus an Fógrapháirtí costais na n-imeachtaí ar bhonn cleachtóra dlí agus cliaint.

D’áitigh an tlarratasóir gur sholáthair sí seirbhís phoiblí le linn imeachtaí a thionscnamh agus mar sin nár cheart go mbeadh costais le híoc aici.

Torthaí

Forálann Alt 169 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 go bhfuil an páirtí rathúil in imeachtaí i dteideal a gcostais a fháil ar ais, mura n-ordaíonn an chúirt a mhalairt. Ligeann Ordú 99 le rial 10(3) de Rialacha na Cúirte Uachtaraí do chúirt a ordú go ndéanfar na costais a bhreithniú ar bhonn cleachtóra dlí agus cliaint. Luaigh Bolger J. gur dlínse an-neamhghnách é costais ar bhonn cleachtóra dlí agus cliaint don chúirt a fheidhmiú agus go ginearálta bíonn sí teoranta d’imthosca ina measann an chúirt gur gá a míshástacht le hiompar páirtí a mharcáil.

Chinn an chúirt roimhe sin go raibh iompar an larratasóra le linn na héisteachta ina “mhí-úsáid fhollasach phróisis” agus “go raibh sé deartha chun an éisteacht a stopadh sula bhféadfaí aighneachtaí freasúra a éisteacht go hiomlán”. Luaigh Bolger J. gur ar an larratasóir a bhí an fhreagracht as an gcíor thuathail agus nach raibh sí sásta: go ndearna an tlarratasóir seirbhís phoiblí le himeachtaí a thionscnamh, go raibh an t-iarratas dícháilithe *bona fide*, nó go raibh gníomhartha na cúirte nó iompar abhcóide freasúra ina bhforais gan ordú costais a dhéanamh ina coinne.



Ina theannta sin, luaigh Bolger J. gur chúisigh an tIarratasóir agus baill dá teaghlach an t-abhcóide ón taobh eile as bréaga a insint agus as an gcúirt a chur amú agus go ndearna siad é sin arís agus arís eile. Arís, b'éigean don chúirt deireadh a chur leis an éisteacht faoi na costais mar gheall ar iompar an Iarratasóra agus an cinneadh a thabhairt chun críche bunaithe ar aighneachtaí scríofa.

Mhaígh Bolger J. gur cheart don chúirt a míshástacht faoin gcaoi ar roghnaigh an tIarratasóir í féin a iompar le linn na n-imeachtaí a shonrú agus d'ordaigh sí dá réir sin go n-íocfaidh an tIarratasóir costais an Fhreagróra agus an Fhógrapháirtí i leith an iarratais ar dhícháiliú agus na himeachtaí suntasacha ar bhonn cleachtóra dlí agus cliaint (ach gan costais na tras-scríbhíne agus an iarratais ar chostais ar atráth a áireamh). Níor chuir an chúirt bac ar fhorghníomhú an ordaithe costas.

Jana Gogova i gcoinne an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe, James Donoghue, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Catherine Byrne [2023] IEHC 449 (neamhthuariscithe, An Ard-Chúirt, Phelan J., 21 Iúil 2023)

Eochairfhocail

Athbhreithniú breithiúnach, achomharc reachtúil, leigheas eile.

Cúlra

Lorg an tIarratasóir cead chun imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh i gcoinne an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ("BTC") agus an CCÁO in imeachtaí éagsúla a d'eascair as ordú cinnidh a rinneadh i leith a tionóntachta. Éisteadh leis an iarratas seo ar fhógra.

Sheirbheáil a tiarna talún Fógra Foirceanta ar an Iarratasóir ar an 31 Deireadh Fómhair 2019. Rinne sí agóid i gcoinne bhailíocht an Fhógra sin trí éileamh a thabhairt chuig an mBinse Tionóntachta. Chinn an Binse gur cás gan dealramh a bhí i gcás an Iarratasóra. Rinne an tIarratasóir iarracht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh trí achomharc ar phointe dlí faoin reachtaíocht ábhartha ach theip uirthi é sin a dhéanamh laistigh den teorainn ama d'achomhairc dá leithéid. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt síneadh ama a shocrú, agus rinne an tIarratasóir achomharc chuig an gCúirt Achomhairc i gcoinne an chinnidh sin. Rinneadh é sin a dhíbhe ar an mbonn go bhfuil achomharc chuig an Ard-Chúirt críochnaitheach agus cinntitheach.

Thionscain an tIarratasóir imeachtaí ar leith, ag lorg ordú ag cur síneadh ama leis chun achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Bhinse Tionóntachta ach dhiúltaigh an Ard-Chúirt é sin freisin.

Ar leithligh, rinne an tIarratasóir gearán leis an CCÁO faoin Acht um Stádas Comhionann 2000 ag líomhain idirdhealú ar fhorais éagsúla i gcoinne an BTC. Chinn an tOifigeach Breithniúcháin gur theip ar an tIarratasóir an t-éileamh a thabhairt laistigh den teorainn ama atá leagtha amach san Acht. Ní dhearna an tIarratasóir achomharc i gcoinne an chinnidh sin ach rinne sí iarracht athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an gcinneadh seo in éineacht le cinneadh an Bhinse Tionóntachta. Sna himeachtaí céanna, bhí an tIarratasóir ag iarraidh faoiseamh a fháil i gcoinne a hiar-thiarna talún, i gcoinne an BTC do nósanna imeachta éagóracha, i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte, agus i gcoinne an BTC as imeachtaí forfheidhmithe a thionscnamh ina coinne sa Chúirt Dúiche.

D'áitigh na Freagróirí i gcoinne cead a dheonú chun athbhreithniú breithiúnach a lorg.

Torthaí

Luaigh Phelan J. go n-éilíonn an tástáil ar chead ar iarratasóir cás prima facie nó cás inargóinte a bhunú. D'éiligh sé seo ar iarratasóir a thaispeáint:

- Go bhfuil dóthain suime aige nó aici sa scéal;
- Go mbeadh na fíorais dóthanach, dá gcruthófaí iad, chun tacú le foras sonraithe le haghaidh an fhaoisimh atá á lorg;
- Go bhféadfar cás inargóinte a dhéanamh go bhfuil an t-Iarratasóir i dteideal an fhaoisimh atá á lorg;
- Go ndearnadh an t-Iarratas go pras agus laistigh de na teorainneacha ama iomchuí; agus agus
- Gurb é an t-aon leigheas éifeachtach ná athbhreithniú breithiúnach agus nach bhfuil aon nós imeachta eile níos oiriúnaí.

Luaigh Phelan J. go raibh an t-am caite ag an tIarratasóir chun imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh ar chinntí an Bhinse Tionóntachta agus an CCÁO, toisc nach ndearnadh iad a thionscnamh laistigh de thrí mhí ó na cinntí. Dá réir sin, ní mór don tIarratasóir cúis mhaith leordhóthanach

a thaispeáint ar cheart don chúirt síneadh ama a chur leis. Chinn an chúirt, i gcás nach ndearnadh aon chás inargóinte le haghaidh síneadh ama, nach mbeadh sé ina fheidhmiú cuí ar rogha na cúirte cead a thabhairt. Chinn Phelan J. freisin, i gcás ina bhforáiltear d'achomharc reachtúil, maidir le cinneadh an Bhinse Tionóntachta agus an CCÁO (chuig an gCúirt Oibreachais), "is é an leigheas iomchuí d'éilitheoir a mheasann go bhfuil locht dlíthiúil ar an gcinneadh ná achomharc reachtúil a soláthraíodh chun na críche sin". Chinn sí go raibh achomharc reachtúil nár baineadh leas as in am ina ghné thábhachtach chun cinneadh a dhéanamh ar cheart cead a thabhairt chun athbhreithniú breithiúnach a lorg. Fiú nuair a lorgáitear cead laistigh den teorainn ama trí mhí, is "gné bhreise atá in aghaidh cead a dheonú" é an fhíríc nár baineadh leas as leigheas reachtúil éifeachtach. Bhí Phelan J. sásta go raibh réitigh éifeachtacha mhalartacha ag an Iarratasóir chun agóid a dhéanamh i gcoinne chinntí an Bhinse Tionóntachta agus an CCÁO araon. Dá réir sin, chinn sí nár cleachtadh iomchuí discréide a bheadh ann cead a thabhairt.

Chinn an chúirt nár cuireadh saincheisteanna eile a d'ardaigh an Iarratasóir chun cinn i gceart trí athbhreithniú breithiúnach.

Dhiúltaigh an chúirt an t-Iarratas.



Aguisín

5



Reachtaíocht faoinar féidir gearáin a chur faoi bhráid na Seirbhíse Breithnithe

Rialacháin (Rannpháirtíocht Fostaithe), 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007)

(I.R. Uimh. 157 de 2008)

Ordú fostaíochta earnála de réir bhrí Chaibidil 3 de Chuid 2 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015

An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995

Ordú Rialaithe Fostaíochta faoi A.42C (a cuireadh isteach le A.12 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946

An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001

Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013

An tAcht Carthanas, 2009

Acht Iomaíochta, 2002

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011 ag tabhairt faoi deara go bhfuil an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2018 mar chuid de Sceideal 1 d'Acht 2011

An tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998

An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006

Orduithe Rialaithe Fostaíochta 2022

An tAcht um Stádas Comhionann, 2000

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Am Oibre a Eagrú) (Gníomhaíochtaí Dochtúirí faoi Oiliúint), 2004 (I.R. Uimh. 494 de 2004)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Shoghluaiste san Eitlíocht Shibhialta)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Ghnóthais a Aistriú), 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003) (ach amháin Rialachán 4(4)(a))

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre Oibríthe Soghluaiste atá ag gabháil do Sheirbhísí Trasteorann Idir-inoibrítheacha san Earnáil Iarnróid), 2009 (I.R. Uimh. 377 de 2009)

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Tuairisciú, Anailís agus Obair Leantach ar Theagmhais san Eitlíocht Shibhialta) 2020 (I.R. 195/2020) i ndáil le gearán maidir le sárú ar Airteagal 16(9) de rialacháin AE 376/2014

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha), 2022

An tAcht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013

An tAcht Sláinte, 2004

Na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1990

An tAcht um Iascach Intíre, 2010

An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021

An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994

An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973

An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 An tAcht Ceimiceán, 2008

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998

An tAcht um Íoc Pá (Séisíní agus Aiscí), 2022

An tAcht um Íoc Pá, 1991

Achtanna na bPinsean, 1990

An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011

An tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012

An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967

Comhaontú fostaíochta cláraithe de réir bhrí Chaibidil 2 de Chuid 2 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015

Rialachán 19 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Eorpach) (Páirteachas Fostaithe), 2006 (I.R. Uimh. 623 de 2006)

Rialachán 20(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe), 2007

Rialachán 39(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Thrasteorann), 2008



Rialachán 5, 8, 9, 10, 11 nó 12 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Am Oibre Daoine atá i mBun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar a Eagrú), 2012 (I.R. Uimh. 36 de 2012)

Rialachán 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaíocht a Chosaint), 2000 (I.R. Uimh. 488 de 2000)

Rialacháin, 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994

Na Rialacháin um Fhaisnéis faoin mBearna Pá idir na hInscní 2022

An tAcht um Shaoire Bhreiteachta, 2022

An tAcht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023

An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe, 1996

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977

Nóta Mínithe

Eascaíonn an bonn reachtúil le gearáin agus díospóidí a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an CCÁO le haghaidh breithnithe ó go leor achtacháin éagsúla, lena n-áirítear an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, an tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998, an tAcht um Stádas Comhionann 2000, Acht na bPinsean 1990, an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 agus an tAcht Caidrimh Thionscail 1969.

Tá an bunús reachtúil le gearáin agus díospóidí a tharchur faoi fhormhór na n-achtachán a bhfuil dlínse chéadchéime ag Ard-Stiúrthóir an CCÁO ina leith á rialú le forálacha Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Uimh. 16 de 2015).

Cruthaíonn Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 nós imeachta coiteann chun gearáin a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir an CCÁO agus chun díospóidí a tharchur chuige nó chuici, faoi phíosáí éagsúla reachtaíochta fostaíochta.

Tá na hachtacháin fostaíochta aonair faoina bhféadfaidh duine gearán a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir an CCÁO nó díospóid a tharchur chuige nó chuici, faoi fhorálacha Alt 41, liostaithe i Sceideal 5 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015.

Leasaíodh forálacha Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 le hAlt 24(b) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 329 de 2015) agus Alt 20(1)(g) den Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (I.R. Uimh. 411 de 2015).

Eascaíonn an bunús reachtúil le gearáin a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an CCÁO faoin Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 as Alt 8 den Acht sin (leasaíodh forálacha ábhartha Alt 8 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 le hAlt 80 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 agus Ailt 14 agus 20(1)

(I) den Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015 (I.R. Uimh. 410 de 2015).

Eascaíonn an bunús reachtúil le gearáin a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an CCÁO faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 as Alt 77 den Acht sin (leasaíodh forálacha ábhartha Alt 77 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 le hAlt 83 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015).

Eascaíonn an bunús reachtúil le gearáin a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an CCÁO faoin Acht um Stádas Comhionann 2000 as Alt 21 den Acht sin (leasaíodh forálacha ábhartha Alt 21 den Acht um Stádas Comhionann 2000 le hAlt 84 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015).

Eascaíonn an bunús reachtúil le gearáin a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an CCÁO faoi 44 Acht na bPinsean 1990 as Cuid VII den Acht sin (leasaíodh na forálacha ábhartha de Chuid VII d'Acht na bPinsean 1990 le hAlt 82 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015).

Eascaíonn an bunús reachtúil le gearáin a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an CCÁO faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 as Alt 39 den Acht sin (leasaíodh forálacha ábhartha Alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 le hAlt 76 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015).

Eascaíonn an bunús reachtúil le gearáin a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an CCÁO faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 as Alt 9 den Acht sin (leasaíodh forálacha ábhartha Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 le hAlt 81 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015).

Eascaíonn an bunús reachtúil le díospóid trádála a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an CCÁO faoin Acht Caidrimh Thionscail 1969 as Alt 13 den Acht sin (leasaíodh forálacha ábhartha Alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail 1969 le hAilt 8, 40(9) agus Sceideal 2 Cuid 1 Mír 2 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015).



Aguisín

6



Gearáin curtha faoi bhráid an CCÁO de réir Reachtaíochta

Reachtaíocht a luadh mar Acht um Shásamh le haghaidh Breithnithe	Iomlán
Gearán chun Breithniú a fháil ag Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 6 den Acht um Íoc Pá, 1991	1,856
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 27 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1,790
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 8 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977	1,544
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 77 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	1,308
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 7 den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994	1,182
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969	1,104
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 12 den Acht um Fhógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta, 1973	666
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 39 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	557
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 21 den Acht um Stádas Comhionann, 2000	490
Iarratas ar imscrúdú ó Chigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Íoc Pá, 1991	443
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 13 den Acht Caidrimh Thionscail	360
Iarratas ar imscrúdú ó Chigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	323
Imscrúdú ag Cigire faoin Acht um Íoc Pá, 1991	306

Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal 2 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014	301
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Rialachán 10 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Ghnóthais a Aistriú) 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)	237
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 14 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	204
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 28 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	190
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 45A den Acht Caidrimh Thionscail, 1946	145
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Rialachán 18 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Am Oibre Daoine atá i mBun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair de Bhóthar a Eagrú) 2012 – I.R. Uimh. 36/2012	116
Iarratas ar imscrúdú ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994	79
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 24 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	73
Iarratas ar imscrúdú ó Chigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000.	73
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 23 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015	58
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Shaoire Bhreiteachta 2022	57
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Rialachán 15 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Shoghluaiste san Eitlíocht Shibhialta) 2006 – I.R. Uimh. 507 de 2006	45
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 16 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	43
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 86 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998	35
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 25 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012	32
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 81E d'Acht na bPinsean, 1990 arna leasú leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004	32
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 18 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998	31
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 11A den Acht um Chaomhnú Fostaíochta 1977	29
Iarratas ar imscrúdú ó Chigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.	27
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 30 agus 31 den Acht um Chosaint Mháithreachais 1994	25



Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Chuid 14 Alt 103(55M) den Acht Sláinte, 2007	24
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015	19
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 41 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre	18
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 18A den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	16
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal 2 den Acht um Cheadanna Fostaíochta, 2006	14
Gearán le breithniú ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi alt 85C den Acht um Chomhionannas Fostaíochta	12
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984.	10
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal 2 den Acht um Cheartas Coiriúil 2011	9
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 19 den Acht um Shaoire Cúramóra 2001	9
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 6(1) den Acht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2010	9
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 62(2) den Acht Carthanas 2009	8
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 9 den Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004	8
Iarratas ar imscrúdú ó Chigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996	8
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Chuid 3 Alt 20 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe), 2007	7
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 24 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000	7
Iarratas ar imscrúdú ó Chigire de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaíocht a Chosaint) 2000	7
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi I.R. Uimh. 494 de 2004 agus Clásail 6 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre Oibríthe Soghluaiste atá ag gabháil do Sheirbhísí Trasteorann Idir-inoibritheacha san Eanáil Iarnróid), 2009 – I.R. Uimh. 377 de 2009	5
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 27 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016	5
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 35 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013	5
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 7 den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994.	5

Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal 3 den Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006	4
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 23 den Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora 2019	4
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal III den Acht Iomaíochta, 2002-2010	3
Iarratas ar imscrúdú ag Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997	3
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Rialachán 8 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre Oibríthe Soghluaiste atá ag gabháil do Sheirbhísí Trasteorann Idir-inoibrítheacha san Earnáil Iarnróid), 2009 – I.R. Uimh. 377 de 2009	2
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal 2 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Eorpach) (Páirteachas Fostaithe), 2006	2
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 18 den Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996	2
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 67(5) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011	2
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal 6 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007	1
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal 4 Alt 1(2) den Acht um Iascach Intíre, 2010	1
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Sceideal 5 d'Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013	1
Gearán ag lorg breithiúnais ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi Alt 4 den Acht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998	1
Ceann Eile/Neamhshonraithe	166
Iomlán	14,158



WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

